# Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh

C 341

An t-eagrán Gaeilge

## Faisnéis agus Fógraí

**Imleabhar 66**

**27 Meán Fómhair 2023**


Clár

**PARLAIMINT NA hEORPA**

SEISIÚN 2023-2024

Suíonna ón 29 go dtí an 30 Márta 2023

TÉACSANNA ATÁ GLACTHA

I *Rúin, moltaí agus tuairimí*

RÚIN

**Parlaimint na hEorpa**

**Déardaoin 30. Márta 2023**


2023/C 341/01 Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Márta 2023 2023 ar tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta – Staid an smachta reachta san Aontas Eorpach(2022/2898(RSP)) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 2


II *Faisnéis*

FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

**Parlaimint na hEorpa**

**Déardaoin 30. Márta 2023**


2023/C 341/02 Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Márta 2023 maidir leis an iarraidh ar dhíolúine Anna Júlia Donáth a tharscaoileadh (2022/2208(IMM)) . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . . 3


GA

III *Gníomhartha ullmhúcháin*

**Parlaimint na hEorpa**

**Déardaoin 30. Márta 2023**


2023/C 341/03 P9_TA(2023)0088

Ardán comhoibrithe na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Márta 2023 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ardán comhair chun tacú le feidhmiú na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (COM(2021)0756 – C9-0448/2021 – 2021/0391(COD))

P9_TC1-COD(20201)0391

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 30 Márta 2023 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2023/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ardán comhoibrithe chun tacú le feidhmiú na bhfoirne comhpháirteacha um imscrúdú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 . . . . . . . . . . 5

2023/C 341/04 P9_TA(2023)0089

Bliain Eorpach na Scileanna 2023

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Márta 2023 ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bliain Eorpach na Scileanna 2023 (COM(2022)0526 – C9-0344/2022 – 2022/0326(COD))

P9_TC1-COD(2022)0326

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 30 Márta 2023 chun go nglacfaí Cinneadh (AE) 2023/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bliain Eorpach na Scileanna . . . . . . . . . . 6

2023/C 341/05 P9_TA(2023)0090

Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí

Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Márta 2023 maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/357/CEE ón gComhairle agus Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (COM(2021)0346 – C9-0245/2021 – 2021/0170(COD))

P9_TC1-COD(2021)0170

Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 30 Márta 2023 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2023/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle *agus Treoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 87/357/CEE ón gComhairle . . . . . . . . . . 7

| | | |
|---|---|---|
| 2023/C 341/06 | P9_TA(2023)0091<br><br>Cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn ar obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú<br><br>Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Márta 2023 ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn ar obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe (COM(2021)0093 – C9-0089/2021 – 2021/0050(COD))<br><br>P9_TC1-COD(2021)0050<br><br>Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 30 Márta 2023 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2023/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe | 8 |
| 2023/C 341/07 | Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 30 Márta 2023 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 (COM(2022)0150 – C9-0142/2022 – 2022/0099(COD)) | 10 |
| 2023/C 341/08 | Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 30 Márta 2023 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le substaintí a ídíonn an ciseal ózóin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 (COM(2022)0151 – C9-0143/2022 – 2022/0100(COD)) | 73 |

# PARLAIMINT NA hEORPA

SEISIÚN 2023-2024

Suíonna ón 29 go dtí an 30 Márta 2023

TÉACSANNA ATÁ GLACTHA

**Déardaoin 30. Márta 2023**

I

*(Rúin, moltaí agus tuairimí)*

RÚIN

# PARLAIMINT NA hEORPA

P9_TA(2023)0094

## Tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta – Staid an smachta reachta san Aontas Eorpach

**Rún ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Márta 2023 2023 ar tuarascáil 2022 maidir leis an Smacht Reachta – Staid an smachta reachta san Aontas Eorpach(2022/2898(RSP))**

(2023/C 341/01)

*Níl an téacs seo ar fáil as Gaeilge faoi láthair*

**Déardaoin 30. Márta 2023**

II

*(Faisnéis)*

# FAISNÉIS Ó INSTITIÚIDÍ, Ó CHOMHLACHTAÍ, Ó OIFIGÍ, AGUS Ó GHNÍOMHAIREACHTAÍ AN AONTAIS EORPAIGH

# PARLAIMINT NA hEORPA

P9_TA(2023)0087

## Iarraidh ar dhíolúine Anna Júlia Donáth a tharscaoileadh

**Cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Márta 2023 maidir leis an iarraidh ar dhíolúine Anna Júlia Donáth a tharscaoileadh (2022/2208(IMM))**

(2023/C 341/02)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don iarraidh dar dáta an 21 Deireadh Fómhair 2022 ó Chúirt Dúiche Kecskemét san Ungáir ar tharscaoileadh dhíolúine Anna Júlia Donáth i ndáil le himeachtaí coiriúla arna dtionscnamh ina coinne trí dhíotáil phríobháideach atá ar feitheamh os comhair Chúirt Dúiche Kecskemét, agus a fógraíodh sa suí iomlánach an 24 Samhain 2022,

— ag féachaint don fhíoras gur tharscaoil Anna Júlia Donáth a ceart chun éisteacht a fháil faoi Airteagal 9(6) dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint d'Airteagail 8 agus 9 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, agus d'Airteagal 6(2) d'Ionstraim an 20 Meán Fómhair 1976 maidir le toghadh Fheisirí Pharlaimint na hEorpa trí vótáil chomhchoiteann dhíreach,

— ag féachaint d'Airteagal 4(2) de Dhlí Bunúsach na hUngáire, d'Airteagail 10(2) agus 12(1) d'Ionstraim LVII 2004 um Stádas Dlíthiúil Fheisirí na hUngáire de Pharlaimint na hEorpa agus d'Airteagal 74 d'Acht XXXVI 2012 maidir le Tionól Náisiúnta na hUngáire,

— ag féachaint do na breithiúnais a thug Cúirt Bhreithiúnais an Aontais Eorpaigh an 21 Deireadh Fómhair 2008, an 19 Márta 2010, an 6 Meán Fómhair 2011, an 17 Eanáir 2013 agus an 19 Nollaig 2019 ([1]),

— ag féachaint do Riail 5(2), do Riail 6(1) agus do Riail 9 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla (A9-0071/2023),

A. de bhrí, an 21 Deireadh Fómhair 2022, gur thíolaic Cúirt Dúiche Kecskemét, an Ungáir, iarraidh ar dhíolúine pharlaiminteach Anna Júlia Donáth, Feisire de Pharlaimint na hEorpa arna toghadh san Ungáir, a tharscaoileadh, i gcomhthéacs na n-imeachtaí coiriúla mar gheall ar chlúmhilleadh arna dtionscnamh ina coinne trí dhíotáil phríobháideach; de bhrí go n-áirítear iarraidh roimhe sin san iarraidh ar dhíolúine Anna Júlia Donáth a tharscaoileadh ag an gCúirt Dúiche chéanna, dar dáta an 28 Meitheamh 2022, ar cosúil, áfach, nach bhfuair Parlaimint na hEorpa riamh í;

([1]) Breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 21 Deireadh Fómhair 2008, *Marra* v *De Gregorio agus Clemente*, C-200/07 agus C-201/07, ECLI:EU:C:2008:579; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 19 Márta 2010, *Gollnisch* v *Parlaimint*, T-42/06, ECLI:EU:T:2010:102; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 6 Meán Fómhair 2011, *Patriciello*, C 163/10, ECLI: AE:C:2011:543; breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 17 Eanáir 2013, *Gollnisch* v *an Pharlaimint*, T-346/11 agus T-347/11, ECLI:EU:T:2013:23; breithiúnas ón gCúirt Bhreithiúnais an 19 Nollaig 2019, *Junqueras Vies*, C-502/19, ECLI:EU:C:2019:1115.

B. de bhrí, an 20 Eanáir 2022, gur foilsíodh i nuachtán ar líne an pháirtí agus ar a leathanach Facebook ráiteas ó Choiste Feidhmiúcháin Momentum Mozgalom Párt (páirtí Gluaiseachta Momentum) ina ndéantar tagairt do bhallraíocht pháirtí an éilitheora a chur ar fionraí, á líomhain gur tharla an fhionraí sin tar éis sraith sáruithe eiticiúla ag an éilitheoir; de bhrí go ndealraíonn sé, idir an 21 Samhain 2021 agus an 29 Bealtaine 2022, go raibh Anna Júlia Donáth ina hUachtarán ar Choiste Feidhmiúcháin Momentum Mozgalom Párt;

C. de bhrí, an 31 Eanáir 2022, gur thug an t-éilitheoir caingean phríobháideach os comhair Chúirt Dúiche Kecskemét i gcoinne Anna Júlia Donáth, ina cáil mar uachtarán ar Choiste Feidhmiúcháin Momentum Mozgalom Párt, ag éileamh chion reachtúil an chlúmhillte phoiblí, de bhun Airteagal 226(2)(b) d'Acht C 2012 maidir le Cód Coiriúil na hUngáire; de bhrí, de bhun Airteagal 231(2) de Chód Coiriúil na hUngáire, nach bhféadfar an cion sin a phionósú ach amháin i gcomhthéacs gníomhaíocht phríobháideach;

D. de bhrí gurb é is cuspóir do dhíolúine pharlaiminteach ná Parlaimint na hEorpa agus a Fheisirí a chosaint ar imeachtaí dlíthiúla a bhaineann le gníomhaíochtaí a dhéantar agus dualgais pharlaiminteacha á gcomhlíonadh agus nach féidir a scaradh ó na dualgais sin;

E. de bhrí nach ionann an cion líomhnaithe agus tuairim a tugadh nó vóta a caitheadh i gcomhlíonadh dhualgais Anna Júlia Donáth mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa de réir bhrí Airteagal 8 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh; de bhrí go mbaineann an cion líomhnaithe le gníomhaíochtaí de chineál náisiúnta, arna gcur i gcrích ina cáil mar uachtarán ar a páirtí náisiúnta;

F. de bhrí, de bhun Airteagal 9 de Phrótacal Uimh. 7 ar Phribhléidí agus Díolúintí an Aontais Eorpaigh, go dteachtann Feisirí de Pharlaimint na hEorpa, i gcríoch a Stáit féin, na díolúintí a thugtar do chomhaltaí pharlaimint a dtíre, agus i gcríoch aon Bhallstáit eile, díolúine ó aon bheart coinneála agus ó aon imeachtaí dlíthiúla; de bhrí nach féidir díolúine a éileamh nuair a gheofar Feisire i mbun cion a dhéanamh ná nach gcoisceann sí Parlaimint na hEorpa óna ceart a fheidhmiú chun díolúine duine dá Feisirí a tharscaoileadh.

G. de bhrí, de réir Airteagal 4(2) de Dhlí Bunúsach na hUngáire, go mbeidh comhaltaí de Pharlaimint na hUngáire i dteideal díolúine; de bhrí, de réir Airteagal 10(2) d'Ionstraim LVII 2004 um Stádas Dlíthiúil Fheisirí Pharlaimint na hEorpa, go bhfuil Feisirí de Pharlaimint na hEorpa i dteideal díolúine is ionann agus díolúine chomhaltaí Pharlaimint na hUngáire, agus de bhrí, de réir Airteagal 12(1) den ghníomh céanna, go dtiocfaidh an cinneadh díolúine Feisire de Pharlaimint na hEorpa a fhionraí faoi inniúlacht Pharlaimint na hEorpa; de bhrí, de bhun Airteagal 74(1) d'Acht XXXVI 2012 maidir le Tionól Náisiúnta na hUngáire, nach féidir imeachtaí coiriúla a thionscnamh ach amháin i gcoinne an Fheisire le toiliú roimh ré ón Tionól Náisiúnta;

H. de bhrí nár aimsigh an Pharlaimint, sa chás seo, aon fhianaise ar *fumus persecutionis*, is é sin, na gnéithe fíorasacha a thugann le fios go bhféadfadh sé gurb é rún an nós imeachta dlíthiúil ná dochar a dhéanamh do ghníomhaíocht pholaitiúil ina cáil mar Fheisire de Pharlaimint na hEorpa;

I. de bhrí gur faoi Pharlaimint na hEorpa amháin atá sé a chinneadh cibé acu a tharscaoilfidh sí nó nach dtarscaoilfidh sí díolúine i gcás ar leith; de bhrí gur féidir le Parlaimint na hEorpa seasamh an Fheisire a chur san áireamh go réasúnach chun a chinneadh cibé acu a dhéanfaidh sí nó nach ndéanfaidh sí a dhíolúine a tharscaoileadh ([2]); de bhrí go ndúirt Anna Júlia Donáth nach ndéanann sí agóid i gcoinne a díolúine pharlaiminteach a tharscaoileadh;

J. de bhrí nach féidir le Parlaimint na hEorpa ról cúirte a ghlacadh, agus de bhrí nach féidir, i nós imeachta um dhíolúine a tharscaoileadh, Feisire a mheas mar chosantóir ([3]);

1. á chinneadh díolúine Anna Júlia Donáth a tharscaoileadh;

2. á threorú dá hUachtarán an cinneadh seo agus tuarascáil a coiste fhreagraigh a chur ar aghaidh láithreach chuig údarás inniúil na hUngáire agus chuig Anna Júlia Donáth.

---

([2]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 15 Deireadh Fómhair 2008, *Mote* v *Parlaimint*, T-345/05, ECLI:EU:T:2008:440, pointe 28;

([3]) Breithiúnas ón gCúirt Ghinearálta an 30 Aibreán 2019, *Briois* v *Parlaimint*, T-214/18, ECLI:EU:T:2019:266;

III

*(Gníomhartha ullmhúcháin)*

# PARLAIMINT NA HEORPA

P9_TA(2023)0088

## Ardán comhoibrithe na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Márta 2023 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ardán comhair chun tacú le feidhmiú na bhFoirne Comhpháirteacha um Imscrúdú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726 (COM(2021)0756 – C9-0448/2021 – 2021/0391(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

(2023/C 341/03)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0756),

— ag féachaint d’Airteagal 294(2) agus d’Airteagal 82(1), an dara fomhír, pointe (d) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0448/2021),

— ag féachaint d’Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint don chomhaontú sealadach a d’fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 20 Nollaig 2022 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Shaoirsí Sibhialta, um Cheartas agus um Ghnóthaí Baile (A9-0245/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

**P9_TC1-COD(20201)0391**

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 30 Márta 2023 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2023/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle lena mbunaítear ardán comhoibrithe chun tacú le feidhmiú na bhfoirne comhpháirteacha um imscrúdú agus lena leasaítear Rialachán (AE) 2018/1726**

*(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2023/969.)*

---

**Déardaoin 30. Márta 2023**

P9_TA(2023)0089

## Bliain Eorpach na Scileanna 2023

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Márta 2023 ar an togra le haghaidh cinneadh ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bliain Eorpach na Scileanna 2023 (COM(2022)0526 – C9-0344/2022 – 2022/0326(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

(2023/C 341/04)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2022)0526),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 149 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0344/2022),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 15 Nollaig 2022 [1],

— tar éis di dul i gcomhairle le Coiste na Réigiún,

— ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 17 Márta 2023 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don litir ón gCoiste um Chultúr agus um Oideachas,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta (A9-0028/2023),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

## P9_TC1-COD(2022)0326

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 30 Márta 2023 chun go nglacfaí Cinneadh (AE) 2023/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le Bliain Eorpach na Scileanna**

*(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Cinneadh (AE) 2023/936.)*

[1] IO C 100, 16.3.2023, lch. 123.

**Déardaoin 30. Márta 2023**

P9_TA(2023)0090

## Rialachán maidir le Sábháilteacht Ghinearálta Táirgí

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Márta 2023 maidir leis an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, agus lena n-aisghairtear Treoir 87/357/CEE ón gComhairle agus Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (COM(2021)0346 – C9-0245/2021 – 2021/0170(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

(2023/C 341/05)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0346),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 114 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a thíolaic an Coimisiún an togra do Pharlaimint na hEorpa (C9-0245/2021),

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 20 Deireadh Fómhair 2021 ([1]),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 21 Nollaig 2022 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Rialacha 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuairim ón gCoiste um Ghnóthaí Dlíthiúla,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um an Margadh Inmheánach agus um Chosaint an Tomhaltóra (A9-0191/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

3. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

## P9_TC1-COD(2021)0170

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 30 Márta 2023 chun go nglacfaí Rialachán (AE) 2023/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le sábháilteacht ghinearálta táirgí, lena leasaítear Rialachán (AE) Uimh. 1025/2012 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle *agus Treoir (AE) 2020/1828 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle* agus lena n-aisghairtear Treoir 2001/95/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Treoir 87/357/CEE ón gComhairle**

*(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Rialachán (AE) 2023/988)*

---

([1]) IO C 105, 4.3.2022, lch. 99.

**Déardaoin 30. Márta 2023**

P9_TA(2023)0091

## Cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn ar obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú

**Rún reachtach ó Pharlaimint na hEorpa an 30 Márta 2023 ar an togra le haghaidh treoir ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn ar obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe (COM(2021)0093 – C9-0089/2021 – 2021/0050(COD))**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

(2023/C 341/06)

*Tá Parlaimint na hEorpa,*

— ag féachaint don togra ón gCoimisiún chuig Parlaimint na hEorpa agus chuig an gComhairle (COM(2021)0093),

— ag féachaint d'Airteagal 294(2) agus d'Airteagal 157(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, ar dá mbun a chuir an Coimisiún an togra faoi bhráid na Parlaiminte (C9-0089/2021),

— ag féachaint d'Airteagal 294(3) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do thuairim ó Choiste Eacnamaíoch agus Sóisialta na hEorpa an 9 Meitheamh 2021 ([1]),

— ag féachaint don chomhaontú sealadach a d'fhormheas an coiste freagrach faoi Riail 74(4) dá Rialacha Nós Imeachta agus don gheallúint a thug ionadaí na Comhairle i litir dar dáta an 21 Nollaig 2022 go ndéanfadh sí seasamh Pharlaimint na hEorpa a fhormheas, i gcomhréir le hAirteagal 294(4) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

— ag féachaint do Riail 59 dá Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint do chomhphléití an Choiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus an Choiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne faoi Riail 58 de na Rialacha Nós Imeachta,

— ag féachaint don tuarascáil ón gCoiste um Fhostaíocht agus um Ghnóthaí Sóisialta agus ón gCoiste um Chearta na mBan agus um Chomhionannas Inscne (A9-0056/2022),

1. ag glacadh a seasaimh ar an gcéad léamh faoi mar a leagtar amach ina dhiaidh seo é;

2. ag tabhairt dá haire an ráiteas ón gCoimisiún atá i gceangal leis an rún seo;

3. á iarraidh ar an gCoimisiún an t-ábhar a tharchur chuig Parlaimint na hEorpa arís má dhéanann sé téacs eile a chur in ionad a thogra, má dhéanann sé a thogra a leasú go substaintiúil nó má tá sé ar intinn aige a thogra a leasú go substaintiúil;

4. á threorú dá hUachtarán a seasamh a chur ar aghaidh chuig an gComhairle, chuig an gCoimisiún agus chuig na parlaimintí náisiúnta.

---

## P9_TC1-COD(2021)0050

**Seasamh ó Pharlaimint na hEorpa arna ghlacadh ar an gcéad léamh an 30 Márta 2023 chun go nglacfaí Treoir (AE) 2023/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle chun cur i bhfeidhm phrionsabal an phá chomhionainn as obair chomhionann nó obair ar comhionann a luach idir fir agus mná a neartú trí shásraí trédhearcachta pá agus forfheidhmithe**

*(Ós rud é gur tháinig an Pharlaimint agus an Chomhairle ar chomhaontú, comhfhreagraíonn seasamh na Parlaiminte don ghníomh reachtach críochnaitheach, Treoir (AE) 2023/970.)*

---

([1]) IO C 341, 24.8.2021, lch. 84.

**Déardaoin 30. Márta 2023**

IARSCRÍBHINN A GHABHANN LEIS AN RÚN REACHTACH

Ráiteas ón gCoimisiún

Tugann an Coimisiún dá aire an comhréiteach ar thángthas air idir na comhreachtóirí maidir le tréimhse trasuímh trí bliana le haghaidh theacht i bhfeidhm na rialacha nua maidir le trédhearcacht pá. Ba mhaith leis an gCoimisiún a chur in iúl nár cheart breathnú ar an diall sin ón tréimhse trasuímh chaighdeánach dhá bhliain mar fhasach. Níl sé d'aidhm aige ach a áirithiú go mbeidh struchtúir phá neamh-idirdhealaitheacha i bhfeidhm ag fostóirí ionas go n-áiritheofar na rialacha nua a chur i bhfeidhm ina n-iomláine ar am an trasuímh.

**Déardaoin 30. Márta 2023**

P9_TA(2023)0092

# Rialachán maidir le gáis fhluairínithe

**Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 30 Márta 2023 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 (COM(2022)0150 – C9-0142/2022 – 2022/0099(COD)) ([1])**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

(2023/C 341/07)

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) Leis an gComhaontú Glas don Eoraip seoladh straitéis nua fáis don Aontas a bhfuil sé d'aidhm aici sochaí chothrom rathúil a dhéanamh den Aontas, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha agus iomaíoch, a bheidh tíosach ó thaobh acmhainní de. Athdhearbhaítear leis an gcomhaontú uaillmhian an Choimisiúin chun ***a spriocanna aeráide a mhéadú agus chun*** go mbeidh an Eoraip ar an gcéad ilchríoch aeráidneodrach faoi 2050 agus tá sé d'aidhm leis sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ó rioscaí agus ó thionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. Thairis sin, tá an tAontas tiomanta do Chlár Oibre 2030 ***na Náisiún Aontaithe*** don Fhorbairt Inbhuanaithe agus ***do na*** Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe ***a ghabhann leis***. | (1) Leis an gComhaontú Glas don Eoraip seoladh straitéis nua fáis don Aontas a bhfuil sé d'aidhm aici sochaí chothrom rathúil a dhéanamh den Aontas, ina mbeidh geilleagar nua-aimseartha agus iomaíoch, a bheidh tíosach ó thaobh acmhainní de. Athdhearbhaítear leis an gcomhaontú uaillmhian an Choimisiúin chun go mbeidh an Eoraip ar an gcéad ilchríoch aeráidneodrach ***agus lena mbaineann truailliú nialasach*** faoi 2050 agus tá sé d'aidhm leis sláinte agus folláine na saoránach a chosaint ó rioscaí agus ó thionchair a bhaineann leis an gcomhshaol. Thairis sin, tá an tAontas tiomanta do ***Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([1a]) ('an Dlí Aeráide Eorpach'), don 8ú Clár Gníomhaíochta don Chomhshaol, agus do*** Chlár Oibre 2030 don Fhorbairt Inbhuanaithe agus ***dá*** Spriocanna Forbartha Inbhuanaithe. |
| | ([1a]) ***Rialachán (AE) 2021/1119 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 30 Meitheamh 2021 lena mbunaítear an creat chun aeráidneodracht a bhaint amach agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 401/2009 agus (AE) 2018/1999 ('An Dlí Aeráide Eorpach') (IO L 243, 9.7.2021, lch. 1).*** |

([1]) Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 59(4), an ceathrú fomhír (A9-0048/2023).

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (3) Glacadh Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [26] chun an méadú in astaíochtaí gás ceaptha teasa fluairínithe a aisiompú. Mar a léiríodh sa mheasúnú arna ullmhú ag an gCoimisiún, is é a bhí mar thoradh ar Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 laghdú ó bhliain go bliain ar astaíochtaí gás ceaptha teasa fluairínithe. Tá soláthar hidreafluaracarbón ('HFCanna') laghdaithe 37 % i dtonaí méadracha agus 47 % i dtéarmaí tonaí de choibhéis $CO_2$ ó 2015 go 2019. Is léir go bhfuil athrú freisin maidir le húsáid roghanna malartacha le hacmhainneacht téite domhanda níos ísle, lena n-áirítear roghanna malartacha nádúrtha (mar shampla $CO_2$, amóinia, hidreacarbóin, uisce). in go leor cineálacha éagsúla trealaimh a d'úsáid gáis ceaptha teasa fhluairínithe go stairiúil | (3) Glacadh Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [26] chun an méadú in astaíochtaí gás ceaptha teasa fluairínithe a aisiompú. Mar a léiríodh sa mheasúnú arna ullmhú ag an gCoimisiún, is é a bhí mar thoradh ar Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 laghdú ó bhliain go bliain ar astaíochtaí gás ceaptha teasa fluairínithe. Tá soláthar hidreafluaracarbón ('HFCanna') laghdaithe 37 % i dtonaí méadracha agus 47 % i dtéarmaí tonaí de choibhéis $CO_2$ ó 2015 go 2019. Is léir go bhfuil athrú freisin maidir le húsáid roghanna malartacha le hacmhainneacht téite domhanda níos ísle, lena n-áirítear roghanna malartacha nádúrtha (mar shampla ***aer,*** $CO_2$, amóinia, hidreacarbóin, uisce). in go leor cineálacha éagsúla trealaimh a d'úsáid gáis ceaptha teasa fhluairínithe go stairiúil |
| (26) Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le gáis cheaptha teasa fhluairínithe (IO L 150, 20.5.2014, lch. 195). | (26) Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Aibreán 2014 maidir le gáis cheaptha teasa fhluairínithe (IO L 150, 20.5.2014, lch. 195). |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(4a) Beartaítear le Plean RePowerEU go ndéanfar 20 milliún teaschaidéal nua sa bhreis a shuiteáil san Aontas faoi 2026 agus beagnach 60 milliún faoi 2030. Ba cheart céimniú síos iomlán HFC a bheith ann tráth nach déanaí ná 2050 a bheadh i gcomhréir le huaillmhianta éifeachtúlachta fuinnimh an Aontais agus a bheadh comhlántach leo mar a leagtar síos iad, i measc nithe eile, sa Chomhaontú Glas don Eoraip, sa Treoir maidir le hÉifeachtúlacht Fuinnimh (2012/27/EU), sa Treoir maidir le Feidhmíocht Fuinnimh Foirgneamh (Treoir 2010/31/AE) agus i bPlean RePowerEU, lena n-áirítear glacadh feidhmeanna aisghabhála fuíollteasa a bhfuil tionchar íseal acu ar an aeráid, amhail teaschaidéil, chomh maith le hinfheistíochtaí sa leictriú, leathnú na heangaí cumhachta agus úsáid mhéadaithe ceallraí san earnáil fuinnimh agus iompair.*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 6 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6b) Tá sé an-tábhachtach go gcuirfidh an Coimisiún céimniú amach HFCanna san áireamh ina thograí reachtacha atá le teacht, amhail san athbhreithniú ar Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú, agus Srianadh Ceimiceán ('Rialachán REACH') maidir le céimniú amach substaintí sárfhluarailcile agus polafluarailcile (PFAS).*** |

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Chun comhleanúnachas a áirithiú leis na ceanglais tuairiscithe faoin bPrótacal, ba cheart acmhainneachtaí téite domhanda HFCanna a ríomh i dtéarmaí ***phoitéinseal téimh dhomhanda*** 100 bliain aon chileagraim gáis i gcoibhneas le cileagram amháin $CO_2$ bunaithe ar an gCeathrú Tuarascáil Mheasúnaithe a ghlac IPCC. I gcás substaintí eile, ba cheart an Tuarascáil Mheasúnaithe IPCC is déanaí a úsáid. I gcás ina mbeidh sí ar fáil, ba cheart an acmhainneacht téite domhanda 20 bliain a sholáthar chun eolas níos fearr a thabhairt faoi thionchair aeráide na substaintí a chumhdaítear leis an Rialachán seo. | (7) Chun comhleanúnachas a áirithiú leis na ceanglais tuairiscithe faoin bPrótacal, ba cheart acmhainneachtaí téite domhanda HFCanna a ríomh i dtéarmaí ***acmhainneacht téite domhanda*** 100 bliain aon chileagraim gáis i gcoibhneas le cileagram amháin $CO_2$ bunaithe ar an gCeathrú Tuarascáil Mheasúnaithe a ghlac IPCC. I gcás substaintí eile, ba cheart an Tuarascáil Mheasúnaithe IPCC is déanaí a úsáid. I gcás ina mbeidh sí ar fáil, ba cheart an acmhainneacht téite domhanda 20 bliain a sholáthar chun eolas níos fearr a thabhairt faoi thionchair aeráide na substaintí a chumhdaítear leis an Rialachán seo. ***Ba cheart don Choimisiún tacú do nuashonrú ar an leibhéal idirnáisiúnta a dheanamh ar luachanna GWP na ngás ceaptha teasa fluairínithe i gcomhréir leis an Séú Tuarascáil Mheasúnaithe arna glacadh ag IPCC.*** |

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (8) Is sárú tromchúiseach ar an Rialachán seo scaoileadh substaintí fluairínithe d'aon ghnó, i gcás ina mbeidh sé neamhdhleathach, agus ba cheart go mbeadh toirmeasc sainráite air; ba cheart go mbeadh sé d'oibleagáid ar oibreoirí trealaimh agus monaróirí trealaimh sceitheadh substaintí den sórt sin a chosc a mhéid agus is féidir, lena n-áirítear trí scrúdú le haghaidh sceite a dhéanamh ar an trealamh is ábhartha. | (8) Is sárú tromchúiseach ar an Rialachán seo scaoileadh substaintí fluairínithe d'aon ghnó, i gcás ina mbeidh sé neamhdhleathach, agus ba cheart go mbeadh toirmeasc sainráite air; ba cheart go mbeadh sé d'oibleagáid ar oibreoirí trealaimh agus monaróirí trealaimh sceitheadh substaintí den sórt sin a chosc a mhéid agus is féidir, lena n-áirítear trí scrúdú le haghaidh sceite a dhéanamh ar an trealamh is ábhartha ***agus trí chórais braite sceite a shuiteáil de réir a chéile, lena n-áirítear ar theaschaidéil chónaitheacha, lena gcuirfí cosc ar chuisneáin dhíobhálacha a scaoileadh san atmaisféar, lena gcabhrófaí le húsáideoirí a dtionchar ar an gcomhshaol a íoslaghdú, chomh maith le marthanacht agus éifeachtúlacht fuinnimh na bhfearas a mhéadú***. |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (9) Ós rud é go bhféadfadh astaíochtaí suntasacha de gháis ceaptha teasa fhluairínithe eile a tháirgtear mar sheachtháirgí a bheith mar thoradh ar phróiseas táirgthe roinnt comhdhúile fluairínithe, ba cheart na hastaíochtaí seachtháirgí sin a ***scriosadh*** nó a aisghabháil lena n-úsáid ina dhiaidh sin mar choinníoll chun gáis ceaptha teasa fhluairínithe a chur ar an. margadh. Ba cheart ***é a bheith de cheanglas*** ar tháirgeoirí agus ar allmhaireoirí ***taifead a dhéanamh ar na*** bearta ***a glacadh*** chun ***cosc a chur ar*** astaíochtaí trífhluaraimeatáin le linn an phróisis táirgthe. | (9) Ós rud é go bhféadfadh astaíochtaí suntasacha de gháis ceaptha teasa fhluairínithe eile a tháirgtear mar sheachtháirgí a bheith mar thoradh ar phróiseas táirgthe roinnt comhdhúile fluairínithe, ba cheart na hastaíochtaí seachtháirgí sin a ***dhíothú*** nó a aisghabháil lena n-úsáid ina dhiaidh sin mar choinníoll chun gáis ceaptha teasa fhluairínithe a chur ar an margadh ***i gcomhréir leis an bPrótacal***. Ba cheart ***a cheangal*** ar tháirgeoirí agus ar allmhaireoirí bearta ***maolaithe arna nglacadh*** chun astaíochtaí trífhluaraimeatáin ***a chosc*** le linn an phróisis táirgthe ***agus cruthúnas ar an scriosadh agus ar an aisghabháil a dhoiciméadú i gcomhréir leis na teicnící is fearr atá ar fáil***. |

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (10) Chun astaíochtaí de shubstaintí fluairínithe a chosc, is gá forálacha a leagan síos maidir le substaintí a aisghabháil ó tháirgí agus trealamh agus maidir le sceite substaintí den sórt sin a chosc. Ba cheart cúir ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a chóireáil i gcomhréir le Treoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [30]. Ba cheart oibleagáidí aisghabhála a leathnú chuig úinéirí agus conraitheoirí foirgníochta agus cúir áirithe á mbaint ó fhoirgnimh, chun laghduithe astaíochtaí a uasmhéadú. | (10) Chun astaíochtaí de shubstaintí fluairínithe a chosc, is gá forálacha a leagan síos maidir le substaintí a aisghabháil ó tháirgí agus trealamh agus maidir le sceite substaintí den sórt sin a chosc. Ba cheart cúir ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a chóireáil i gcomhréir le Treoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [30]. Ba cheart oibleagáidí aisghabhála a leathnú chuig úinéirí agus conraitheoirí foirgníochta agus cúir áirithe á mbaint ó fhoirgnimh, chun laghduithe astaíochtaí a uasmhéadú. ***Ní mór scéimeanna dramhthrealaimh leictrigh agus leictreonaigh sna Ballstáit a fheabhsú go mór chun aisghabháil, athchúrsáil agus athshlánú cuisneán a éascú ar bhealach níos fearr, lena n-áirítear teaschaidéil chónaitheacha.*** |

([30]) Treoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL) (IO L 197, 24.7.2012, lch. 38).

([30]) Treoir 2012/19/AE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 4 Iúil 2012 maidir le dramhthrealamh leictreach agus leictreonach (DTLL) (IO L 197, 24.7.2012, lch. 38).

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10a) D'ainneoin GWP ard agus úsáid mhéadaitheach fluairíde sulfairile, ní dhearnadh rialáil ná faireachán ar astaíochtaí an gháis cheaptha teasa fhluairínithe sin agus ní chumhdaítear iad le haon cheanglais tuairiscithe faoi Chomhaontú Pháras. Ó 2025 ar aghaidh, ba cheart d'oibreoirí a áirithiú go ndéanfar fluairíd sulfairile a aisghabháil tar éis toitrithe, más indéanta go teicniúil í agus mura bhfuil costas díréireach ag baint léi.*** |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 10 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10b) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go mbunófar scéimeanna freagrachta táirgeora chun gáis ceaptha teasa fhluairínithe a bhfuil a ré caite a chóireáil. Ba cheart don Choimisiún íoscheanglais a leagan amach do na scéimeanna freagrachta táirgeora sin, lena n-áirítear maidir le bailiú, mínghlanadh, athchúrsáil, saoráidí diúscartha, soláthar trealaimh do theicneoirí deimhnithe, tuairisciú agus ardú feasachta.*** |

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) Chun úsáid teicneolaíochtaí nach bhfuil aon tionchar acu nó nach bhfuil tionchar níos lú acu ar an aeráid a spreagadh, ar teicneolaíochtaí iad a d'fhéadfadh a bheith i gceist le húsáid substaintí atá tocsaineach, inadhainte nó an-bhrúchóirithe, ba cheart go ***gcumhdófaí le hoiliúint*** daoine nádúrtha a chuireann gníomhaíochtaí a bhaineann le gáis ceaptha teasa fhluairínithe i gcrích teicneolaíochtaí a thagann in ionad úsáid gás ceaptha teasa fluairínithe nó a laghdaíonn úsáid na ngás ceaptha teasa fluairínithe***, lena n-áirítear*** faisnéis faoi ghnéithe éifeachtúlachta fuinnimh agus faoi na rialacháin agus na caighdeáin theicniúla is infheidhme. Maidir le cláir deimhniúcháin agus oiliúna arna mbunú faoi Rialachán (AE) Uimh. 517/2014, ar féidir iad a chomhtháthú i gcórais náisiúnta gairmoiliúna, ba cheart iad a athbhreithniú nó a chur in oiriúint do theicneoirí cumasúcháin chun teicneolaíochtaí malartacha a láimhseáil go sábháilte. | (11) Chun úsáid teicneolaíochtaí nach bhfuil aon tionchar acu nó nach bhfuil tionchar níos lú acu ar an aeráid a spreagadh, ar teicneolaíochtaí iad a d'fhéadfadh a bheith i gceist le húsáid substaintí atá tocsaineach, inadhainte nó an-bhrúchóirithe, ba cheart ***do na Ballstáit a áirithiú*** go ***bhfuil líon ard*** daoine nádúrtha ***ann atá oilte agus deimhnithe*** a chuireann gníomhaíochtaí a bhaineann le gáis ceaptha teasa fhluairínithe i gcrích ***agus le*** teicneolaíochtaí a thagann in ionad úsáid gás ceaptha teasa fluairínithe nó a laghdaíonn úsáid na ngás ceaptha teasa fluairínithe***. Ba cheart go n-áiritheofar san oiliúint*** faisnéis faoi ghnéithe éifeachtúlachta fuinnimh agus faoi na rialacháin agus na caighdeáin theicniúla is infheidhme. Maidir le cláir deimhniúcháin agus oiliúna arna mbunú faoi Rialachán (AE) Uimh. 517/2014, ar féidir iad a chomhtháthú i gcórais náisiúnta gairmoiliúna, ba cheart iad a athbhreithniú nó a chur in oiriúint do theicneoirí cumasúcháin chun teicneolaíochtaí malartacha a láimhseáil go sábháilte. |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(11a) I mí na Bealtaine 2022, thíolaic an Coimisiún Eorpach Plean RePowerEU, mar fhreagairt ar an gcruatan agus ar an míshocracht sa mhargadh fuinnimh domhanda arb é ionradh na Rúise ar an Úcráin ba chúis leis, agus é mar aidhm leis an bhfreagairt sin deireadh a chur le spleáchas an Aontais ar bhreoslaí iontaise na Rúise agus dul i ngleic leis an ngéarchéim aeráide. Tá sprioc sa Phlean chun 10 milliún teaschaidéal hidreaneacha a rolladh amach faoi 2027 agus chun an ráta úsáide teaschaidéal a dhúbailt faoi 2030. Cé gur thosaigh tionscal na dteaschaidéal ag infheistiú i roghanna eile HFC, d'fhéadfadh sé a bheith dúshlánach táirgeadh teaschaidéal atá bunaithe ar HFC a ionadú go tapa le roghanna malartacha nádúrtha agus an méid teaschaidéal ar a ndíríonn RePowerEU a sheachadadh ar an margadh. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún dlúthfhaireachán a dhéanamh ar fhorbairtí sa mhargadh agus ba cheart dó méid breise de chuótaí HFC a sholáthar do thionscal na teaschaidéal, i gcás ina gcruthaíonn laghdú céimnitheach an chuóta HFC a leagtar amach in Iarscríbhinn VII míshocrachtaí i margadh teaschaidéil an Aontais a mhéid a chuirfeadh baint amach spriocanna imlonnaithe teaschaidéil RePowerEU i mbaol.*** |

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 11 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| | ***(11b) Mar thoradh ar an aistriú i dtreo roghanna malartacha hidreafluaracarbóin a úsáid, laghdófar costais do ghnóthais mar thoradh ar cheannach chuótaí HFC a seachaint, agus spreagfaidh sé nuálaíocht agus fostaíocht ghlas. Ba cheart do na Ballstáit, áfach, aistriú cothrom agus cóir a áirithiú, gan aon duine a fhágáil ar leataobh, don phearsanra atá fostaithe ag gnóthais nach n-éiríonn leo san aistriú chuig roghanna malartacha nádúrtha.*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Toirmisc atá ann faoi láthair maidir le húsáidí sonracha heicseafluairíd sulfair, an tsubstaint is díobhálaí i leith na haeráide atá ar ár n-eolas, ba cheart iad a choinneáil agus a chomhlánú le toirmisc bhreise maidir leis an úsáid in earnáil ríthábhachtach an dáilte fuinnimh. | (12) Toirmisc atá ann faoi láthair maidir le húsáidí sonracha heicseafluairíd sulfair, an tsubstaint is díobhálaí i leith na haeráide atá ar ár n-eolas, ba cheart iad a choinneáil agus a chomhlánú le toirmisc bhreise maidir leis an úsáid in earnáil ríthábhachtach an dáilte fuinnimh. ***Ní cheanglaítear leis an Rialachán seo lascthrealamh atá suiteáilte cheana féin san eangach chumhachta a athsholáthar ar na dátaí a léirítear in Iarscríbhinn IV. Níor cheart ceangal a chur ar oibreoirí eangaí lascthrealamh nua a shuiteáil a chomhlíonann na ceanglais a leagtar amach san Iarscríbhinn sin ach amháin nuair a chinneann siad, amhail ó na dátaí a shonraítear inti, lascthrealamh atá suiteáilte cheana féin a athsholáthar nó lascthrealamh breise a shuiteáil san eangach chumhachta.*** |

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 12 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(12a) Leis an luathú i margadh an aerchóirithe agus an trealaimh teaschaidéil agus leis an láimhdeachas teicneolaíochta sa chuisniúchán, neartaítear an gá atá ann do na Ballstáit cur lena n-iarrachtaí chun a áirithiú gur leor na cláir dheimhniúcháin agus oiliúint chun cuspóirí aeráide an Aontais a bhaint amach.*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 13**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (13) I gcás ina bhfuil roghanna malartacha oiriúnacha ar gháis ceaptha teasa fhluairínithe sonracha ar fáil, ba cheart toirmisc a thabhairt isteach maidir le trealamh nua a chur ar an margadh le haghaidh cuisniúcháin, aerchóirithe agus cosanta ar dhóiteáin a bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe iontu nó a fheidhmítear trí úsáid a bhaint as na gáis sin. I gcás nach bhfuil fáil ar roghanna malartacha nó i gcás nach féidir leas a bhaint astu ar chúiseanna teicniúla, sábháilteachta nó eacnamaíocha, ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann díolúine a údarú faoi cheann tréimhse ***teoranta*** faoina gceadófar na táirgí sin agus an trealamh sin a chur ar an margadh. | (13) I gcás ina bhfuil roghanna malartacha oiriúnacha ar gháis ceaptha teasa fhluairínithe sonracha ar fáil, ba cheart toirmisc a thabhairt isteach maidir le trealamh nua a chur ar an margadh le haghaidh cuisniúcháin, aerchóirithe agus cosanta ar dhóiteáin***, cúir agus aerasóil theicniúla*** a bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe iontu nó a fheidhmítear trí úsáid a bhaint as na gáis sin. I gcás nach bhfuil fáil ar roghanna malartacha nó i gcás nach féidir leas a bhaint astu ar chúiseanna teicniúla, sábháilteachta nó eacnamaíocha, ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann díolúine a údarú faoi cheann tréimhse ***4 bliana ar a mhéid*** faoina gceadófar na táirgí sin agus an trealamh sin a chur ar an margadh. ***Ba cheart go bhféadfaí an díolúine sin a athnuachan más rud é, tar éis measúnú a dhéanamh ar iarraidh nua ar dhíolúine chuí-réasúnaithe, go gcinneann an Coimisiún, tríd an nós imeachta coiste, nach bhfuil roghanna malartacha fós ar fáil.*** |

**Leasú 159**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13a) Maidir leis an toirmeasc ar pháirteanna trealaimh a bhfuil toirmeasc orthu faoin Rialachán seo a chur ar an margadh, níor cheart feidhm a bheith aige maidir le páirteanna is gá chun trealamh atá ann agus suiteáilte cheana a dheisiú agus a sheirbhísiú chun a áirithiú go mbeidh trealamh den sórt sin fós indeisithe agus inchoimeádta ar feadh a shaolré iomláine, agus ar an gcaoi sin seachnófar an gá le trealamh agus bonneagar fuinnimh atá ann cheana a athsholáthar gan údar, rud a d'fhéadfadh tionchar diúltach a bheith aige ar iarrachtaí dícharbónaithe. Níor cheart go mbeadh méadú ar thoilleadh an trealaimh ná méadú ar líon na ngás fluairínithe atá sa trealamh ná méadú ar líon na ngás fluairínithe arna n-úsáid mar thoradh ar dheisiú ná ar sheirbhísiú a n-úsáidtear na páirteanna spártha sin ina leith.*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 13 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | *(13b)* ***Ba cheart don Choimisiún a iarraidh ar na heagraíochtaí Eorpacha um chaighdeánú caighdeáin chomhchuibhithe ábhartha a fhorbairt agus a thabhairt cothrom le dáta chun cur chun feidhme rianúil na srianta ar chur ar an margadh a leagtar síos sa Rialachán seo a áirithiú. Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go ndéanfar caighdeáin náisiúnta agus cóid tógála a thabhairt cothrom le dáta chun na teorainneacha muirear incheadaithe maidir le cuisneáin inadhainte a léiriú, lena n-áirítear IEC 60335-2-89 agus IEC 60335-2-40 agus ba cheart dóibh tuairisciú ar a n-iarrachtaí chun na críche sin agus ar aon eisceachtaí maidir lena dtabhairt cothrom le dáta.*** |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 13 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | *(13c)* ***Agus scrúdú á dhéanamh aige an bhfuil roghanna malartacha ann seachas gáis cheaptha teasa fhluairínithe shonracha a úsáid, ba cheart don Choimisiún ní hamháin a mheas an ann do rogha theicniúil, ach ba cheart dó an rogha mhalartach sin a mheas chomh leathan agus is féidir. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún a mheas, inter alia, an bhfuil an rogha mhalartach inmharthana ó thaobh na heacnamaíochta de agus an féidir an rogha mhalartach a úsáid go forleathan ar chúiseanna praiticiúla. Go háirithe, ba cheart don Choimisiún cás na bhfiontar beag agus meánmhéide (FBManna) a chur san áireamh agus measúnú á dhéanamh aige an féidir rogha eile a chur i bhfeidhm go réalaíoch. Ba cheart don Choimisiún a bheith in ann foráil a dhéanamh freisin d'eisceachtaí is infheidhme maidir le FBManna.*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 13 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13d)*** ***Chun análóirí dáileoige méadraithe a tháirgeadh chun comhábhair chógaisíochta a sheachadadh, úsáidtear cion neamhdhiomaibhseach de na HFCanna uile a ídítear san Aontas. Mar sin féin, tá forbairt á dhéanamh ag an tionscal ar MDIanna ina n-úsáidtear gáis cheaptha teasa fhluairínithe le GWP níos ísle agus roghanna malartacha nádúrtha. Áirítear sa Rialachán seo an earnáil MDI i gcóras cuótaí HFC, rud a chruthóidh dreasacht don tionscal a chonair i dtreo roghanna malartacha níos glaine a bhaint amach. Chun aistriú rianúil i dtreo roghanna malartacha glana a chumasú, tugtar isteach le hIarscríbhinn VII agus VIII a ghabhann leis an Rialachán seo sásra cuótaí forchoimeádta d'earnáil MDI don chéad dá thréimhse leithdháilte cuóta. Ba cheart go mbeadh an earnáil MDI in ann méid cuótaí a fháil a chomhfhreagraíonn dá tomhaltas reatha iomlán le linn na chéad tréimhse leithdháilte tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, agus méid cuótaí a chomhfhreagraíonn do 70 % dá tomhaltas reatha le linn an dara tréimhse leithdháilte.*** |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 13 e (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13e)*** ***Is táirgí leighis iad MDInna atá faoi réir dianmheasúnuithe lena n-áirítear staidéir chliniciúla chun sábháilteacht othar a áirithiú. Ba cheart don Choimisiún, do na Ballstáit agus dá n-údaráis inniúla, agus don Ghníomhaireacht Leigheasra Eorpach (EMA) comhoibriú go dlúth lena áirithiú go mbeidh próiseas formheasa rianúil ann maidir le MDInna ina n-úsáidtear gáis fhluairínithe a bhfuil GWP níos ísle acu agus roghanna malartacha ar gháis fhluairínithe, agus ar an gcaoi sin an t-aistriú chuig réitigh ghlana a áirithiú gan difear a dhéanamh d'inrochtaineacht, d'infhaighteacht agus d'inacmhainneacht cógas bunriachtanach.*** |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 13 f (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13f) D'fhéadfadh gáis fhluairínithe a bheith i roinnt trealaimh fuaraithe a úsáidtear i gcomhar le ceallraí atá ag teastáil le haghaidh aistriú fuinnimh an Aontais. Mar sin féin, ní dhearnadh anailís ar an earnáil sin sa Mheasúnú Tionchair a ghabhann leis an Rialachán seo. Ina thuarascáil ar chur chun feidhme an Rialacháin seo, atá le tíolacadh faoin 1 Eanáir 2027, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar thionchar an Rialacháin seo ar mhargadh ceallraí an Aontais.*** |

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 13 g (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(13g) Sa teachtaireacht uaidh an 14 Deireadh Fómhair 2020, dar teideal 'Chemicals Strategy for Sustainability Towards a Toxic-Free Environment' [Straitéis Ceimiceán don Inbhuanaitheacht i dTreo Timpeallacht Saor ó Thocsainí], cuireann an Coimisiún i bhfios go bhfuil gá le haird ar leith a thabhairt ar PFAS, i bhfianaise líon mór cásanna éillithe ithreach agus uisce, lena n-áirítear uisce óil, san Aontas agus ar fud an domhain, i bhfianaise líon na ndaoine atá buailte le speictream iomlán tinnis agus i bhfianaise na gcostas sochaíoch agus eacnamaíoch a bhaineann leo, agus leagtar síos an cuspóir PFAS a chéimniú amach san Aontas ach amháin má chruthaítear gur riachtanach é don tsochaí. Chun comhleanúnachas le beartas an Aontais agus ardleibhéal cosanta sláinte agus comhshaoil a áirithiú, agus ós rud é go bhfuil roghanna malartacha neamhthocsaineacha ar fáil, níor cheart go spreagfaí leis an Rialachán seo HFCanna a ionadú le gáis cheaptha teasa fhluairínithe ar PFAS iad freisin, a dtáirgeann a dtáirgeadh PFAS nó a dhianscaoileann ina PFAS ar shlí eile. Má cheadaítear leis na toirmisc in Iarscríbhinn IV táirgí agus trealamh ina bhfuil PFAS a chur ar an margadh agus a onnmhairiú, tá sé tábhachtach go n-oibreoidh na Ballstáit leis an tionscal chun infheistíochtaí a dhíriú isteach i roghanna malartacha. Cuirfidh sé sin cosc freisin ar shócmhainní tréigthe, dá dtabharfaí isteach toirmisc ar PFAS leis an athbhreithniú ar Rialachán REACH. Díreach tar éis Rialachán athbhreithnithe REACH a ghlacadh, ba cheart don Choimisiún measúnú a dhéanamh ar chomhleanúnachas idir an Rialachán seo agus an Rialachán sin.*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

Leasú 23

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 15**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (15) Ba cheart cosc a chur ar choimeádáin neamh-inathlíonta ***le haghaidh substaintí ídithe ózóin***, ós rud é gur cinnte go bhfanann méid áirithe ***substainte*** sna coimeádáin sin nuair a dhéantar iad a fholmhú, agus scaoiltear ***an tsubstaint*** isteach san atmaisféar ***ansin***. In leith sin, ba cheart leis an Rialachán seo, toirmeasc a chur ar a n-allmhairiú, ar iad a chur ar an margadh, ar iad a sholáthar nó ar iad a chur ar fáil ar an margadh ina dhiaidh sin, ar a n-úsáid, ach amháin i gcás úsáidí saotharlainne agus anailíse, agus ar a n-onnmhairiú. | (15) Ba cheart cosc a chur ar choimeádáin neamh-inathlíonta ***de gháis ceaptha teasa fhluairínithe***, ós rud é gur cinnte go bhfanann méid áirithe ***cuisneáin*** sna coimeádáin sin nuair a dhéantar iad a fholmhú, agus ***a*** scaoiltear ***ansin*** isteach san atmaisféar. In leith sin, ba cheart leis an Rialachán seo, toirmeasc a chur ar a n-allmhairiú, ar iad a chur ar an margadh, ar iad a sholáthar nó ar iad a chur ar fáil ar an margadh ina dhiaidh sin, ar a n-úsáid, ach amháin i gcás úsáidí saotharlainne agus anailíse, agus ar a n-onnmhairiú. ***Chun nach dtarlóidh sé nach n-athlíonfar coimeádáin in-athlíonta agus chun go gcuirtear i leataobh ina ionad sin, ba cheart a cheangal ar ghnóthais dearbhú comhréireachta a sholáthar lena n-áirítear fianaise ar na socruithe atá i bhfeidhm maidir le coimeádáin a thabhairt ar ais chun iad a athlíonadh nuair a chuirtear coimeádáin in-athlíonta ar an margadh.*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 15 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(15a) Ós rud é go bhféadfadh sé nach mbeadh dianoibleagáidí aisghabhála ar gháis ceaptha teasa fhluairínithe ag tríú tíortha, go háirithe tíortha atá i mbéal forbartha, ná nach mbeadh an bonneagar iomchuí acu chun na gáis sin a bhainistiú ag deireadh a ré, d'fhéadfadh sé go mbeadh scaoileadh na ngás sin isteach san atmaisféar mar thoradh ar onnmhairiú táirgí agus trealaimh ina bhfuil na gáis sin chuig tríú tíortha. Faoi chuimsiú iarrachtaí domhanda an Aontais an t-athrú aeráide a mhaolú, ba cheart, dá bhrí sin, feidhm a bheith ag na toirmisc ar tháirgí agus ar threalamh a leagtar síos in Iarscríbhinn IV maidir lena gcur ar mhargadh an Aontais agus maidir lena n-onnmhairiú ón Aontas chuig tríú tíortha.*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Chun an Prótacal a chur chun feidhme, lena n-áirítear laghdú de réir ar a chéile ar chainníochtaí HFCanna, ba cheart don Choimisiún leanúint de bheith ag leithdháileadh cuótaí ar tháirgeoirí agus allmhaireoirí aonair chun HFCanna a chur ar an margadh, rud lena n-áiritheofar nach sárófar an teorainn chainníochtúil fhoriomlán a cheadaítear faoin bPrótacal. Chun iontaofacht an laghdaithe de réir a chéile ar chainníochtaí HFCanna a chuirtear ar an margadh a chosaint, ba cheart go leanfaí de HFCanna atá i dtrealamh a chur san áireamh faoin gcóras cuótaí. | (17) Chun an Prótacal a chur chun feidhme, lena n-áirítear laghdú de réir ar a chéile ar chainníochtaí HFCanna, ba cheart don Choimisiún leanúint de bheith ag leithdháileadh cuótaí ar tháirgeoirí agus allmhaireoirí aonair chun HFCanna a chur ar an margadh, rud lena n-áiritheofar nach sárófar an teorainn chainníochtúil fhoriomlán a cheadaítear faoin bPrótacal. ***Ba cheart go mbeadh an Coimisiún in ann, ar bhonn eisceachtúil, díolúine suas le 4 bliana a údarú maidir le hidreacarbóin a eisiamh ón gcóras cuótaí lena n-úsáid i bhfeidhmeanna sonracha nó i gcatagóirí sonracha táirgí nó trealaimh. Ba cheart go bhféadfaí an díolúine sin a athnuachan más rud é, tar éis measúnú a dhéanamh ar iarraidh nua ar dhíolúine chuí-réasúnaithe, go gcinneann an Coimisiún, tríd an nós imeachta coiste, nach bhfuil roghanna malartacha fós ar fáil.*** Chun iontaofacht an laghdaithe de réir a chéile ar chainníochtaí HFCanna a chuirtear ar an margadh a chosaint, ba cheart go leanfaí de HFCanna atá i dtrealamh a chur san áireamh faoin gcóras cuótaí. |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 20**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (20) I bhfianaise luach margaidh an chuóta leithdháilte, is iomchuí praghas a éileamh dá leithdháileadh. Seachnaítear leis sin ilroinnt bhreise an mhargaidh chun aimhleasa na ngnóthas sin a bhfuil gá acu le soláthar HFC agus atá ag brath cheana féin ar thrádáil HFC sa mhargadh atá ag meath. Glactar leis go bhfuil cinneadh déanta ag gnóthais a chinneann gan aon chuóta a éileamh agus a íoc, a mbeadh siad ina dteideal sa bhliain nó sna blianta roimh ríomh na luachanna tagartha, an margadh a fhágáil agus, dá bhrí sin, nach bhfaigheann siad luach tagartha nua. Ba cheart an t-ioncam a úsáid chun costais riaracháin a chumhdach. | (20) I bhfianaise luach margaidh an chuóta leithdháilte, is iomchuí praghas a éileamh dá leithdháileadh. Seachnaítear leis sin ilroinnt bhreise an mhargaidh chun aimhleasa na ngnóthas sin a bhfuil gá acu le soláthar HFC agus atá ag brath cheana féin ar thrádáil HFC sa mhargadh atá ag meath. Glactar leis go bhfuil cinneadh déanta ag gnóthais a chinneann gan aon chuóta a éileamh agus a íoc, a mbeadh siad ina dteideal sa bhliain nó sna blianta roimh ríomh na luachanna tagartha, an margadh a fhágáil agus, dá bhrí sin, nach bhfaigheann siad luach tagartha nua. Ba cheart ***go méadódh praghas*** an ***chuóta sin le himeacht ama chun sruth ioncaim cobhsaí a sholáthar. Ba cheart an*** t-ioncam a úsáid chun costais riaracháin a chumhdach***, chun tacú le fothú acmhainní, le cur chun feidhme agus le forfheidhmiú acmhainní, agus chun dlús a chur le húsáid roghanna malartacha ar gháis cheaptha teasa fhluairínithe***. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 25**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (25) Chun a áirithiú go bhfuil tuairiscí maidir le cainníochtaí substaintiúla substaintí cruinn agus go bhfuil na cainníochtaí hidreafluaracarbón atá i dtrealamh réamhluchtaithe á gcur san áireamh faoi chóras cuóta an Aontais, ba cheart fíorú tríú páirtí a éileamh. | (25) Chun a áirithiú go bhfuil tuairiscí maidir le cainníochtaí substaintiúla substaintí cruinn agus go bhfuil na cainníochtaí hidreafluaracarbón atá i dtrealamh réamhluchtaithe á gcur san áireamh faoi chóras cuóta an Aontais, ba cheart fíorú ***neamhspleách*** tríú páirtí a éileamh. |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 28 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(28a) Ba cheart d'údaráis chustaim faireachán a dhéanamh féachaint ar fhág táirgí a chumhdaítear faoin Rialachán seo, ar táirgí iad a dhearbhaítear a bheith faoi bhealach, críoch chustaim an Aontais go hiarbhír. Chun na críche sin, ba cheart go gcoimeádfadh na húdaráis chustaim taifid faoin ngnóthas atá ag déanamh an idirthurais.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 29**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (29) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na hacmhainní iomchuí agus an t-eolas iomchuí ag na húdaráis chustaim atá i mbun rialuithe faoin Rialachán seo, mar shampla trí oiliúint a chur ar fáil dóibh, agus go bhfuil go leor acmhainní acu chun aghaidh a thabhairt ar chásanna trádála neamhdhleathaí na ngás agus na dtáirgí agus an trealaimh a chumhdaítear leis an Rialachán seo. ***Ba cheart do na Ballstáit na hoifigí custaim sin a chomhlíonann na coinníollacha sin a ainmniú agus sainordú a thabhairt dóibh, dá bhrí sin, chun rialuithe custaim a dhéanamh ar allmhairí, ar onnmhairí agus i gcásanna idirthurais.*** | (29) Ba cheart do na Ballstáit a áirithiú go bhfuil na hacmhainní iomchuí agus an t-eolas iomchuí ag na húdaráis chustaim atá i mbun rialuithe faoin Rialachán seo, mar shampla trí oiliúint a chur ar fáil dóibh, agus go bhfuil go leor acmhainní acu chun aghaidh a thabhairt ar chásanna trádála neamhdhleathaí na ngás agus na dtáirgí agus an trealaimh a chumhdaítear leis an Rialachán seo. |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Ba cheart toirmeasc a chur ar allmhairiú agus onnmhairiú hidreafluaracarbón chomh maith le táirgí agus trealamh ina bhfuil hidreafluaracarbóin nó a bhraitheann a bhfeidhmiú ar na gáis sin chuig Stát nach bhfuil ina pháirtí sa Phrótacal agus ón stát sin ó 2028 amach. ***Tugadh*** an toirmeasc ***comhthreomhar a shamhlaítear faoin bPrótacal*** ó 2033 amach chun ***tosaigh dá bhrí sin,*** chun a áirithiú go dtabharfaidh bearta domhanda Leasú Kigali maidir le laghdú HFCanna an sochar a shamhlaítear don aeráid a luaithe is féidir. | (32) Ba cheart toirmeasc a chur ar allmhairiú agus onnmhairiú hidreafluaracarbón chomh maith le táirgí agus trealamh ina bhfuil hidreafluaracarbóin nó a bhraitheann a bhfeidhmiú ar na gáis sin chuig Stát nach bhfuil ina pháirtí sa Phrótacal agus ón stát sin ó 2028 amach. ***Samhlaítear faoin bPrótacal*** an toirmeasc ***sin*** ó 2033 amach***, is é an cuspóir a bhí ag a chur*** chun ***feidhme roimh seo faoin Rialachán seo ná*** chun a áirithiú go dtabharfaidh bearta domhanda Leasú Kigali maidir le laghdú HFCanna an sochar a shamhlaítear don aeráid a luaithe is féidir. |

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 34 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(34a) Gan dochar d’inniúlachtaí agus do cheannasacht na mBallstát, ba cheart pionóis a bheith chomh comhleanúnach agus is féidir. Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún na héagsúlachtaí idir pionóis idir na Ballstáit a leagan amach gach 4 bliana agus tuarascáil a chur faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.*** |

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 37**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (37) Is féidir le sceithirí faisnéis nua a chur ar a súile do na húdaráis inniúla, rud a d’fhéadfadh cuidiú leis na húdaráis inniúla sáruithe ar an Rialachán seo a bhrath agus é a chur ar a gcumas pionóis a fhorchur. Ba cheart a áirithiú go mbeidh socruithe ***leordhóthanacha*** i bhfeidhm chun sceithirí a chumasú na húdaráis inniúla a chur ar an eolas maidir le sáruithe iarbhír nó féideartha ar an Rialachán seo agus na sceithirí a chosaint ar fhrithbhearta. Chun na críche sin, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo go mbeidh Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [36] infheidhme i ndáil le sáruithe ar an Rialachán seo a thuairisciú agus maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe den sórt sin. | (37) Is féidir le sceithirí faisnéis nua a chur ar a súile do na húdaráis inniúla, rud a d’fhéadfadh cuidiú leis na húdaráis inniúla sáruithe ar an Rialachán seo a bhrath agus é a chur ar a gcumas pionóis a fhorchur. Ba cheart a áirithiú go mbeidh socruithe ***leormhaithe*** i bhfeidhm chun sceithirí a chumasú ***chun*** na húdaráis inniúla a chur ar an eolas maidir le sáruithe iarbhír nó féideartha ar an Rialachán seo agus na sceithirí a chosaint ***go héifeachtach*** ar fhrithbhearta. Chun na críche sin, ba cheart foráil a dhéanamh sa Rialachán seo go mbeidh Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [36] infheidhme i ndáil le sáruithe ar an Rialachán seo a thuairisciú agus maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe den sórt sin. |

([36]) Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

([36]) Treoir (AE) 2019/1937 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2019 maidir le cosaint daoine a thuairiscíonn sáruithe ar dhlí an Aontais (IO L 305, 26.11.2019, lch. 17).

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 37 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | *(37a)* ***I dteachtaireacht an 14 Deireadh Fómhair 2020 ón gCoimisiún maidir le 'Feabhas a chur ar cheartas i gcúrsaí comhshaoil in AE agus ina Bhallstáit', cuireadh i bhfios go láidir gur gá forálacha a áireamh i ndáil le rochtain ar cheartas i dtograí reachtacha AE maidir le dlí AE nua nó athbhreithnithe a bhaineann le cúrsaí comhshaoil. Cuirtear san áireamh sa Rialachán seo forálacha maidir le rochtain ar cheartas chun coinníollacha comhionanna maidir le rochtain ar cheartas a áirithiú sna Ballstáit i gcomhréir leis an gCoinbhinsiún maidir le Rochtain ar Fhaisnéis, Rannpháirtíocht Phoiblí i gCinnteoireacht agus Rochtain ar Cheartas in Ábhair Chomhshaoil ('Coinbhinsiún Aarhus').*** |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 39**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (39) ***Le linn*** don Choimisiún ***an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart dó*** fóram dá ngairtear Fóram Comhairliúcháin a bhunú chun rannpháirtíocht chothrom a áirithiú maidir le hionadaithe na mBallstát agus ***ionadaithe na sochaí sibhialta***, lena ***n-áirítear*** eagraíochtaí comhshaoil, ionadaithe monaróirí, oibreoirí agus daoine deimhnithe. | (39) ***Ba cheart*** don Choimisiún fóram dá ngairtear Fóram Comhairliúcháin a bhunú chun ***cur chun feidhme an Rialacháin seo a éascú. Ba cheart don Fhóram Comhairliúcháin*** rannpháirtíocht chothrom a áirithiú maidir le hionadaithe na mBallstát agus ***na ngeallsealbhóirí ábhartha uile***, lena ***n-áirítear ionadaithe*** eagraíochtaí comhshaoil, ***comhlachais othar agus eagraíochtaí gairmithe cúraim sláinte,*** ionadaithe monaróirí, oibreoirí agus daoine deimhnithe. ***Ba cheart don Fhóram Comhairliúcháin comhoibriú leis na Gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais, go háirithe EMA.*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 40**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

(40) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le fianaise atá le soláthar ar scriosadh nó aisghabháil seachtháirgeadh hidreafluaracarbón-23 le linn monaraíocht substaintí fluairínithe eile; ceanglais maidir le seiceálacha le haghaidh sceite; formáid na dtaifead, a mbunú agus a gcothabháil; na ceanglais íosta maidir le cláir deimhniúcháin agus dearbhuithe oiliúna; formáid maidir le fógra i leith deimhniúcháin agus clár oiliúna; díolúintí maidir le táirgí agus trealamh a thagann faoi thoirmeasc maidir le cur ar an margadh; formáid na lipéad; cinneadh na gceart táirgthe le haghaidh táirgeoirí hidreafluaracarbón; díolúintí ón gceanglas cuóta maidir le hidreafluaracarbóin atá le húsáid i bhfeidhmeanna sonracha, nó catagóirí sonracha táirgí nó trealaimh; cinneadh na luachanna tagartha le haghaidh táirgeoirí agus allmhaireoirí maidir le hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh; na módúlachtaí agus socruithe mionsonraithe chun an méid atá dlite a íoc; socruithe mionsonraithe maidir le dearbhú comhréireachta le haghaidh trealamh réamhluchtaithe agus a bhfíoraithe chomh maith le maidir le creidiúnú fíoraitheoirí; feidhmiú rianúil na clárlainne; an t-údarú i leith trádáil a dhéanamh le heintitis nach gcumhdaítear leis an bPrótacal; sonraí maidir le tuairisciú a fhíorú agus creidiúnú fíoraitheoirí agus an fhormaid maidir le tuairiscí a chur isteach. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([37]).

([37]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

*Leasú*

(40) Chun coinníollacha aonfhoirmeacha a áirithiú maidir leis an Rialachán seo a chur chun feidhme, ba cheart cumhachtaí cur chun feidhme a thabhairt don Choimisiún maidir le fianaise atá le soláthar ar scriosadh nó aisghabháil seachtháirgeadh hidreafluaracarbón-23 le linn monaraíocht substaintí fluairínithe eile; ceanglais maidir le seiceálacha le haghaidh sceite; formáid na dtaifead, a mbunú agus a gcothabháil; na ceanglais íosta maidir le cláir deimhniúcháin agus dearbhuithe oiliúna; formáid maidir le fógra i leith deimhniúcháin agus clár oiliúna; díolúintí maidir le táirgí agus trealamh a thagann faoi thoirmeasc maidir le cur ar an margadh; formáid na lipéad; cinneadh na gceart táirgthe le haghaidh táirgeoirí hidreafluaracarbón; ***cinneadh mhionsonraí an dearbhaithe comhréireachta do choimeádáin in-athlíonta le haghaidh gáis cheaptha teasa fhluairínithe, lena n-áirítear fianaise lena ndeimhnítear go bhfuil socruithe i bhfeidhm chun an coimeádán sin a thabhairt ar ais chun iad a athlíonadh;*** díolúintí ón gceanglas cuóta maidir le hidreafluaracarbóin atá le húsáid i bhfeidhmeanna sonracha, nó catagóirí sonracha táirgí nó trealaimh; cinneadh na luachanna tagartha le haghaidh táirgeoirí agus allmhaireoirí maidir le hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh; na módúlachtaí agus socruithe mionsonraithe chun an méid atá dlite a íoc; socruithe mionsonraithe maidir le dearbhú comhréireachta le haghaidh trealamh réamhluchtaithe agus a bhfíoraithe chomh maith le maidir le creidiúnú fíoraitheoirí; feidhmiú rianúil na clárlainne; an t-údarú i leith trádáil a dhéanamh le heintitis nach gcumhdaítear leis an bPrótacal; sonraí maidir le tuairisciú a fhíorú agus creidiúnú fíoraitheoirí agus an fhormaid maidir le tuairiscí a chur isteach. Ba cheart na cumhachtaí sin a fheidhmiú i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([37]).

([37]) Rialachán (AE) Uimh. 182/2011 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Feabhra 2011 lena leagtar síos na rialacha agus na prionsabail ghinearálta a bhaineann leis na sásraí maidir le rialú ag na Ballstáit ar fheidhmiú cumhachtaí cur chun feidhme ag an gCoimisiún (IO L 55, 28.2.2011, lch. 13).

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 41**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (41) Chun eilimintí áirithe neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') i leith liosta táirgí agus trealaimh a bhunú a bhfuil aisghabháil gás nó a scriosadh indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch agus sonraíocht na dteicneolaíochtaí atá le cur i bhfeidhm; ceanglais lipéadaithe; eisiamh ceanglas cuóta maidir le hidreafluaracarbóin i gcomhréir le cinntí na bPáirtithe sa Phrótacal; maidir ***leis*** na méideanna atá dlite le haghaidh leithdháileadh an chuóta agus an sásra chun na cuótaí atá fágtha a leithdháileadh; bearta breise maidir le faireachán a dhéanamh ar na substaintí agus na táirgí agus an trealamh a chuirtear faoi stóráil shealadach agus nósanna imeachta custaim; na rialacha is infheidhme maidir le táirgí agus trealamh a allmhairítear ó aon eintiteas agus a onnmhairítear chuig aon eintiteas nach gcumhdaítear leis an bPrótacal a scaoileadh i saorchúrsaíocht; acmhainn téimh domhanda na substaintí liostaithe a thabhairt cothrom le dáta. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([38]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. | (41) Chun eilimintí áirithe neamhriachtanacha den Rialachán seo a leasú, ba cheart an chumhacht a tharmligean chuig an gCoimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 290 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh ('CFAE') i leith liosta táirgí agus trealaimh a bhunú a bhfuil aisghabháil gás nó a scriosadh indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch agus sonraíocht na dteicneolaíochtaí atá le cur i bhfeidhm; ***íoscheanglais a leagan amach do scéimeanna freagrachta táirgeoirí chun gáis cheaptha teasa fhluairínithe áirithe a aisghabháil, a athchúrsáil, a athshlánú nó a scriosadh, lena n-áirítear i dtaca le bailiú, athshlánú, athchúrsáil, saoráidí diúscartha, soláthar trealaimh do theicneoirí deimhnithe, tuairisciú agus ardú feasachta;*** ceanglais lipéadaithe; eisiamh ceanglas cuóta maidir le hidreafluaracarbóin i gcomhréir le cinntí na bPáirtithe sa Phrótacal; ***go n-eisiatar ón gcóras cuótaí ábhair leathsheoltóra hidreafluaracarbóin nó guasáin deascaidh ghaile laistigh den earnáil leathsheoltóra a chur ar an margadh, i gcásanna áirithe, ina bhfuil ganntanas nó briseadh soláthair ábhar leathsheoltóra nó cuasán deascaidh gaile ar mhargadh an Aontais; na cuótaí*** maidir ***le hidreafluaracarbóin a chur ar mhargadh an Aontais, ar hidreafluaracarbóin iad atá le húsáid i dteaschaidéil, a mhéadú i gcásanna áirithe go dtí an bhliain 2029;*** na méideanna atá dlite le haghaidh leithdháileadh an chuóta agus an sásra chun na cuótaí atá fágtha a leithdháileadh; bearta breise maidir le faireachán a dhéanamh ar na substaintí agus na táirgí agus an trealamh a chuirtear faoi stóráil shealadach agus nósanna imeachta custaim; na rialacha is infheidhme maidir le táirgí agus trealamh a allmhairítear ó aon eintiteas agus a onnmhairítear chuig aon eintiteas nach gcumhdaítear leis an bPrótacal a scaoileadh i saorchúrsaíocht; ***creat coiteann ginearálta a ghlacadh*** |

([38]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

**Déardaoin 30. Márta 2023**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***chun córais láraithe leictreonacha a dhearadh chun an fhaisnéis arna bailiú i gcomhréir leis an Rialachán seo a thaifeadadh; agus*** acmhainn téimh domhanda na substaintí liostaithe a thabhairt cothrom le dáta ***agus na toirmisc ar shubstaintí den sórt sin a chur ar an margadh a neartú***. Tá sé tábhachtach, go háirithe, go rachadh an Coimisiún i mbun comhairliúcháin iomchuí le linn a chuid oibre ullmhúcháin, ***go háirithe comhairliúchán leis an bhFóram Comhairliúcháin arna bhunú de réir Airteagal 33 den Rialachán seo,*** lena n-áirítear ar leibhéal na saineolaithe, agus go ndéanfaí na comhairliúcháin sin i gcomhréir leis na prionsabail a leagtar síos i gComhaontú Idirinstitiúideach an 13 Aibreán 2016 maidir le Reachtóireacht Níos Fearr ([38]). Go sonrach, chun rannpháirtíocht chomhionann in ullmhú na ngníomhartha tarmligthe a áirithiú, faigheann Parlaimint na hEorpa agus an Chomhairle na doiciméid uile ag an am céanna leis na saineolaithe sna Ballstáit, agus bíonn rochtain chórasach ag a gcuid saineolaithe ar chruinnithe ghrúpaí saineolaithe an Choimisiúin a bhíonn ag déileáil le hullmhú na ngníomhartha tarmligthe. |

([38]) IO L 123, 12.5.2016, lch. 1.

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 2 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na gáis cheaptha teasa fhluairínithe atá liostaithe in ***Iarscríbhinn*** I, ***Iarscríbhinn*** II agus ***Iarscríbhinn II***, bídís ina n-aonar nó i meascán. | 1. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir leis na gáis cheaptha teasa fhluairínithe atá liostaithe in ***Iarscríbhinní*** I, II agus ***III***, bídís ina n-aonar nó i meascán. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 2 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tá feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir le táirgí agus trealamh, ***agus le codanna díobh,*** ina bhfuil gáis ***ceaptha*** teasa fhluairínithe nó a bhfuil a ***bhfeidhmíocht*** ag brath ar na gáis sin. | 2. Tá feidhm ag an Rialachán seo freisin maidir le táirgí agus trealamh, ina bhfuil gáis ***cheaptha*** teasa fhluairínithe nó a bhfuil a ***bhfeidhmiú*** ag brath ***go páirteach nó go hiomlán*** ar na gáis sin. |

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) ciallaíonn 'oibreoir' an gnóthas a fheidhmíonn cumhacht iarbhír ar fheidhmiú teicniúil na dtáirgí agus an trealaimh a chumhdaítear leis an Rialachán seo nó an ***t-úinéir*** i gcás ina n-ainmníonn Ballstát é mar an té atá freagrach as oibleagáidí an oibreora i gcásanna ar leith; | (5) ciallaíonn 'oibreoir' an gnóthas a fheidhmíonn cumhacht iarbhír ar fheidhmiú teicniúil na dtáirgí agus an trealaimh a chumhdaítear leis an Rialachán seo nó an ***t-eintiteas*** i gcás ina n-ainmníonn Ballstát é mar an té atá freagrach as oibleagáidí an oibreora i gcásanna ar leith; |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (6) ciallaíonn 'cur ar an margadh' soláthar nó cur ar fáil do thríú páirtí laistigh den Aontas, den chéad uair, ar íocaíocht nó saor in aisce, scaoileadh custaim le haghaidh saorchúrsaíochta san Aontas, agus úsáid substaintí a tháirgtear nó úsáid táirgí nó trealaimh a mhonaraítear chun críche úsáide dílse; | (6) ciallaíonn 'cur ar an margadh' soláthar nó cur ar fáil do thríú páirtí laistigh den Aontas, den chéad uair, ar íocaíocht nó saor in aisce, scaoileadh custaim le haghaidh saorchúrsaíochta san Aontas, agus úsáid substaintí a tháirgtear nó úsáid táirgí nó trealaimh a mhonaraítear chun críche úsáide dílse; |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 27**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (27) ciallaíonn 'bunábhar' aon ghás ceaptha teasa fluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a chuirtear faoi thrasfhoirmiú ceimiceach i bpróiseas ina dtiontaítear é go hiomlán óna chomhshuíomh bunaidh ***agus nach mbaineann ach leibhéal íseal astaíochtaí leis***; | (27) ciallaíonn 'bunábhar' aon ghás ceaptha teasa fluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a chuirtear faoi thrasfhoirmiú ceimiceach i bpróiseas ina dtiontaítear é go hiomlán óna chomhshuíomh bunaidh; |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 – mír 5 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***D'fhonn*** an fhianaise sin a ***chur isteach, tarraingeoidh*** allmhaireoirí agus táirgeoirí ***suas*** dearbhú comhréireachta agus ***cuirfidh*** siad ***doiciméadacht*** tacaíochta leis ***maidir leis an tsaoráid táirgthe agus leis na bearta maolaithe a glacadh chun astaíochtaí trífhluaraimeatáin a chosc. Coimeádfaidh táirgeoirí agus allmhaireoirí an dearbhú comhréireachta agus an doiciméadacht tacaíochta ar feadh tréimhse 5 bliana ar a laghad tar éis iad a chur ar an margadh agus cuirfear ar fáil d'údaráis inniúla náisiúnta agus don Choimisiún iad, arna iarraidh sin dóibh.*** | ***Chun*** an fhianaise sin a ***sholáthar, déanfaidh*** allmhaireoirí agus táirgeoirí dearbhú comhréireachta ***a tharraingt suas*** agus ***glacfaidh*** siad ***páirt i ndoiciméadacht*** tacaíochta leis ***an méid seo a leanas:*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a) faisnéis faoin tsaoráid táirgthe;*** |
| | ***(b) cruthúnas ar infhaighteacht agus oibriú na teicneolaíochta laghdaithe is fearr atá ar fáil ag an tsaoráid táirgthe;*** |
| | ***(c) an cruthúnas ar bhearta maolaithe arna nglacadh chun astaíochtaí trífhluaraimeatáin a chosc, i gcomhréir leis na teicnící is fearr atá ar fáil;*** |
| | ***(d) cruthúnas ar dhíothú nó aisghabháil aon chainníocht de thrífhluaraimeatán a astaítear, i gcomhréir leis na teicnící is fearr atá ar fáil agus i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 8(7).*** |
| | ***Coimeádfaidh táirgeoirí agus allmhaireoirí an dearbhú comhréireachta agus an doiciméadacht tacaíochta ar feadh tréimhse 5 bliana ar a laghad tar éis iad a chur ar an margadh agus cuirfear ar fáil d'údaráis inniúla náisiúnta agus don Choimisiún iad, arna iarraidh sin dóibh.*** |

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 – mír 5 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfaidh*** an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na socruithe mionsonraithe a bhaineann leis an dearbhú comhréireachta agus leis an doiciméadacht tacaíochta dá dtagraítear sa dara fomhír a chinneadh. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir le hAirteagal 34(2). | ***Déanfaidh*** an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na socruithe mionsonraithe a bhaineann leis an dearbhú comhréireachta agus leis an doiciméadacht tacaíochta ***agus na gnéithe mionsonraithe leo sin*** dá dtagraítear sa dara fomhír a chinneadh. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir le hAirteagal 34(2). |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 4 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Gan dochar do mhíreanna (1) go (6), áiritheoidh oibreoirí go ndéanfar fluairíd sulfairile a ghabháil agus a aisghabháil tar éis toitrithe. Áiritheoidh oibreoirí gur daoine nádúrtha a bhfuil na cáilíochtaí iomchuí acu a dhéanfaidh an aisghabháil, ionas go ndéanfar na gáis a athchúrsáil, a athshlánú nó a scriosadh.*** |
| | ***Chun críche fianaise ar scriosadh a sholáthar, tarraingeoidh oibreoirí suas dearbhú comhréireachta agus cuirfidh siad doiciméadacht tacaíochta leis an bhfaisnéis faoi tsaoráid, cruthúnas ar infhaighteacht agus oibriú na teicneolaíochta aisghabhála is fearr atá ar fáil ag an tsaoráid sin, agus cruthúnas ar na bearta a glacadh chun astaíochtaí fluairíde sulfairile a aisghabháil. Déanfar éifeachtacht an chórais a fhíorú go heolaíoch go neamhspleách.*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcás nach bhfuil aisghabháil indéanta go teicniúil nó go heacnamaíoch, bainfidh oibreoirí úsáid as roghanna cóireála malartacha, ach mura bhfuil roghanna cóireála malartacha den sórt sin ar fáil. I gcás den sórt sin, tarraingeoidh an t-oibreoir suas doiciméadacht ina dtabharfar fianaise go bhfuil sé dodhéanta fluairíd sulfairile a aisghabháil agus nach bhfuil roghanna cóireála malartacha ar fáil.*** |
| | ***Coinneoidh an t-oibreoir an dearbhú comhréireachta agus an doiciméadacht ar feadh cúig bliana agus cuirfidh sé ar fáil iad, arna iarraidh sin, d'údaráis inniúla Ballstáit agus don Choimisiún.*** |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Oibreoirí trealaimh ina bhfuil 5 thona de choibhéis $CO_2$ nó níos mó de gháis ceaptha teasa fhluairínithe atá liostaithe in Iarscríbhinn I nó 1 chileagram nó níos mó de gháis ***cheaptha*** teasa fhluairínithe atá liostaithe in Iarscríbhinn II, Roinn I, ***agus*** nach bhfuil i gcúir, áiritheoidh siad go ndéanfar an trealamh a sheiceáil le haghaidh sceití. | ***Monaróirí agus*** oibreoirí trealaimh ina bhfuil 5 thona de choibhéis $CO_2$ nó níos mó de gháis ceaptha teasa fhluairínithe atá liostaithe in Iarscríbhinn I nó 1 chileagram nó níos mó de gháis ***ceaptha*** teasa fhluairínithe atá liostaithe in Iarscríbhinn II, Roinn I, nach bhfuil i gcúir, áiritheoidh siad go ndéanfar an trealamh a sheiceáil le haghaidh sceití***, lena n-áirítear le linn a monaraithe***. |

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Trealamh atá séalaithe go heirméiticeach ina bhfuil níos lú ná 10 dtona de choibhéis $CO_2$ de gháis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I nó 2 chileagram de gháis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn II, Roinn I, ní scrúdófar é le haghaidh sceite, ar choinníoll go bhfuil lipéad ar an trealamh a deir go bhfuil sé séalaithe go heirméiteach agus go bhfuil ag a gcodanna nasctha ráta cruthaithe sceite de níos lú ná 3 gram in aghaidh na bliana faoi bhrú atá ionann agus an ceathrú cuid, ar a laghad, den uasbhrú incheadaithe. | Trealamh ***cónaithe*** atá séalaithe go heirméiticeach ina bhfuil níos lú ná 10 dtona de choibhéis $CO_2$ de gháis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I nó 2 chileagram de gháis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn II, Roinn I, ní scrúdófar é le haghaidh sceite, ar choinníoll go bhfuil lipéad ar an trealamh a deir go bhfuil sé séalaithe go heirméiteach agus go bhfuil ag a gcodanna nasctha ráta cruthaithe sceite de níos lú ná 3 gram in aghaidh na bliana faoi bhrú atá ionann agus an ceathrú cuid, ar a laghad, den uasbhrú incheadaithe. |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 5 – mír 1 – fomhír 3 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***(c) go bhfuil níos lú ná 6 chileagram gás ceaptha teasa fluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn 1 ann.*** | ***scriosta*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 1 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (e) aonaid chuisniúcháin i dtrucailí agus i leantóirí cuisniúcháin; | (e) aonaid chuisniúcháin i dtrucailí agus i leantóirí cuisniúcháin***, i veaineanna agus i longa***; |

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 5 – mír 2 – fomhír 1 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) trealamh aerchóiriúcháin i meitreonna, traenacha, longa, eitleáin agus i bhfeithiclí iompair de bhóthar cé is moite díobh siúd a thagann faoi raon feidhme Threoir 2006/40/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (*);***<br>***(*) Treoir 2006/40/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir leis na hastaíochtaí ó chórais aerchóirithe mótarfheithiclí agus lena leasaítear Treoir 70/156/CEE ón gComhairle (IO L 161, 14.6.2006, lch. 12).*** |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 6 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Oibreoirí an trealaimh a liostaítear in Airteagal 5(2), pointí (f) agus (g), agus ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I i gcainníochtaí 500 tona nó níos mó de choibhéis $CO_2$ agus a suiteáladh ón 1 Eanáir 2017 ar aghaidh, áiritheoidh siad go mbeidh córas aimsithe sceite ag gabháil leis an trealamh a thabharfaidh foláireamh don oibreoir nó do chuideachta a dhéanann seirbhísiú má bhíonn aon sceitheadh ann. | 2. Oibreoirí an trealaimh a liostaítear in Airteagal 5(2), pointí (f) agus (g), agus ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I i gcainníochtaí 500 tona nó níos mó de choibhéis $CO_2$ agus a suiteáladh ón 1 Eanáir 2017 ar aghaidh, áiritheoidh siad go mbeidh córas aimsithe sceite ag gabháil leis an trealamh a thabharfaidh foláireamh don oibreoir nó do chuideachta a dhéanann seirbhísiú má bhíonn aon sceitheadh ann. ***Chun críocha Airteagal 5(2), pointe (g), beidh íogaireacht níos mó ag an gcóras aimsithe sceite ná mar a bheidh ag feiste faireacháin brú nó dlúis.*** |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 7 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) cainníochtaí na ngás arna gcur leis le linn na suiteála, na cothabhála nó an tseirbhísithe nó de bharr sceite; | (b) cainníochtaí na ngás arna gcur leis le linn na suiteála, na cothabhála nó an tseirbhísithe nó de bharr sceite***, lena n-áirítear uainiú beacht na breise sin***; |

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 7 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) cibé acu an ndearnadh na ***cainníochtaí gás*** a athchúrsáil nó a ***athghabháil***, lena n-áirítear ainm agus seoladh na saoráide athchúrsála nó mínghlanta agus, ***i gcás inarb infheidhme***, uimhir an deimhnithe; | (c) cibé acu an ndearnadh na ***gáis ghnóthaithe*** a athchúrsáil nó a ***athshlánú***, ***agus cén chainníocht,*** lena n-áirítear ainm agus seoladh na saoráide athchúrsála nó mínghlanta agus, ***más iomchuí***, uimhir an deimhnithe; |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 8 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Oibreoirí trealaimh dho-aistrithe nó ***oibreoirí*** trucailí agus ***leantóirí cuisniúcháin*** ina bhfuil gáis ***cheaptha*** teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II, Roinn ***I***, nach bhfuil i gcúir, áiritheoidh siad gur daoine nádúrtha a bhfuil na deimhnithe ábhartha dá bhforáiltear in Airteagal 10 acu a dhéanfaidh na gáis sin a aisghabháil, ionas go ndéanfar na gáis a athchúrsáil, a athshlánú nó a scriosadh. | Oibreoirí trealaimh dho-aistrithe nó ***aonad cuisniúcháin veaineanna,*** trucailí***, leantóirí*** agus ***long cuisnithe*** ina bhfuil gáis ***ceaptha*** teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus in Iarscríbhinn II, Roinn ***1***, nach bhfuil i gcúir, áiritheoidh siad gur daoine nádúrtha a bhfuil na deimhnithe ábhartha dá bhforáiltear in Airteagal 10 acu a dhéanfaidh na gáis sin a aisghabháil, ionas go ndéanfar na gáis a athchúrsáil, a athshlánú nó a scriosadh. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 8 – mír 1 – fomhír 2 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) ciorcaid fhuaraithe aonaid threalamh cuisniúcháin ***atá*** de thrucailí agus ***leantóirí cuisniúcháin***; | (b) ciorcaid fhuaraithe aonaid threalamh cuisniúcháin de ***veaineanna, de*** thrucailí***, de leantóirí*** agus ***de longa cuisnithe***; |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 8 – mír 8**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 8. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 32 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí liosta táirgí agus trealaimh a bhunú a meastar ina leith go bhfuil sé indéanta agus go heacnamaíoch aisghabháil na ngás ceaptha teasa fluairínithe atá liostaithe in ***Iarscríbhinn*** I agus ***Iarscríbhinn II, Roinn 1,*** nó scriosadh táirgí agus trealaimh ina bhfuil gáis den sórt sin gan na gáis sin a aisghabháil roimh ré, agus sonrófar, más iomchuí, na teicneolaíochtaí a bhfeidhm le cur i bhfeidhm. | 8. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 32 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí liosta táirgí agus trealaimh a bhunú a meastar ina leith go bhfuil sé indéanta agus go heacnamaíoch aisghabháil na ngás ceaptha teasa fluairínithe atá liostaithe in ***Iarscríbhinní*** I agus ***II*** nó scriosadh táirgí agus trealaimh ina bhfuil gáis den sórt sin gan na gáis sin a aisghabháil roimh ré, agus sonrófar, más iomchuí, na teicneolaíochtaí a bhfeidhm le cur i bhfeidhm. |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 8 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Déanfaidh na Ballstáit aisghabháil, athchúrsáil, athshlánú agus scriosadh na ngás ceaptha teasa fluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II, Roinn 1, a chur chun cinn. | 9. Déanfaidh na Ballstáit aisghabháil, athchúrsáil, athshlánú agus scriosadh na ngás ceaptha teasa fluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II, Roinn 1, a chur chun cinn. |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Scéimeanna freagrachta táirgeora | Scéimeanna freagrachta ***leathnaithe*** táirgeora |

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Gan dochar do reachtaíocht de chuid an Aontais atá ann cheana, ***spreagfaidh*** na Ballstáit go ***bhforbrófar*** scéimeanna freagrachta táirgeora chun gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II a aisghabháil ***agus chun na gáis sin*** a athchúrsáil, a athshlánú nó a scriosadh. | Gan dochar do reachtaíocht de chuid an Aontais atá ann cheana, ***ceanglóidh*** na Ballstáit go ***mbunófar faoin 31 Nollaig 2027*** scéimeanna freagrachta ***leathnaithe*** táirgeora chun gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinní I agus ***in Iarscríbhinn*** II a aisghabháil, a athchúrsáil, a athshlánú nó a scriosadh***, agus na scéimeanna freagrachta táirgeora atá infheidhme cheana féin á gcur san áireamh***. |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfaidh an Coimisiún, faoin 31 Nollaig 2025, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 32 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí íoscheanglais a leagan amach do na scéimeanna freagrachta táirgeoirí dá dtagraítear i mír 1, lena n-áirítear maidir le bailiú, míntíriú, athchúrsáil, saoráidí diúscartha, soláthar trealaimh do theicneoirí deimhnithe, tuairisciú agus ardú feasachta.*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Áiritheoidh na Ballstáit go gcumhdóidh táirgeoirí agus allmhaireoirí na ngás ceaptha teasa fluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II na costais de bhun na bhforálacha maidir le freagracht leathnaithe táirgeora i dTreoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus (*), sa mhéid nach bhfuil siad san áireamh cheana, go gcumhdóidh siad na costais seo a leanas ar a laghad:*** <br><br> ***(*) Treoir 2008/98/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le dramhaíl agus lena n-aisghairtear Treoracha áirithe (IO L 312, 22.11.2008, lch. 3);*** |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 1 b – pointe a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(a) na costais a bhaineann le bailiú, lena n-áirítear pointí bailithe, stóráil agus iompar inrochtana a chur ar fáil;*** |

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 1 b – pointe b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b) na costais a bhaineann le haonaid athchúrsála do dhaoine nádúrtha arna ndeimhniú i gcomhréir le hAirteagal 10 chun críocha athchúrsála ar an láthair.*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Cuirfidh na Ballstáit an Coimisiún ar an eolas faoi na gníomhaíochtaí a dhéanfar.*** | ***scriosta*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

### Leasú 64

### Togra le haghaidh rialacháin

### Airteagal 10 – mír 1 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh na Ballstáit, ar bhonn na gceanglas íosta dá dtagraítear i mír 5, cláir dheimhniúcháin a bhunú nó a oiriúnú, lena n-áirítear próisis mheastóireachta, agus áiritheoidh siad go bhfuil oiliúint maidir le scileanna praiticiúla agus eolas teoiriciúil ar fáil do dhaoine nádúrtha a dhéanann na tascanna seo a leanas lena mbaineann gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II***, Roinn 1*** agus roghanna malartacha ábhartha eile ar gháis ceaptha teasa fhluairínithe: | 1. Déanfaidh na Ballstáit, ar bhonn na gceanglas íosta dá dtagraítear i mír 5, cláir dheimhniúcháin a bhunú nó a oiriúnú, lena n-áirítear próisis mheastóireachta, agus áiritheoidh siad go bhfuil oiliúint maidir le scileanna praiticiúla agus eolas teoiriciúil ar fáil do dhaoine nádúrtha a dhéanann na tascanna seo a leanas lena mbaineann gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II agus roghanna malartacha ábhartha eile ar gháis ceaptha teasa fhluairínithe: |

### Leasú 65

### Togra le haghaidh rialacháin

### Airteagal 10 – mír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear cláir oiliúna ar fáil do dhaoine nádúrtha a bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in ***Iarscríbhinn*** I agus ***Iarscríbhinn*** II, Roinn I á ***n-aisghabháil*** acu ó threalamh aerchóiriúcháin i mótarfheithiclí a thagann faoi raon feidhme Threoir 2006/40/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([42]), de bhun mhír 5. | 2. Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear cláir oiliúna ar fáil do dhaoine nádúrtha a bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in ***Iarscríbhinní*** I agus II, Roinn I, á ***n-aisghabháil*** acu***, agus roghanna malartacha ábhartha eile ar gháis ceaptha teasa fhluairínithe,*** ó threalamh aerchóiriúcháin i mótarfheithiclí a thagann faoi raon feidhme Threoir 2006/40/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([42]), de bhun mhír 5. |
| ([42]) Treoir 2006/40/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir leis na hastaíochtaí ó chórais aerchóirithe mótarfheithiclí agus lena leasaítear Treoir 70/156/CEE ón gComhairle (IO L 161, 14.6.2006, lch. 12). | ([42]) Treoir 2006/40/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 17 Bealtaine 2006 maidir leis na hastaíochtaí ó chórais aerchóirithe mótarfheithiclí agus lena leasaítear Treoir 70/156/CEE ón gComhairle (IO L 161, 14.6.2006, lch. 12). |

### Leasú 66

### Togra le haghaidh rialacháin

### Airteagal 10 – mír 3 – an chuid réamhráiteach

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Clúdófar na nithe seo a leanas leis na cláir dheimhniúcháin agus leis an oiliúint dá bhforáiltear i mír 1 agus mír 2: | 3. Clúdófar na nithe seo a leanas ***ar a laghad*** leis na cláir dheimhniúcháin agus leis an oiliúint dá bhforáiltear i mír 1 agus mír 2: |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 10 – mír 3 – pointe e a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ea) deimhniú do roghanna malartacha nádúrtha, lena n-áirítear a saintréithe agus a sochair i gcomparáid le húsáid gás ceaptha teasa fluairínithe, agus a láimhseáil go sábháilte le linn suiteála, seirbhísithe, cothabhála, deisiúcháin agus díchoimisiúnú.*** |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 10 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Déanfaidh na Ballstáit scéimeanna deimhniúcháin agus cláir oiliúna a bhunú nó a oiriúnú de bhun mhíreanna 1, 2, 3 agus 6 laistigh de 6 mhí ó theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo, i gcás inarb ábhartha.*** |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 10 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Beidh na ***deimhnithe agus na*** dearbhuithe oiliúna a eisíodh cheana i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 bailí i gcónaí, i gcomhréir leis na coinníollacha faoinar eisíodh iad an chéad lá. | 7. Beidh na dearbhuithe oiliúna a eisíodh cheana i gcomhréir le Rialachán (AE) Uimh. 517/2014 bailí i gcónaí, i gcomhréir leis na coinníollacha faoinar eisíodh iad an chéad lá. ***Féadfaidh bailíocht na ndeimhnithe atá ann cheana a bheith faoi réir ceanglais bhreise chun léiriú a thabhairt ar shíneadh na scéime deimhniúcháin chuig roghanna malartacha ábhartha eile ar gháis cheaptha teasa fhluairínithe.*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 10 – mír 8 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| Faoin 1 Eanáir [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi chláir dheimhniúcháin agus oiliúna. | Faoin 1 Eanáir [Oifig na bhFoilseachán, cuir isteach an dáta = bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] tabharfaidh na Ballstáit fógra don Choimisiún faoi chláir dheimhniúcháin agus oiliúna ***agus faoi líon na ndaoine deimhnithe agus oilte le haghaidh gás ceaptha teasa fluairínithe agus faoi na roghanna eile ábhartha i ngach earnáil. I gcás ina dtiteann deimhniú agus oiliúint le haghaidh na roghanna malartacha ábhartha faoi bhun tairseach íosta, cuirfidh na Ballstáit plean leis an bhfógra, a thiomsófar i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, lena n-áirítear na comhpháirtithe sóisialta, ina leagfar amach gníomhaíochtaí chun deimhniú agus oiliúint a mhéadú maidir leis na roghanna malartacha ábhartha amhail ón mbliain féilire dár gcionn.*** |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 10 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 9. ***Féadfaidh*** an Coimisiún ***leagan amach an fhógra dá dtagraítear i mír 8 a chinneadh***, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2). | 9. ***Déanfaidh*** an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme***, an tairseach íosta a chinneadh maidir le gníomhaíochtaí chun deimhniú agus oiliúint ar roghanna malartacha ábhartha a mhéadú agus formáid an fhógra dá dtagraítear i mír 8 a chinneadh***. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2). |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 10 – mír 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
| --- | --- |
| 10. ***Aon ghnóthas a shannann*** cúram dá dtagraítear i mír 1 do ghnóthas eile, ***déanfaidh sé bearta réasúnta lena fháil amach an*** bhfuil na deimhnithe is gá ag an ngnóthas eile sin maidir leis na cúraimí is gá dá dtagraítear i mír 1. | 10. ***Ní fhéadfaidh gnóthas*** cúram dá dtagraítear i mír 1 ***a shannadh*** do ghnóthas eile, ***ach amháin tar éis dó a fhíorú go*** bhfuil na deimhnithe is gá ag an ngnóthas eile sin maidir leis na cúraimí is gá dá dtagraítear i mír 1. |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 160**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***De mhaolú ar an gcéad fhomhír, ceadófar páirteanna den trealamh is gá chun trealamh atá ann cheana a dheisiú agus a sheirbhísiú a chur ar an margadh, ar choinníoll nach dtiocfaidh méadú ar thoilleadh an trealaimh nó méadú ar líon na ngás fluairínithe atá sa trealamh nó sna gáis fhluairínithe a úsáideadh mar thoradh ar an deisiú nó ar an seirbhísiú.*** |

**Leasú 74**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 11 – mír 1 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Dhá bhliain*** tar éis na ndátaí aonair a liostaítear in Iarscríbhinn IV, ní cheadófar táirgí nó trealamh a cuireadh ar an margadh go dleathach roimh an dáta dá dtagraítear sa chéad fhomhír a sholáthar nó a chur ar fáil ***ina dhiaidh sin*** do pháirtí eile san Aontas ar íocaíocht nó saor in aisce, ach amháin má chuirtear fianaise ar fáil gur cuireadh an táirge nó an trealamh ar an margadh go dleathach roimh an dáta sin. | ***6 mhí*** tar éis na ndátaí aonair a liostaítear in Iarscríbhinn IV, ní cheadófar táirgí nó trealamh a cuireadh ar an margadh go dleathach roimh an dáta dá dtagraítear sa chéad fhomhír a sholáthar nó a chur ar fáil do pháirtí eile san Aontas ***ina dhiaidh sin*** ar íocaíocht nó saor in aisce ach amháin má chuirtear fianaise ar fáil gur cuireadh an táirge nó an trealamh ar an margadh go dleathach roimh an dáta sin. |

**Leasú 75**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 11 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I dteannta an toirmisc maidir le cur ar an margadh a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, pointe 1, beidh toirmeasc ar choimeádáin nach féidir a athlíonadh le haghaidh gáis ceaptha teasa fhluairínithe ***a liostaítear in Iarscríbhinn I agus Iarscríbhinn II***, ***Roinn 1,*** bíodh siad folamh nó lán, go páirteach nó go hiomlán, a allmhairiú, a chur ar an margadh, a úsáid nó a onnmhairiú, agus beidh toirmeasc ar aon soláthar coimeádán den sórt sin ina dhiaidh sin, nó ar choimeádáin den sórt sin a chur ar fáil do dhaoine eile laistigh den Aontas, bíodh sin ar íocaíocht nó saor in aisce. Ní fhéadfar na coimeádáin sin a stóráil ná a iompar ach amháin chun iad a dhiúscairt ina dhiaidh sin. Níl feidhm ag an toirmeasc sin maidir le coimeádáin a úsáidtear chun críocha saotharlainne nó anailíseacha. | 3. I dteannta an toirmisc maidir le cur ar an margadh a leagtar amach in Iarscríbhinn IV, pointe 1, beidh toirmeasc ar choimeádáin nach féidir a athlíonadh le haghaidh gáis ceaptha teasa fhluairínithe, bíodh siad folamh nó lán, go páirteach nó go hiomlán, a allmhairiú, a chur ar an margadh, a úsáid nó a onnmhairiú, agus beidh toirmeasc ar aon soláthar coimeádán den sórt sin ina dhiaidh sin, nó ar choimeádáin den sórt sin a chur ar fáil do dhaoine eile laistigh den Aontas, bíodh sin ar íocaíocht nó saor in aisce. Ní fhéadfar na coimeádáin sin a stóráil ná a iompar ach amháin chun iad a dhiúscairt ina dhiaidh sin. Níl feidhm ag an toirmeasc sin maidir le coimeádáin a úsáidtear chun críocha saotharlainne nó anailíseacha. |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 76**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 11 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Gnóthais a chuireann coimeádáin le haghaidh gás ceaptha teasa fluairínithe ar an margadh, soláthróidh siad dearbhú comhréireachta ina mbeidh fianaise lena ndeimhnítear na socruithe atá i bhfeidhm chun an coimeádán sin a thabhairt ar ais chun críche athlíonta. I gcás na socruithe sin, beidh oibleagáidí ceangailteacha ar sholáthróir na gcoimeádán chuig an úsáideoir deiridh chun na socruithe a chomhlíonadh.*** |
| | ***Coimeádfaidh na gnóthais dá dtagraítear sa chéad fhomhír an dearbhú comhréireachta ar feadh tréimhse 5 bliana ar a laghad tar éis coimeádáin in-athlíonta a chur ar an margadh agus cuirfear ar fáil é, arna iarraidh sin dóibh, d'údaráis inniúla na mBallstát agus don Choimisiún. Coimeádfaidh soláthróirí na gcoimeádán chuig úsáideoirí deiridh fianaise ar chomhlíonadh na socruithe sin ar feadh tréimhse 5 bliana ar a laghad tar éis a soláthair chuig an úsáideoir deiridh agus cuirfear an fhianaise sin ar fáil, arna iarraidh sin, d'údaráis inniúla na mBallstát agus don Choimisiún.*** |
| | ***Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an Rialachán seo a fhorlíonadh trí shonraí an dearbhaithe comhréireachta a chinneadh. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir le hAirteagal 34(2).*** |

**Leasú 77**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 11 – mír 4 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tar éis iarraidh ar tugadh bunús léi a fháil ó údarás inniúil de chuid Ballstáit, agus cuspóirí an Rialacháin seo á gcur san áireamh, féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn eisceachtúil, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, díolúine ar feadh tréimhse suas go dtí ***7 mbliana*** a údarú ionas gur ceadmhach táirgí agus trealamh a liostaítear in Iarscríbhinn IV a chur ar an margadh, ***lena n-áirítear codanna díobh,*** ar táirgí agus trealamh iad ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe, nó a bhfuil a bhfeidhmiú ag brath ar na gáis sin, más rud é go léirítear: | ***Gan dochar don mhaolú maidir le páirteanna spártha dá dtagraítear i bhfomhír 1a,*** tar éis iarraidh ar tugadh bunús léi a fháil ó údarás inniúil de chuid Ballstáit, agus cuspóirí an Rialacháin seo á gcur san áireamh, féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn eisceachtúil, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, díolúine ar feadh tréimhse suas go dtí ***4 bliana*** a údarú ionas gur ceadmhach táirgí agus trealamh a liostaítear in Iarscríbhinn IV a chur ar an margadh, ar táirgí agus trealamh iad ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe, nó a bhfuil a bhfeidhmiú ag brath ar na gáis sin, más rud é go léirítear: |

**Leasú 78**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 11 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Ní cheadófar do ghnóthais bulcgháis cheaptha teasa fhluairínithe a chur ar an margadh ná a dhíol ach amháin sna cásanna seo a leanas:*** |
| | ***(a) go bhfuil deimhniú nó fianú oiliúna ag na gnóthais a cheanglaítear faoi Airteagal 10 nó go bhfostaíonn siad daoine a bhfuil deimhniú nó fianú oiliúna acu, agus*** |
| | ***(b) go bhfuil na gnóthais bunaithe san Aontas, nó gur sainordaigh siad ionadaí aonair atá bunaithe san Aontas a ghlacann freagracht iomlán as an Rialachán a chomhlíonadh.*** |
| | ***Féadfaidh an t-ionadaí aonair a bheith mar ant- ionadaí sainordaithe de bhun Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle.*** |

**Leasú 79**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 11 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 11a*** |
| | ***Srian ar onnmhairiú táirgí agus trealaimh áirithe ina bhfuil gáis cheaptha teasa fhluairínithe*** |
| | ***Beidh toirmeasc ar tháirgí agus trealamh, lena n-áirítear codanna díobh, atá liostaithe in Iarscríbhinn IV, a onnmhairiú, le díolúine do threalamh míleata, ón dáta arna sonrú san Iarscríbhinn sin, agus i gcás inarb infheidhme, déanfar idirdhealú de réir chineál nó de réir acmhainne téimh domhanda an gháis atá ann.*** |

**Leasú 80**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar táirgí nó trealamh atá faoi réir díolúine dá dtagraítear in Airteagal 11(4) a lipéadú dá réir agus áireofar tagairt iontu nach bhféadfar na táirgí nó an trealamh sin a úsáid ach amháin don chuspóir dár tugadh díolúine faoin Airteagal sin. | 2. Déanfar táirgí nó trealamh atá faoi réir díolúine dá dtagraítear in Airteagal 11(4) a lipéadú dá réir***, ag sonrú tréimhse bailíochta na díolúine,*** agus áireofar tagairt iontu nach bhféadfar na táirgí nó an trealamh sin a úsáid ach amháin don chuspóir dár tugadh díolúine faoin Airteagal sin. |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 81**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) ón 1 Eanáir 2017 amach, cainníocht na ngás ceaptha teasa fluairínithe atá sa táirge nó sa trealamh nó cainníocht na ngás ceaptha teasa fluairínithe ar ceapadh an trealamh chuici, de réir meáchain agus choibhéis $CO_2$ agus poitéinseal téimh dhomhanda na ngás sin. | (c) ón 1 Eanáir 2017 amach, cainníocht na ngás ceaptha teasa fluairínithe atá sa táirge nó sa trealamh nó cainníocht na ngás ceaptha teasa fluairínithe ar ceapadh an trealamh chuici, de réir meáchain agus choibhéis $CO_2$ agus poitéinseal téimh dhomhanda na ngás sin***, ar amscála 100 agus 20 bliain araon***. |

**Leasú 82**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 – mír 3 – fomhír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcás inarb ábhartha, déanfar táirgí iarfheistithe nó trealamh ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a athlipéadú le faisnéis nuashonraithe dá dtagraítear sa mhír seo.*** |

**Leasú 83**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 – mír 5 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***5a. I gcás inarb ábhartha, déanfar coimeádáin athlíonta de gháis ceaptha teasa fhluairínithe a athlipéadú le faisnéis nuashonraithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 3.*** |

**Leasú 84**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 – mír 10**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***10. Gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinní I agus II agus a chuirtear ar an margadh i gcomhair eitseáil ábhair leathsheoltóra nó glanadh coimeádán deasctha gaile ceimicí laistigh den earnáil mhonaraithe leathsheoltóra, déanfar iad a lipéadú le léiriú á rá nach bhféadfaí a bhfuil sa choimeádán a úsáid ach chun na críche sin.*** | ***scriosta*** |

Déardaoin 30. Márta 2023

**Leasú 85**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 – mír 13 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás hidreafluaracarbón, áireofar leis an lipéad dá dtagraítear i míreanna 7 go 11 an léiriú 'díolmhaithe ón gcuóta faoi Rialachán (AE) Uimh. …/… [OF: Cuir isteach tagairt don Rialachán seo]'. | I gcás hidreafluaracarbón, áireofar leis an lipéad dá dtagraítear i míreanna 7 go ***9 agus*** 11 an léiriú 'díolmhaithe ón gcuóta faoi Rialachán (AE) Uimh. …/… [OF: Cuir isteach tagairt don Rialachán seo]'. |

**Leasú 86**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 12 – mír 13 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| In éagmais na gceanglas lipéadaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus i míreanna 7 go 11, beidh na hidreafluaracarbóin faoi réir na gceanglas cuóta de bhun Airteagal 16(1). | In éagmais na gceanglas lipéadaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír agus i míreanna 7 go ***9 agus*** 11, beidh na hidreafluaracarbóin faoi réir na gceanglas cuóta de bhun Airteagal 16(1). |

**Leasú 152**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 13 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh, beidh ***toirmeasc ar úsáid*** gás ceaptha teasa fluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, a bhfuil acmhainn téimh dhomhanda de 2 500 nó níos mó acu, ***le haghaidh*** trealamh cuisniúcháin a sheirbhísiú nó a chothabháil. | Ón 1 Eanáir 2024 ar aghaidh ***beidh toirmeasc ar na húsáidí seo a leanas: seirbhísiú nó cothabháil a dhéanamh ar threalamh aerchóiriúcháin agus teaschaidéil, ar threalamh cuisniúcháin soghluaiste agus ar fhuarthóirí le*** gáis cheaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, le hacmhainneacht téite domhanda de 2 500 nó níos mó. |
| | ***Ón 1 Eanáir 2030 ar aghaidh beidh toirmeasc ar na húsáidí seo a leanas:*** seirbhísiú nó cothabháil trealaimh chuisniúcháin ***dho-aistrithe***, ***cé is moite de fhuaróirí, le gáis cheaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, le hacmhainneacht téite domhanda de 150 nó níos mó;*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 88**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 13 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ní bheidh feidhm ag an ***mhír*** seo maidir le trealamh míleata nó maidir le trealamh atá beartaithe le feidhmeanna arna gceapadh chun táirgí a fhuarú chuig teocht faoi – 50 °C. | Ní bheidh feidhm ag an ***mír*** seo maidir le trealamh míleata nó maidir le trealamh atá beartaithe le feidhmeanna arna gceapadh chun táirgí ***íocshláinte*** a fhuarú chuig teocht faoi – 50 °C ***nó trealamh atá beartaithe le feidhmeanna arna gceapadh chun gléasraí cumhachta núicléiche a fhuarú***. |

**Leasú 89**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 13 – mír 3 – fomhír 3 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) gáis ceaptha teasa fhluairínithe athshlánaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I ag a bhfuil acmhainneacht téite domhanda de ***2 500*** nó níos mó a úsáidtear i gcomhair trealamh cuisniúcháin atá ann cheana a chothabháil nó a sheirbhísiú, ar choinníoll go ndearnadh iad a lipéadú i gcomhréir le hAirteagal 12(6); | (a) gáis ceaptha teasa fhluairínithe athshlánaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I ag a bhfuil acmhainneacht téite domhanda de ***150*** nó níos mó a úsáidtear i gcomhair trealamh cuisniúcháin ***do-aistrithe*** atá ann cheana a chothabháil nó a sheirbhísiú, ***cé is moite d'fhuaraitheoirí,*** ar choinníoll go ndearnadh iad a lipéadú i gcomhréir le hAirteagal 12(6); |

**Leasú 90**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 13 – mír 3 – fomhír 3 – pointe a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(aa) gáis ceaptha teasa fhluairínithe athshlánaithe a liostaítear in Iarscríbhinn I le hacmhainneacht téite domhanda de 2 500 nó níos mó, a úsáidtear chun trealamh aerchóiriúcháin agus teaschaidéil, cuisniúchán agus fuarthóirí soghluaiste a chothabháil nó a sheirbhísiú, ar choinníoll go ndearnadh iad a lipéadú i gcomhréir le hAirteagal 12(6);*** |

**Leasú 91**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 13 – mír 3 – fomhír 3 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) gáis ceaptha teasa fhluairínithe athchúrsáilte a liostaítear in Iarscríbhinn I ag a bhfuil acmhainneacht téite domhanda de ***2 500*** nó níos mó a úsáidtear i gcomhair trealamh cuisniúcháin atá ann cheana a chothabháil nó a sheirbhísiú, ar choinníoll gur aisghabhadh iad ó threalamh den sórt sin. Ní fhéadann aon ghnóthas na gáis athchúrsáilte sin a úsáid ach amháin ar choinníoll gurbh é an gnóthas a rinne an aisghabháil mar chuid de chothabháil agus de sheirbhísiú, nó gurbh é an gnóthas a ndearnadh an aisghabháil thar a cheann mar chuid de chothabháil nó de sheirbhísiú. | (b) gáis ceaptha teasa fhluairínithe athchúrsáilte a liostaítear in Iarscríbhinn I ag a bhfuil acmhainneacht téite domhanda de ***150*** nó níos mó a úsáidtear i gcomhair trealamh cuisniúcháin ***do-aistrithe*** atá ann cheana a chothabháil nó a sheirbhísiú, ***cé is moite d'fhuaraitheoirí,*** ar choinníoll gur aisghabhadh iad ó threalamh den sórt sin. Ní fhéadann aon ghnóthas na gáis athchúrsáilte sin a úsáid ach amháin ar choinníoll gurbh é an gnóthas a rinne an aisghabháil mar chuid de chothabháil agus de sheirbhísiú, nó gurbh é an gnóthas a ndearnadh an aisghabháil thar a cheann mar chuid de chothabháil nó de sheirbhísiú. |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 92**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 13 – mír 3 – fomhír 3 – pointe b a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(ba) gáis ceaptha teasa fhluairínithe athchúrsáilte a liostaítear in Iarscríbhinn I ag a bhfuil acmhainneacht téite domhanda de 2 500 nó níos mó, a úsáidtear chun trealamh aerchóiriúcháin agus teaschaidéil, cuisniúchán agus fuarthóirí soghluaiste atá ann cheana a chothabháil nó a sheirbhísiú, ar choinníoll gur aisghabhadh iad ó threalamh den sórt sin; ní fhéadann aon ghnóthas na gáis athchúrsáilte sin a úsáid ach amháin ar choinníoll gurbh é an gnóthas a rinne an aisghabháil mar chuid de chothabháil agus de sheirbhísiú, nó gurbh é an gnóthas a ndearnadh an aisghabháil thar a cheann mar chuid de chothabháil nó de sheirbhísiú.*** |

**Leasú 156**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 13 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Beidh toirmeasc ar úsáid deasfluráin mar ainéistéiseach ionanálaithe amhail ón 1 Eanáir 2026, ach amháin i gcás ina bhfuil fíorghá le húsáid den sórt sin agus nach féidir aon ainéistéiseach eile a úsáid ar fhorais leighis. ***Cuirfidh an t-úsáideoir*** fianaise ***ar fáil, arna iarraidh sin,*** maidir leis an mbonn cirt leighis d'údarás inniúil an Bhallstáit agus don Choimisiún. | 4. Beidh toirmeasc ar úsáid deasfluráin mar ainéistéiseach ionanálaithe amhail ón 1 Eanáir 2026, ***agus ní cheadófar é*** ach amháin i gcás ina bhfuil fíorghá le húsáid den sórt sin agus nach féidir aon ainéistéiseach eile a úsáid ar fhorais leighis ***nó i gcás ina n-áirithítear go n-úsáidtear é i gcomhcheangal le córas gabhála***. ***Coinneoidh an institiúid cúraim sláinte*** fianaise maidir leis an mbonn cirt leighis***, agus cuirfidh sé ar fáil í, arna iarraidh sin,*** d'údarás inniúil an Bhallstáit agus don Choimisiún. |

**Leasú 94**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 13 – mír 4 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***4a. Ón 1 Eanáir 2030, tá toirmeasc ar fhluairíd sulfairile a úsáid le haghaidh toitriú iarbhuainte agus chun adhmad agus táirgí adhmaid a chóireáil in aghaidh inmhíolú lotnaidí, ach amháin i gcás ina mbeidh fíorghá le húsáid den sórt sin le haghaidh deimhniú fíteashláintíochta agus nach féidir aon chóireáil eile a úsáid.*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 95**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 16 – mír 2 – pointe e**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| *(e)* ***a sholáthraíonn táirgeoir nó allmhaireoir go díreach chuig gnóthas atá á n-úsáid le heitseáil ábhair leathsheoltaigh nó le glanadh deascadh ceimiceach gaile san earnáil mhonaraithe leathsheoltaigh;*** | ***scriosta*** |

**Leasú 96**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 16 – mír 3 – fomhír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfaidh an Coimisiún faireachán leanúnach ar mhargadh soláthair leathsheoltóra an Aontais. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 32 chun mír 2 den Airteagal seo a leasú agus chun ábhair leathsheoltacha nó guasáin deascaidh gaile laistigh den earnáil leathsheoltóra a eisiamh ón gcóras cuótaí a leagtar síos i mír 1 den Airteagal seo, i gcás ina sainaithnítear ann, mar thoradh ar earnáil na leathsheoltóirí a bheith san áireamh sa chóras cuótaí hidreafluaracarbóin, go bhfuil ganntanas nó briseadh i soláthar ábhar leathsheoltóra nó guasáin deascaidh gaile chuig margadh an Aontais.*** |

**Leasú 97**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 16 – mír 4 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tar éis iarraidh a dtugtar bunús léi, ó údarás inniúil de chuid Ballstáit agus cuspóirí an Rialacháin seo á gcur san áireamh, féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn eisceachtúil, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, díolúine ar feadh suas go ***ceithre bliana*** a údarú chun eisiamh ón gceanglas cuóta a leagtar síos i mír 1 a thabhairt maidir le hidreafluaracarbóin a úsáidfear i bhfeidhmeanna sonracha, nó i gcatagóirí sonracha táirgí nó trealaimh i gcás ina léirítear: | Tar éis iarraidh a dtugtar bunús léi, ó údarás inniúil de chuid Ballstáit ***nó ó Ghníomhaireacht de chuid an Aontais*** agus cuspóirí an Rialacháin seo á gcur san áireamh, féadfaidh an Coimisiún, ar bhonn eisceachtúil, trí bhíthin gníomhartha tarmligthe, díolúine ar feadh ***tréimhse*** suas go ***7 mbliana*** a údarú chun eisiamh ón gceanglas cuóta a leagtar síos i mír 1 a thabhairt maidir le hidreafluaracarbóin a úsáidfear i bhfeidhmeanna sonracha, nó i gcatagóirí sonracha táirgí nó trealaimh i gcás ina léirítear: |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 98**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 16 – mír 4 – fomhír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) nach bhfuil roghanna eile ar fáil ar na feidhmeanna, ar na táirgí nó ar an trealamh áirithe sin nó nach féidir iad a úsáid ar chúiseanna teicniúla nó sábháilteachta; agus | (a) nach bhfuil roghanna eile ar fáil ar na feidhmeanna, ar na táirgí nó ar an trealamh áirithe sin nó nach féidir iad a úsáid ar chúiseanna teicniúla nó sábháilteachta ***nó mar gheall ar rioscaí do shláinte an phobail***; agus |

**Leasú 99**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Tá leithdháileadh na gcuótaí faoi réir íocaíocht an mhéid atá dlite arb ionann agus ***trí*** euro in aghaidh gach tona de choibhéis $CO_2$ den chuóta atá le leithdháileadh. Tabharfar fógra tríd an Tairseach F-Gás d'allmhaireoirí agus do tháirgeoirí faoin méid iomlán atá dlite i gcomhair a leithdháilte cuóta uasta ríofa le haghaidh na bliana féilire dár gcionn, agus faoin spriocdháta chun an íocaíocht a chur i gcrích. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na módúlachtaí agus na socraithe mionsonraithe le haghaidh íocaíocht an mhéid dhlite a chinneadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2). | Tá leithdháileadh na gcuótaí faoi réir íocaíocht an mhéid atá dlite arb ionann ***é*** agus ***cúig*** euro in aghaidh gach tona de choibhéis $CO_2$ den chuóta atá le leithdháileadh ***sa tréimhse 2024-2026 agus méadófar é gach trí bliana ina dhiaidh sin chun ioncam seasmhach a áirithiú, i bhfianaise laghdú céimnitheach an chuóta a leagtar amach in Iarscríbhinn VII***. Tabharfar fógra tríd an Tairseach F-Gás d'allmhaireoirí agus do tháirgeoirí faoin méid iomlán atá dlite i gcomhair a leithdháilte cuóta uasta ríofa le haghaidh na bliana féilire dár gcionn, agus faoin spriocdháta chun an íocaíocht a chur i gcrích. Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na módúlachtaí agus na socraithe mionsonraithe le haghaidh íocaíocht an mhéid dhlite a chinneadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34(2). |

**Leasú 100**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 32 chun mír 5 a leasú a mhéid a bhaineann leis na méideanna atá dlite ***le haghaidh*** an cuóta a leithdháileadh agus le haghaidh an tsásra chun cuótaí atá fágtha a leithdháileadh, i gcás inar gá chun cur isteach mór ar mhargadh na hidreafluaracarbón a chosc, nó i gcás nach gcomhlíonann an sásra a chuspóir agus ina mbíonn éifeachtaí neamh-inmhianaithe nó neamhbheartaithe air sin. | 6. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 32 chun mír 5 a leasú a mhéid a bhaineann leis na méideanna atá dlite ***chun*** an cuóta a leithdháileadh agus le haghaidh an tsásra chun cuótaí atá fágtha a leithdháileadh, i gcás inar gá chun cur isteach mór ar mhargadh na hidreafluaracarbón a chosc, nó i gcás nach gcomhlíonann an sásra a chuspóir agus ina mbíonn éifeachtaí neamh-inmhianaithe nó neamhbheartaithe air sin***, lena n-áirítear ar shláinte an phobail agus ar úsáideoirí MDInna***. |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 101**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***6a. Faoin … [bliain amháin tar éis theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú, i gcomhairle leis na geallsealbhóirí ábhartha, ar an tionchar atá ag laghdú céimnitheach na gcuótaí HFC ar mhargadh teaschaidéil an Aontais, agus cuirfidh sé tuarascáil faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.*** |
| | ***Déanfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 32 chun Iarscríbhinn VII a leasú agus chun méid teoranta cuótaí breise a cheadú maidir le HFCanna a chur ar mhargadh an Aontais lena n-úsáid i dteaschaidéil go dtí an bhliain 2029, i gcás inarb é conclúid an mheasúnaithe dá dtagraítear sa chéad fhomhír go gcruthaítear suaitheadh i margadh teaschaidéil an Aontais le laghdú céimnitheach na gcuótaí HFC a leagtar amach in Iarscríbhinn VII ar mhargadh teaschaidéil an Aontais a mhéid a chuirfeadh gnóthú spriocanna imlonnaithe teaschaidéil RePowerEU i mbaol.*** |
| | ***Sa tuarascáil dá dtagraítear sa chéad fhomhír, tabharfaidh an Coimisiún údar cuí lena chinneadh na gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa dara fomhír a ghlacadh nó gan iad a ghlacadh.*** |
| | ***I gcás ina nglacfaidh an Coimisiún gníomhartha tarmligthe dá dtagraítear sa dara fomhír, dáilfear na cuótaí breise ar tháirgeoirí agus ar allmhaireoirí, tar éis a n-iarrataí, arna gcur isteach chuig an Tairseach F-gás, mar aon le fianaise, i bhfoirm conarthaí díolacháin, go bhfuil na cuótaí le húsáid le haghaidh teaschaidéal.*** |

**Leasú 102**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Is é a bheidh san ioncam a ghinfear ón méid leithdháilte cuóta ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046. ***Leithdháilfear an t-ioncam*** sin do chlár LIFE agus do Cheannteideal 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Riarachán Poiblí Eorpach)***, chun na costais a chumhdach a bhaineann leis an bhfoireann sheachtrach atá ag obair ar bhainistiú an leithdháilte cuóta, na seirbhísí TF agus na seirbhísí ceadúnaithe chun an Rialachán seo a chur chun feidhme agus chun comhlíonadh an Phrótacail a áirithiú. Aon ioncam a bheidh fágtha tar éis na costais sin a chumhdach, cuirfear isteach i mbuiséad ginearálta an Aontais é.*** | 7. Is é a bheidh san ioncam a ghinfear ón méid leithdháilte cuóta ioncam sannta seachtrach i gcomhréir le hAirteagal 21(5) de Rialachán (AE, Euratom) 2018/1046. ***Sannfar an t-ioncam*** sin do chlár LIFE agus do Cheannteideal 7 den chreat airgeadais ilbhliantúil (Riarachán Poiblí Eorpach): |
| | ***(a) chun na costais a chumhdach a bhaineann leis an bhfoireann sheachtrach atá ag obair ar bhainistiú an leithdháilte cuóta, na seirbhísí TF agus na seirbhísí ceadúnaithe chun an Rialachán seo a chur chun feidhme;*** |

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(b) na costais lena áirithiú go gcomhlíonfar an Prótacal a chumhdach;*** |
| | ***(c) tacú le fothú acmhainneachta ar an leibhéal náisiúnta agus le cur chun feidhme agus forfheidhmiú an Rialacháin seo ag na Ballstáit, lena n-áirítear i ndáil leis an gcomhrac i gcoinne díolacháin ar líne gás fluairínithe neamhdhleathach agus scriosadh gás fluairínithe neamhdhleathach a urghabhadh; agus*** |
| | ***(d) chun dlús a chur le húsáid roghanna malartacha ar gháis fhluairínithe, go háirithe in earnálacha a mbíonn costais arda mhaolaithe ag baint leo, agus in earnáil an teaschaidéil, lena n-áirítear táirgeadh an trealaimh is gá a mhéadú, rochtain ar mhaoiniú a éascú, praghsanna a laghdú do thomhaltóirí, oiliúint a chur ar dhaoine nádúrtha agus daoine nádúrtha a dheimhniú faoi Airteagal 10 agus suiteálaithe coirí gáis a athsciliú.*** |
| | ***Aon ioncam a bheidh fágtha tar éis na costais sin a chumhdach, cuirfear isteach i mbuiséad ginearálta an Aontais é.*** |

**Leasú 103**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 18 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ní leithdháilfear cuótaí ach amháin do tháirgeoirí nó d'allmhaireoirí a bhfuil bunaíocht acu laistigh den Aontas, nó a rinne ionadaí aonair a shainordú a bhfuil bunaíocht acu laistigh den Aontas a ghlacann an fhreagracht iomlán maidir leis an Rialachán seo a chomhlíonadh. Féadfaidh an t-ionadaí aonair a bheith mar an gcéanna leis an ionadaí arna sainordú de bhun Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([43]). | 1. Ní leithdháilfear cuótaí ach amháin do tháirgeoirí nó d'allmhaireoirí a bhfuil bunaíocht acu laistigh den Aontas, nó a rinne ionadaí aonair a shainordú a bhfuil bunaíocht acu laistigh den Aontas a ghlacann an fhreagracht iomlán maidir leis an Rialachán seo a chomhlíonadh ***agus ceanglais Theideal II de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chomhlíonadh.*** Féadfaidh an t-ionadaí aonair a bheith mar an gcéanna leis an ionadaí arna sainordú de bhun Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([43]). |
| ([43]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1) | ([43]) Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 18 Nollaig 2006 maidir le Clárú, Meastóireacht, Údarú agus Srianadh Ceimiceán (REACH), lena mbunaítear Gníomhaireacht Eorpach Ceimiceán, lena leasaítear Treoir 1999/45/CE agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 793/93 ón gComhairle agus Rialachán (CE) Uimh. 1488/94 ón gCoimisiún chomh maith le Treoir 76/769/CEE ón gComhairle agus Treoracha 91/155/CEE, 93/67/CEE, 93/105/CE agus 2000/21/CE ón gCoimisiún (IO L 396, 30.12.2006, lch. 1) |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 104**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 19 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Ní chuirfear trealamh cuisniúcháin, aerchóiriúcháin nó teaschaidéil atá luchtaithe le hidreafluaracarbóin ar an margadh ach amháin má chuirtear na hidreafluaracarbóin a luchtaítear isteach sa trealamh san áireamh sa chóras cuóta dá dtagraítear sa Chaibidil seo. | 1. Ní chuirfear trealamh cuisniúcháin, aerchóiriúcháin***, MDInna*** nó teaschaidéil atá luchtaithe le hidreafluaracarbóin ar an margadh ach amháin má chuirtear na hidreafluaracarbóin a luchtaítear isteach sa trealamh san áireamh sa chóras cuóta dá dtagraítear sa Chaibidil seo. |

**Leasú 105**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 19 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Agus trealamh réamhluchtaithe dá dtagraítear i mír 1 á ***chur*** ar an margadh, áiritheoidh monaróirí agus allmhaireoirí trealaimh go ndéanfar comhlíonadh le mír 1 a dhoiciméadú go hiomlán agus déanfaidh siad dearbhú comhlíonta a tharraingt suas ina leith sin. | Agus trealamh ***nó táirgí*** réamhluchtaithe dá dtagraítear i mír 1 á ***gcur*** ar an margadh, áiritheoidh monaróirí agus allmhaireoirí trealaimh ***nó táirgí*** go ndéanfar comhlíonadh le mír 1 a dhoiciméadú go hiomlán agus déanfaidh siad dearbhú comhlíonta a tharraingt suas ina leith sin. |

**Leasú 106**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 19 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Trí dhearbhú comhlíonta a tharraingt suas, gabhfaidh monaróirí agus allmhaireoirí trealaimh freagracht orthu féin maidir leis an mír seo agus le mír 1 a chomhlíonadh. | Trí dhearbhú comhlíonta a tharraingt suas, gabhfaidh monaróirí agus allmhaireoirí trealaimh ***nó táirgí*** freagracht orthu féin maidir leis an mír seo agus le mír 1 a chomhlíonadh. |

**Leasú 107**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 19 – mír 2 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Coimeádfaidh monaróirí agus allmhaireoirí trealaimh an doiciméadacht sin agus an dearbhú comhréireachta ar feadh tréimhse 5 bliana ar a laghad tar éis an trealamh sin a chur ar an margadh agus cuirfidh siad ar fáil, arna iarraidh sin, d'údaráis inniúla na mBallstát agus don Choimisiún iad. | Coimeádfaidh monaróirí agus allmhaireoirí trealaimh ***nó táirgí*** an doiciméadacht sin agus an dearbhú comhréireachta ar feadh tréimhse 5 bliana ar a laghad tar éis an trealamh ***nó na táirgí*** sin a chur ar an margadh agus cuirfidh siad ar fáil, arna iarraidh sin, d'údaráis inniúla na mBallstát agus don Choimisiún iad. |

**Leasú 108**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 19 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcás nár cuireadh hidreafluaracarbóin atá sa trealamh dá dtagraítear i mír 1 ar an margadh roimh luchtú an trealaimh, áiritheoidh allmhaireoirí an trealaimh, faoin 30 Aibreán [OF: Cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm] agus gach bliain ina dhiaidh sin, go ndearbhófar cruinneas na doiciméadachta agus an dearbhaithe comhréireachta agus fírinneacht a dtuarascála de bhun Airteagal 26, don bhliain féilire roimhe sin, ar leibhéal réasúnta cinnteachta ag iniúchóir neamhspleách a chláraítear sa Tairseach F-gás. | I gcás nár cuireadh hidreafluaracarbóin atá sa trealamh ***nó sna táirgí*** dá dtagraítear i mír 1 ar an margadh roimh luchtú an trealaimh, áiritheoidh allmhaireoirí an trealaimh ***nó na dtáirgí sin***, faoin 30 Aibreán [OF: Cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm] agus gach bliain ina dhiaidh sin, go ndearbhófar cruinneas na doiciméadachta agus an dearbhaithe comhréireachta agus fírinneacht a dtuarascála de bhun Airteagal 26, don bhliain féilire roimhe sin, ar leibhéal réasúnta cinnteachta ag iniúchóir neamhspleách a chláraítear sa Tairseach F-gás. |

**Leasú 109**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 19 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Déanfaidh allmhaireoirí trealaimh dá dtagraítear i mír 1, nach bhfuil bunaíocht acu laistigh den Aontas, ionadaí aonair a shainordú a bhfuil bunaíocht acu laistigh den Aontas a ghlacann an fhreagracht iomlán maidir leis an Rialachán seo a chomhlíonadh. Féadfaidh an t-ionadaí aonair a bheith mar an gcéanna leis an ionadaí sainordaithe de bhun Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. | 5. Déanfaidh allmhaireoirí trealaimh ***nó táirgí*** dá dtagraítear i mír 1, nach bhfuil bunaíocht acu laistigh den Aontas, ionadaí aonair a shainordú a bhfuil bunaíocht acu laistigh den Aontas a ghlacann an fhreagracht iomlán maidir leis an Rialachán seo a chomhlíonadh. Féadfaidh an t-ionadaí aonair a bheith mar an gcéanna leis an ionadaí sainordaithe de bhun Airteagal 8 de Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006. |

**Leasú 110**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 19 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le gnóthais a chuir níos lú ná 100 tona de choibhéis $CO_2$ de hidreafluaracarbóin ar an margadh, in aghaidh na bliana, arna choinneáil sa trealamh ***sa trealamh*** dá dtagraítear i mír 1. | 6. Ní bheidh feidhm ag an Airteagal seo maidir le gnóthais a chuir níos lú ná 100 tona de choibhéis CO2 de hidreafluaracarbóin ar an margadh, in aghaidh na bliana, arna choinneáil sa trealamh ***nó sna táirgí*** dá dtagraítear i mír 1. |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 111**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 20 – mír 4 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh clárú bailí ag gnóthais sa Tairseach F-gás roimh gháis ceaptha teasa fhluairínithe agus táirgí agus trealamh ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe, nó a bhfuil a bhfeidhmíocht ag brath ar na gáis sin, a allmhairiú nó a onnmhairiú, ach amháin ***i gcásanna stórála sealadaí agus*** le haghaidh na ngníomhaíochtaí seo a leanas: | Beidh clárú bailí ag gnóthais sa Tairseach F-gás roimh gháis ceaptha teasa fhluairínithe agus táirgí agus trealamh ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe, nó a bhfuil a bhfeidhmíocht ag brath ar na gáis sin, a allmhairiú nó a onnmhairiú, ach amháin le haghaidh na ngníomhaíochtaí seo a leanas: |

**Leasú 112**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 20 – mír 4 – fomhír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) hidreafluaracarbóin a sholáthar, nó a fháil, chun na gcríoch a liostaítear i bpointí (a) go (***e***) d'Airteagal 16(2); | (c) hidreafluaracarbóin a sholáthar, nó a fháil, chun na gcríoch a liostaítear i bpointí (a) go (***d***) d'Airteagal 16(2); |

**Leasú 113**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 20 – mír 7 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Áiritheoidh an Coimisiún agus údaráis inniúla na mBallstát ***rúndacht*** na sonraí a áirítear sa Tairseach F-gás. | Áiritheoidh an Coimisiún agus údaráis inniúla na mBallstát ***go mbeidh*** na sonraí ***seo*** a ***leanas a*** áirítear sa Tairseach F-gás ***ar fáil go poiblí:*** |
| | ***(a) leithdháileadh cuótaí agus aistrithe cuótaí a nuashonraítear go rialta;*** |
| | ***(b) liosta d'allmhaireoirí agus de tháirgeoirí cláraithe;*** |
| | ***(c) sonraí maidir le hallmhairithe, lena n-áirítear pointí iontrála agus cineál HFC;*** |
| | ***(d) stóráil shealadach sonraí;*** |
| | ***(e) sonraí maidir le scrios ceimiceach ar leibhéal saoráide.*** |

Déardaoin 30. Márta 2023

**Leasú 114**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Allmhairiú agus onnmhairiú gás ceaptha teasa fluairínithe agus táirgí agus trealaimh ina bhfuil na gáis sin nó a bhfuil a bhfeidhmíocht ag brath ar na gáis sin, tá sé faoi réir ceadúnú bailí a thíolacadh d’údaráis chustaim de bhun Airteagal 20(4)***, ach amháin i gcásanna stórála sealadaí***. | Allmhairiú agus onnmhairiú gás ceaptha teasa fluairínithe agus táirgí agus trealaimh ina bhfuil na gáis sin nó a bhfuil a bhfeidhmíocht ag brath ar na gáis sin, tá sé faoi réir ceadúnú bailí a thíolacadh d’údaráis chustaim de bhun Airteagal 20(4). |

**Leasú 115**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***De mhaolú ar an gcéad mhír den Airteagal seo agus ar Airteagal 20, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha simplithe a bhunú maidir le clárú sa Tairseach F-gás i gcás stórála sealadaí mar a shainmhínítear in Airteagal 5(17) de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Glacfar na gníomhartha cur chun feidhme sin i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 34.*** |

**Leasú 116**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 23 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Allmhaireoirí gás ceaptha teasa fluairínithe ***a liostaítear in Iarscríbhinn*** I ***agus in Iarscríbhinn II, Roinn 1, i*** gcoimeádáin is féidir a athlíonadh, cuirfidh siad ar fáil d’údaráis chustaim, tráth a chuirtear isteach an dearbhú custaim a bhaineann leis an scaoileadh i saorchúrsaíocht, dearbhú comhréireachta lena n-áirítear faisnéis lena ndeimhnítear na socruithe atá i bhfeidhm maidir le filleadh an choimeádáin chun é a athlíonadh ***dá dtagraítear in Airteagal 11(3a)***. | 6. Allmhaireoirí gás ceaptha teasa fluairínithe i gcoimeádáin is féidir a athlíonadh, cuirfidh siad ar fáil d’údaráis chustaim, tráth a chuirtear isteach an dearbhú custaim a bhaineann leis an scaoileadh i saorchúrsaíocht, dearbhú comhréireachta lena n-áirítear faisnéis lena ndeimhnítear na socruithe atá i bhfeidhm maidir le filleadh an choimeádáin chun é a athlíonadh. |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

## Leasú 117

## Togra le haghaidh rialacháin

## Airteagal 23 – mír 12 – fomhír 1

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh údaráis chustaim coimeádáin nach féidir a athlíonadh a choigistiú nó a urghabháil, ar coimeádáin iad a thoirmeasctar leis an Rialachán seo lena ndiúscairt i gcomhréir le hAirteagail 197 agus 198 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Déanfaidh údaráis um fhaireachas margaidh freisin coimeádáin den sórt sin a tharraingt siar nó aisghairm ón margadh i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([45]). | Déanfaidh údaráis chustaim coimeádáin nach féidir a athlíonadh a choigistiú nó a urghabháil, ar coimeádáin iad a thoirmeasctar leis an Rialachán seo lena ndiúscairt i gcomhréir le hAirteagail 197 agus 198 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 ***agus déanfaidh siad iad a scriosadh***. Déanfaidh údaráis um fhaireachas margaidh freisin coimeádáin den sórt sin a tharraingt siar nó aisghairm ón margadh i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([45]). |
| ([45]) Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1). | ([45]) Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíonadh táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1). |

## Leasú 118

## Togra le haghaidh rialacháin

## Airteagal 23 – mír 12 – fomhír 2

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Maidir le substaintí eile agus táirgí eile agus trealamh a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ***féadfar bearta malartacha a dhéanamh*** chun allmhairiú neamhdhleathach, tuilleadh soláthair, nó onnmhairiú a chosc, go háirithe i gcás hidreafluaracarbóin a chuirtear ar an margadh i mbulc nó a luchtaítear i dtáirgí agus i dtrealamh de shárú ar an gcuóta agus na ceanglais údaraithe a leagtar amach sa Rialachán seo. | Maidir le substaintí eile agus táirgí eile agus trealamh a chumhdaítear leis an Rialachán seo, ***déanfaidh údaráis chustaim gáis cheaptha teasa fhluairínithe a allmhairítear nó a onnmhairítear de shárú ar an Rialachán seo a urghabháil agus a choigistiú agus i gcomhréir leis an [Treoir maidir le Coireacht Chomhshaoil 2021/0422(COD)],*** chun allmhairiú neamhdhleathach, tuilleadh soláthair, nó onnmhairiú a chosc, go háirithe i gcás hidreafluaracarbóin a chuirtear ar an margadh i mbulc nó a luchtaítear i dtáirgí agus i dtrealamh de shárú ar an gcuóta agus na ceanglais údaraithe a leagtar amach sa Rialachán seo. |

## Leasú 119

## Togra le haghaidh rialacháin

## Airteagal 24 – mír -1 (nua)

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***-1. Faoin 30 Meitheamh 2025, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil ina ndéanfar meastóireacht ar rioscaí ionchasacha na trádála neamhdhleathaí agus ina sainaithneofar bearta breise chun na rioscaí sin a laghdú a bhaineann le gluaiseachtaí gás ceaptha teasa fluairínithe agus táirgí agus trealaimh ina bhfuil na gáis sin nó a bhfuil a bhfeidhmíocht ag brath ar na gáis sin nuair a chuirtear faoi stóráil shealadach iad, nó nós imeachta custaim lena n-áirítear ollstóráil custaim nó nós imeachta saorchreasa nó atá ar idirthuras trí chríoch chustaim an Aontais, lena n-áirítear modheolaíochtaí rianaithe le haghaidh gáis a chuirtear ar an margadh, amhail cóid um fhreagairt thapa (QR).*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 120**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 26 – mír 1 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin 31 Márta [OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm], agus gach bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh gach táirgeoir, allmhaireoir agus onnmhaireoir a tháirg, a d'allmhairigh nó a d'onnmhairigh ***hidreafluaracarbóin nó cainníochtaí a sháraíonn tona méadrach amháin nó 100 tona de choibhéis $CO_2$ de gháis*** ceaptha teasa fhluairínithe ***eile*** le linn na bliana féilire roimhe sin a thuairisciú don Choimisiún na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn IX maidir le gach ceann de na substaintí sin don bhliain féilire sin. Beidh feidhm ag an mír seo freisin maidir le gach gnóthas a fhaigheann cuóta de bhun Airteagal 21(1). | Faoin 31 Márta [OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm], agus gach bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh gach táirgeoir, allmhaireoir agus onnmhaireoir a tháirg, a d'allmhairigh nó a d'onnmhairigh ***gáis*** ceaptha teasa fhluairínithe le linn na bliana féilire roimhe sin a thuairisciú don Choimisiún na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn IX maidir le gach ceann de na substaintí sin don bhliain féilire sin. Beidh feidhm ag an mír seo freisin maidir le gach gnóthas a fhaigheann cuóta de bhun Airteagal 21(1). |

**Leasú 121**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 26 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Faoin 31 Márta [OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm], agus gach bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh gach gnóthas a scrios hidreafluaracarbóin ***nó cainníochtaí a sháraíonn tona méadrach amháin nó 100 tona de choibhéis $CO_2$ de gháis ceaptha teasa*** fhluairínithe ***eile*** le linn na bliana féilire roimhe sin a thuairisciú don Choimisiún na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn IX maidir le gach ceann de na substaintí sin don bhliain féilire sin. | 2. Faoin 31 Márta [OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm], agus gach bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh gach gnóthas a scrios hidreafluaracarbóin fhluairínithe le linn na bliana féilire roimhe sin a thuairisciú don Choimisiún na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn IX maidir le gach ceann de na substaintí sin don bhliain féilire sin. |

**Leasú 122**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 26 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Faoin 31 Márta [[OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm], déanfaidh gach gnóthas a d'úsáid ***1 000 tona de choibhéis $CO_2$ nó níos mó de gháis*** ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I mar bhunábhar le linn na bliana féilire roimhe sin a thuairisciú don Choimisiún na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn IX maidir le gach ceann de na substaintí sin don bhliain féilire sin. | 3. Faoin 31 Márta [[OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm], déanfaidh gach gnóthas a d'úsáid ***gáis*** ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I mar bhunábhar le linn na bliana féilire roimhe sin a thuairisciú don Choimisiún na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn IX maidir le gach ceann de na substaintí sin don bhliain féilire sin. |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 123**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 26 – mír 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 4. Faoin 31 Márta [OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm], déanfaidh gach gnóthas a chuir ***100 tona de choibhéis $CO_2$ nó níos mó de hidreafluaracarbóin, nó 500 tona de choibhéis $CO_2$ nó níos mó de gháis*** ceaptha teasa fhluairínithe ***eile***, i dtáirgí nó i dtrealamh, ar an margadh le linn na bliana féilire roimhe sin a thuairisciú don Choimisiún na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn IX maidir le gach ceann de na substaintí sin don bhliain féilire sin. | 4. Faoin 31 Márta [OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm], déanfaidh gach gnóthas a chuir ***gáis*** ceaptha teasa fhluairínithe, i dtáirgí nó i dtrealamh, ar an margadh le linn na bliana féilire roimhe sin a thuairisciú don Choimisiún na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn IX maidir le gach ceann de na substaintí sin don bhliain féilire sin. |

**Leasú 124**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 26 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Faoin 31 Márta [OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm], agus gach bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh gach gnóthas a d'athshlánaigh ***cainníochtaí a sháraíonn 1 tona méadrach nó 100 tona de choibhéis $CO_2$ de gháis*** ceaptha teasa fhluairínithe a thuairisciú don Choimisiún na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn IX maidir le gach ceann de na substaintí sin don bhliain féilire sin. | 6. Faoin 31 Márta [OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm], agus gach bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh gach gnóthas a d'athshlánaigh ***gáis*** ceaptha teasa fhluairínithe ***eile*** a thuairisciú don Choimisiún na sonraí a shonraítear in Iarscríbhinn IX maidir le gach ceann de na substaintí sin don bhliain féilire sin. |

**Leasú 125**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 26 – mír 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 7. Faoin 30 Márta [OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm], déanfaidh gach allmhaireoir trealaimh a chuir trealamh réamhluchtaithe dá dtagraítear in Airteagal 19 ar an margadh ina raibh ***1 000 tona ar a laghad de choibhéis $CO_2$ de*** hidreafluaracarbóin, agus i gcás nár cuireadh na hidreafluaracarbóin sin ar an margadh roimh luchtú an trealaimh, tuarascáil ***fíoraithe*** a eisíodh de bhun Airteagal 19(3) a chur faoi bhráid an Choimisiúin. | 7. Faoin 30 Márta [OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm], déanfaidh gach allmhaireoir trealaimh a chuir trealamh réamhluchtaithe dá dtagraítear in Airteagal 19 ar an margadh ina raibh hidreafluaracarbóin, agus i gcás nár cuireadh na hidreafluaracarbóin sin ar an margadh roimh luchtú an trealaimh, tuarascáil ***fíorúcháin*** a eisíodh de bhun Airteagal 19(3) a chur faoi bhráid an Choimisiúin. |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 126**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 26 – mír 8 – fomhír 1 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin 30 Márta [OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm], agus gach bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh gach gnóthas a thuairiscíonn faoi mhír ***1 1 000 tona de choibhéis*** $CO_2$ ***nó níos mó de*** hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh le linn na bliana féilire roimhe sin, ina theannta sin, a áirithiú go ndéanfar fírinneacht a thuarascála a chinntiú, ar leibhéal réasúnta cinnteachta, ag iniúchóir neamhspleách. Beidh an t-iniúchóir cláraithe sa Tairseach F-gás agus beidh sé: | Faoin 30 Márta [OF: cuir isteach an bhliain a chuirtear an Rialachán seo i bhfeidhm], agus gach bliain ina dhiaidh sin, déanfaidh gach gnóthas a thuairiscíonn faoi mhír ***1*** hidreafluaracarbóin a chur ar an margadh le linn na bliana féilire roimhe sin, ina theannta sin, a áirithiú go ndéanfar fírinneacht a thuarascála a chinntiú, ar leibhéal réasúnta cinnteachta, ag iniúchóir neamhspleách. Beidh an t-iniúchóir cláraithe sa Tairseach F-gás agus beidh sé: |

**Leasú 127**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Faoin 31 Nollaig 2024 glacfaidh an Coimisiún gníomh tarmligthe maidir le creat ginearálta comhchoiteann a úsáidfidh na Ballstáit chun córais láraithe leictreonacha a dhearadh.*** |

**Leasú 128**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 29 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát seiceálacha chun a shuí cé acu a chomhlíonann gnóthais a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo nó nach gcomhlíonann. | 1. Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát seiceálacha ***rialta*** chun a shuí cé acu a chomhlíonann gnóthais a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo nó nach gcomhlíonann. |

**Leasú 129**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 29 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Beidh cuairteanna ar an láthair i mbunaíochtaí a mhinice is iomchuí agus fíorú doiciméadachta agus trealaimh ábhartha san áireamh sna seiceálacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2. | Beidh cuairteanna ar an láthair i mbunaíochtaí a mhinice is iomchuí agus fíorú doiciméadachta agus trealaimh ábhartha san áireamh sna seiceálacha dá dtagraítear i míreanna 1 agus 2***, chomh maith le seiceálacha ar ardáin ar líne a dhíolann gáis fhluairínithe nó táirgí ar an mórchóir agus trealamh ina bhfuil na gáis sin***. |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 130**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 29 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Ar iarraidh a fháil ó Bhallstát eile, ***féadfaidh*** Ballstát seiceálacha ***a dhéanamh*** ar ghnóthais a bhfuil amhras ann fúthu go bhfuil siad ag gabháil do ghluaiseacht neamhdhleathach na ngás agus na dtáirgí agus an trealaimh a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus ar gnóthais iad a oibríonn ar chríoch an Bhallstáit sin. Cuirfear an Ballstát iarrthach ar an eolas faoi thoradh na seiceála. | 5. Ar iarraidh a fháil ó Bhallstát eile, ***déanfaidh*** Ballstát seiceálacha ar ghnóthais a bhfuil amhras ann fúthu go bhfuil siad ag gabháil do ghluaiseacht neamhdhleathach na ngás agus na dtáirgí agus an trealaimh a chumhdaítear leis an Rialachán seo agus ar gnóthais iad a oibríonn ar chríoch an Bhallstáit sin. Cuirfear an Ballstát iarrthach ar an eolas faoi thoradh na seiceála. |

**Leasú 131**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 29 – mír 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***7a. Cuirfidh na Ballstáit achoimre bhliantúil ar na sonraí arna mbailiú ó na logleabhair ar fáil don Choimisiún faoin 1 Aibreán gach bliain. Foilseoidh an Coimisiún achoimre bhliantúil agus measúnú bliantúil ar na sonraí a fhaightear ó na Ballstáit.*** |

**Leasú 132**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 31 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcásanna gáis ceaptha teasa fhluairínithe, nó táirgí agus trealamh ina bhfuil na gáis sin nó a bhfuil a bhfeidhmíocht ag brath ar na gáis sin, a thairgeadh, a allmhairiú, a onnmhairiú, a chur ar an margadh nó a úsáid go neamhdhleathach, ***tabharfaidh*** na Ballstáit ***aird ar fhíneálacha*** riaracháin ***íosta de chúig*** oiread ar a laghad de mhargadhluach na ngás lena mbaineann nó na dtáirgí agus an trealaimh lena mbaineann. I gcás sárú a dhéantar athuair laistigh de thréimhse 5 bliana, ***tabharfaidh*** na Ballstáit ***aird ar fhíneálacha*** riaracháin íosta ***d'ocht*** oiread ar a laghad de luach na ngás nó na dtáirgí agus an trealaimh lena mbaineann. | I gcásanna gáis ceaptha teasa fhluairínithe, nó táirgí agus trealamh ina bhfuil na gáis sin nó a bhfuil a bhfeidhmíocht ag brath ar na gáis sin, a thairgeadh, a allmhairiú, a onnmhairiú, a chur ar an margadh nó a úsáid go neamhdhleathach, ***leagfaidh*** na Ballstáit ***amach fíneálacha*** riaracháin ***uasta de cheithre*** oiread ar a laghad de mhargadhluach na ngás ***nó na dtáirgí agus an trealaimh*** lena mbaineann ***agus fíneálacha riaracháin uasta de shé oiread ar a laghad de mhargadhluach na ngás lena mbaineann*** nó na dtáirgí agus an trealaimh lena mbaineann. I gcás sárú a dhéantar athuair laistigh de thréimhse 5 bliana, ***leagfaidh*** na Ballstáit ***amach fíneálacha*** riaracháin íosta ***de sheacht*** oiread ar a laghad de luach na ngás nó na dtáirgí agus an trealaimh lena mbaineann ***agus fíneálacha riaracháin uasta de dheich n-oiread ar a laghad de luach na ngás nó na dtáirgí agus an trealaimh lena mbaineann***. |

**Leasú 133**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 32 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8(8), Airteagal 12(17), Airteagal 16(3), Airteagal 17(6), Airteagal 24, Airteagal 25(2) agus Airteagal 35 a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama [ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 8(8), Airteagal ***9(1a), Airteagal*** 12(17), Airteagal 16(3), ***an chéad fhomhír,*** Airteagal ***16(3), an dara fomhír, Airteagal*** 17(6), Airteagal ***17(6a), Airteagal*** 24, Airteagal 25(2)***, Airteagal 27, an tríú fomhír, Airteagal 35(1), Airteagal 35(1a)*** agus Airteagal 35***(1b)*** a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse neamhchinntithe ama [ó dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo]. |

**Leasú 134**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 32 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8(8), Airteagal 12(17), Airteagal 16(3), Airteagal 17(6), Airteagal 24, Airteagal 25(2) ***agus*** Airteagal 35 a chúlghairm aon tráth. Maidir leis an gcinneadh cúlghairm a dhéanamh, cuirfidh sé deireadh le tarmligean na cumhachta a shonrófar sa chinneadh sin. Tiocfaidh sé i bhfeidhm an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht gníomhartha tarmligthe ar bith atá i bhfeidhm cheana féin. | 3. Féadfaidh Parlaimint na hEorpa nó an Chomhairle tarmligean na cumhachta dá dtagraítear in Airteagal 8(8), Airteagal ***9***(***1a***)***,*** Airteagal 12(17), Airteagal 16(3), ***an chéad fhomhír, Airteagal 16(3) an dara fomhír, Airteagal 17(6),*** Airteagal 17(***6a***), Airteagal 24, ***Airteagal 25***(2)***, Airteagal 27, an tríú fomhír, Airteagal 35(1), Airteagal 35(1a)*** agus Airteagal 35***(1b)*** a chúlghairm aon tráth. Maidir leis an gcinneadh cúlghairm a dhéanamh, cuirfidh sé deireadh le tarmligean na cumhachta a shonrófar sa chinneadh sin. Tiocfaidh sé i bhfeidhm an lá tar éis fhoilsiú an chinnidh in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh nó ar dháta is déanaí a shonrófar ann. Ní dhéanfaidh sé difear do bhailíocht gníomhartha tarmligthe ar bith atá i bhfeidhm cheana féin. |

**Leasú 135**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 32 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun ***Airteagail 8***(8), ***12***(17), ***16***(3), ***17***(6), 24, ***25***(2) agus ***35*** i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ***ná*** ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a ***thabhairt*** do Pharlaimint ***na hEorpa*** agus ***don Chomhairle*** nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh ***Parlaimint na hEorpa*** agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. | 6. Ní thiocfaidh gníomh tarmligthe a ghlactar de bhun ***Airteagal 8***(8), ***Airteagal 9***(***1a), Airteagal 12(***17), ***Airteagal 16*** (3), ***Airteagal 16***(***3***)***, an dara fomhír, Airteagal 17***(6), ***Airteagal 17(6a), Airteagal*** 24, ***Airteagal 25***(2)***, Airteagal 27, an tríú fomhír, Airteagal 35(1), Airteagal 35 (1a)*** agus ***Airteagal 35***(***1b***) i bhfeidhm ach amháin mura mbeidh aon agóid curtha in iúl ag Parlaimint na hEorpa ***nó*** ag an gComhairle laistigh de thréimhse dhá mhí tar éis fógra faoin ngníomh sin a ***bheith tugtha*** do Pharlaimint ***na hEorpa*** agus ***don Chomhairle*** nó más rud é, roimh dhul in éag na tréimhse sin, go mbeidh ***Parlaimint na hEorpa*** agus an Chomhairle araon tar éis a chur in iúl don Choimisiún nach ndéanfaidh siad aon agóid. Cuirfear dhá mhí leis an tréimhse sin ar thionscnamh Pharlaimint na hEorpa nó na Comhairle. |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 136**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 33 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Bunóidh an Coimisiún Fóram Comhairliúcháin chun comhairle agus treoir a thabhairt maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo. ***Is é an Coimisiún a bhunóidh rialacha nós imeachta an Fhóraim Comhairliúcháin agus foilseofar iad.*** | Bunóidh an Coimisiún Fóram Comhairliúcháin chun comhairle agus treoir a thabhairt maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo. ***Beidh rannpháirtíocht chothrom ag an bhFóram Comhairliúcháin idir na rannpháirtithe seo a leanas:***<br>***(i) ionadaithe na mBallstát;***<br>***(ii) ionadaithe na ngeallsealbhóirí ábhartha uile, lena n-áirítear eagraíochtaí comhshaoil, comhlachais othar agus eagraíochtaí gairmiúla cúraim sláinte, ionadaithe monaróirí agus oibreoirí.***<br>***Comhoibreoidh an Fóram Comhairliúcháin go dlúth leis na Gníomhaireachtaí ábhartha de chuid an Aontais. Is é an Coimisiún a bhunóidh rialacha nós imeachta an Fhóraim Comhairliúcháin agus foilseofar iad.*** |

**Leasú 137**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 35 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfaidh an Coimisiún faireachán leanúnach ar fhorbairtí teicneolaíochta agus margaidh maidir le húsáid gás ceaptha teasa fluairínithe agus a roghanna malartacha nádúrtha san Aontas. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 32 chun an Rialachán seo a leasú, agus neartú a dhéanamh ar na toirmisc ar gháis cheaptha teasa fhluairínithe a bhfuil acmhainneacht téite domhanda ard acu sna táirgí nó sa trealamh lena mbaineann a chur ar an margadh, i gcás ina dtagann sé ar fhianaise go bhfuil gáis cheaptha teasa fhluairínithe a bhfuil acmhainneacht téite domhanda íseal acu nó roghanna malartacha nádúrtha ag teacht chun cinn nó go bhfuil dlús curtha lena n-úsáid i dtáirgí agus i dtrealamh a chuirtear ar mhargadh an Aontais.*** |

**Leasú 138**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 35 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 32 chun Iarscríbhinní I, II agus III a leasú trí gháis ceaptha teasa fhluairínithe a bhogadh ó Iarscríbhinn III go hIarscríbhinní I nó II nó trí gháis ceaptha teasa fhluairínithe a thabhairt isteach in Iarscríbhinní I nó II, i gcás ina bhfuil fianaise aige gur cuireadh gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn III nó gáis ceaptha teasa fhluairínithe nach liostaítear in Iarscríbhinní I, II nó III a ghabhann leis an Rialachán seo ar an margadh.*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 139**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 35 – mír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Tráth nach déanaí ná trí mhí tar éis Rialachán athbhreithnithe REACH a ghlacadh, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar cibé an bhfuil an Rialachán seo i gcomhréir leis an Rialachán sin. Déanfaidh an Coimisiún, i gcás inarb iomchuí, togra reachtach a chur lena mheasúnú chun an Rialachán seo a leasú, má chinneann sé nach bhfuil an Rialachán seo comhleanúnach le srianta nua a d'fhéadfadh a bheith ann maidir le húsáid PFAS a leagtar síos sa Rialachán sin.*** |

**Leasú 140**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 35 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin 1 Eanáir ***2033***, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo. | Faoin 1 Eanáir ***2027***, foilseoidh an Coimisiún tuarascáil maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo***, lena n-áirítear i ndáil le tionchar an Rialacháin seo ar earnáil na sláinte, go háirithe infhaighteacht MDInna chun comhábhair chógaisíochta a sheachadadh, chomh maith leis an tionchar ar threalamh fuaraithe a úsáidtear i gcomhar le ceallraí ar an margadh***. |

**Leasú 141**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 35 – mír 2 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Féadfaidh an Bord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide arna bhunú faoi Airteagal 10a de Rialachán (CE) Uimh. 401/2009, ar a thionscnamh féin, comhairle eolaíoch a sholáthar agus tuarascálacha a eisiúint maidir le comhleanúnachas an Rialacháin seo le cuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 agus le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais faoi Chomhaontú Pháras.*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 142**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn 1 – roinn 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

*Roinn 3: Comhdhúile* ***sárfluairínithe*** *eile*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | heicseafluairíd sulfair | $SF_6$ | 25 200 | 18 300 |

*Leasú*

*Roinn 3: Comhdhúile* ***(sár)fluairínithe*** *eile agus* ***céatóin fhluairínithe*** *eile*

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | heicseafluairíd sulfair | $SF_6$ | 25 200 | 18 300 |
| | ***Heipteafluairuseabútarainítríl (2,3,3,3-teitreafluara-2 (trífhluaraimteitil)-própán-nítríl)*** | ***Iso-$C_3F_7CN$*** | **2 750** | **4 580** |
| | ***1,1,1,3,4,4,4-heipteafluara-3-(trífhluarameitil) bútáin-2-one*** | ***$CF_3C(O)CF(CF_3)_2$*** | **0,29** ([1]) | (*) |

([1]) Ren et al. (2019). Atmospheric Fate and Impact of Perfluorinated Butanone and Pentanone. *Environ. Sci. Technol.* 2019, 53, 15, 8862–8871

**Leasú 143**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn III – roinn 1 – pointe 37**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***1,1,1,3,4,4,4-heipteafluara-3-(trífhluarameitil)bútáin-2-one*** | ***$CF_3C(O)CF(CF_3)_2$*** | **0,29** ([1]) | (*) |

([1]) Ren et al. (2019). Atmospheric Fate and Impact of Perfluorinated Butanone and Pentanone. *Environ. Sci. Technol.* 2019, 53, 15, 8862–8871

*Leasú*

***scriosta***

**Leasú 144**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn III – roinn 2 – pointe 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| | | | |
|---|---|---|---|
| ***Heipteafluairuseabútarainítríl (2,3,3,3-teitreafluara-2 (trífhluaraimteitil)-própán-nítríl)*** | ***Iso-$C_3F_7CN$*** | **2 750** | **4 580** |

*Leasú*

***scriosta***

**Leasuithe 145, 153cp1, 157cp1, 153cp2, 153cp3 agus 153cp4**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn IV – tábla**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| **Táirgí agus trealamh**<br>**I gcás inarb ábhartha, déanfar acmhainneacht téite domhanda na meascán ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn VI, mar a fhoráiltear in Airteagal 3, pointe (1)** | | **Dáta an toirmisc** |
|---|---|---|
| (1) Coimeádáin nach féidir a athlíonadh le haghaidh gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, ar coimeádáin iad atá folamh, líonta go páirteach nó go hiomlán, a úsáidtear chun trealamh cuisniúcháin, aerchóirithe nó teaschaidéil, córais chosanta ar dhóiteáin nó lascthrealamh a sheirbhísiú, a chothabháil nó a líonadh, nó a mbaintear feidhm astu mar thuaslagóirí. | | 4 Iúil 2007 |
| (2) Córais neamhghaibhnithe galaithe neamhdhírigh a bhfuil HFCanna agus PFCanna ina gcuisneáin iontu | | 4 Iúil 2007 |
| (3) Trealamh cosanta ar dhóiteáin | a bhfuil PFCanna ann | 4 Iúil 2007 |
| | a bhfuil HFC-23 ann | 1 Eanáir 2016 |
| | a bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe eile a liostaítear in Iarscríbhinn I ann nó a bhraitheann orthu, ach amháin má tá gá leo chun caighdeáin sábháilteachta a chomhlíonadh | 1 Eanáir 2024 |
| (4) Fuinneoga tí ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I. | | 4 Iúil 2007 |
| (5) Fuinneoga eile ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I. | | 4 Iúil 2008 |
| (6) Coisbheart ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I. | | 4 Iúil 2006 |
| (7) Boinn ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I. | | 4 Iúil 2007 |
| (8) Cúir aon ábhair, ach amháin má tá ceangailte orthu caighdeáin náisiúnta sábháilteachta a chomhlíonadh, ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I ar 150 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda. | | 4 Iúil 2008 |
| (9) Gineadóirí aerasóil a chuirtear ar an margadh don ghnáthphobal lena ndíol leo chun críocha siamsaíochta agus maisithe, mar a liostaítear i bpointe 40 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, agus adharca fógra a bhfuil HFCanna iontu ar 150 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda. | | 4 Iúil 2009 |
| (10) Cuisneoirí agus reoiteoirí tí ina bhfuil HFCanna ar 150 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda. | | 1 Eanáir 2015 |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

| **Táirgí agus trealamh**<br>**I gcás inarb ábhartha, déanfar acmhainneacht téite domhanda na meascán ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn VI, mar a fhoráiltear in Airteagal 3, pointe (1)** | | **Dáta an toirmisc** |
|---|---|---|
| (11) Cuisneoirí agus reoiteoirí le haghaidh úsáid tráchtála (trealamh féinchuimsitheach) | -ina bhfuil HFCanna ar 2 500 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda. | 1 Eanáir 2020 |
| | -ina bhfuil HFCanna ar 150 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda. | 1 Eanáir 2022 |
| | -ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe ***eile ar 150 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda***. | 1 Eanáir 2024 |
| (12) Aon trealamh cuisniúcháin féinchuimsitheach ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe ***ar 150 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda.*** | | 1 Eanáir 2025 |
| (13) Trealamh cuisniúcháin do-aistrithe a bhfuil HFCanna le hacmhainneacht téite domhanda de 500 nó níos mó iontu, nó trealamh den sórt sin a bhraitheann orthu siúd lena fheidhmiú, ach amháin trealamh a bhfuil sé beartaithe é a chur ar tháirgí le go laghdófaí a dteochtaí go teochtaí níos lú ná – 50 °C. | | 1 Eanáir 2020 |
| (14) Trealamh cuisniúcháin do-aistrithe ina bhfuil HFCanna ***ar 2 500 nó níos mó a acmhainneacht téite domhanda,*** nó trealamh den sórt sin a bhraitheann orthu siúd lena fheidhmiú, ach amháin trealamh a bhfuil sé beartaithe é a chur ar tháirgí le go laghdófaí a dteochtaí go teochtaí níos lú ná – 50 °C. | | 1 Eanáir ***2024*** |
| (15) Córais cuisniúcháin lárnaithe ilphacáiste le haghaidh úsáid tráchtála a bhfuil acmhainn 40 kW nó níos mó acu ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I le hacmhainneacht téite domhanda de 150 nó níos mó, nó a mbeidh siad ag brath ar na gáis sin lena bhfeidhmiú, ach amháin i gcás príomhchiorcad cuisneáin córas cascáide ina bhféadfar gáis ceaptha teasa fhluairínithe le hacmhainneacht téite domhanda níos lú ná 1500 a úsáid. | | 1 Eanáir 2022 |
| (16) Trealamh aerchóiriúcháin seomra a phlugáiltear (trealamh féinchuimsitheach) atá inchorraithe ag an úsáideoir deiridh ó sheomra go seomra ina bhfuil HFCanna ar 150 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda. | | 1 Eanáir 2020 |
| (17) Trealamh aerchóiriúcháin agus teaschaidéil seomra agus trealamh aerchóiriúcháin agus teaschaidéil féinchuimsitheach eile a phlugáiltear isteach ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe ***ar 150 nó níos mó a acmhainneacht téite domhanda.*** | | 1 Eanáir ***2025*** |

Déardaoin 30. Márta 2023

| Táirgí agus trealamh<br>I gcás inarb ábhartha, déanfar acmhainneacht téite domhanda na meascán ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn VI, mar a fhoráiltear in Airteagal 3, pointe (1) | | Dáta an toirmisc |
|---|---|---|
| (18) Trealamh aerchóiriúcháin roinnte do-aistrithe agus trealamh teaschaidéil roinnte do-aistrithe:<br>(a) Córais aonair roinnte ***lena n-áirítear córais duchtanna dúbailte*** ina bhfuil níos lú ná 3 kg de gháis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, a bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe iontu nó córais a bhraitheann a bhfeidhmiú ar na gáis sin; | | 1 Eanáir ***2025*** |
| (b) Córais roinnte a bhfuil ***acmhainneacht*** rátaithe suas le 12 kW acu ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe, nó a bhraitheann ar na gáis sin lena bhfeidhmiú, ach amháin nuair is gá sin chun caighdeáin sábháilteachta a chomhlíonadh;<br>(c) Córais roinnte a bhfuil acmhainneacht rátaithe níos mó ná 12 kW iontu ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe ar 750 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda, nó a bhraitheann ar na gáis sin lena bhfeidhmiú, ach amháin nuair is gá chun caighdeáin sábháilteachta a chomhlíonadh. | | 1 Eanáir ***2027*** |
| (19) Cúir ina bhfuil HFCanna ar 150 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda, ach amháin má tá ceangailte orthu caighdeáin náisiúnta sábháilteachta a bhaint amach. | Polaistiréin easbhrúite (XPS) | 1 Eanáir 2020 |
| | — Cúir eile | 1 Eanáir 2023 |
| (20) Aerasóil theicniúla ina bhfuil HFCanna ar 150 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda, ach amháin má tá ceangailte orthu caighdeáin náisiúnta sábháilteachta a bhaint amach nó má úsáidtear iad le haghaidh feidhmeanna liachta. | | 1 Eanáir 2018 |
| (21) Táirgí cúraim phearsanta (i.e. mús, uachtair, cúir) ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe. | | 1 Eanáir 2024 |
| (22) Trealamh a úsáidtear chun an chraiceann a fhuarú ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe ar 150 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda, nó a bhraitheann ar na gáis sin lena bhfeidhmiú, ach amháin nuair a úsáidtear iad le haghaidh feidhmeanna leighis. | | 1 Eanáir 2024 |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

| Táirgí agus trealamh<br>I gcás inarb ábhartha, déanfar acmhainneacht téite domhanda na meascán ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn VI, mar a fhoráiltear in Airteagal 3, pointe (1) | | Dáta an toirmisc |
|---|---|---|
| (23) Suiteáil agus aistriú an lascthrealaimh leictrigh seo a leanas: | (a) lascthrealamh meánvoltais le haghaidh dáileadh príomha agus tánaisteach suas le 24 kV, ina bhfuil meán inslithe nó briste trí úsáid a bhaint as gáis ***ar 10 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda, nó ar 2 000 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda,*** nó a bhraitheann ar na gáis sin lena bhfeidhmiú, ***mura gcuirtear fianaise ar fáil nach bhfuil aon rogha mhalartach ar fáil ar fhorais theicniúla laistigh den raon acmhainneachta téite domhanda is ísle dá dtagraítear thuas***; | 1 Eanáir 2026 |
| | (b) lascthrealamh meánvoltais le haghaidh dáileadh príomha agus tánaisteach ó níos mó ná 24 kV, agus suas le 52 kV, ina bhfuil meán inslithe nó briste trí úsáid a bhaint as gáis ***ar 10 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda,*** nó a bhraitheann ar na gáis sin lena bhfeidhmiú, ***nó ar 2 000 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda, mura gcuirtear fianaise ar fáil nach bhfuil aon rogha mhalartach ar fáil ar fhorais theicniúla laistigh den raon acmhainneachta téite domhanda is ísle dá dtagraítear thuas;*** | 1 Eanáir ***2030*** |
| | (c) lascthrealamh ardvoltais ó 52 kV suas le 145 kV agus suas le 50 kA de shrutha gearrchiorcaid ina bhfuil meán inslithe nó briste trí úsáid a bhaint as meascáin de na gáis ***ar 10 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda,*** nó a bhraitheann ar na gáis sin lena bhfeidhmiú***, nó ar 2 000 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda*** mura gcuirtear fianaise ar fáil nach bhfuil aon rogha mhalartach ar fáil ***ar fhorais theicniúla***; ***laistigh de na raonta acmhainneachta téite domhanda níos ísle dá dtagraítear thuas;*** | 1 Eanáir 2028 |
| | (d) lascthrealamh ardvoltais níos mó ná 145 kV nó níos mó ná 50 kA de shrutha gearrchiorcaid ina bhfuil meán inslithe nó briste trí úsáid a bhaint as gáis ar ***10 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda*** , nó a bhraitheann ar na gáis sin lena bhfeidhmiú, ***nó ar 2 000 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda,*** mura gcuirtear fianaise ar fáil nach bhfuil aon rogha mhalartach ar fáil ar fhorais theicniúla. | 1 Eanáir 2031 |

*Leasú*

| Táirgí agus trealamh<br>I gcás inarb ábhartha, déanfar acmhainneacht téite domhanda na meascán ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn VI, mar a fhoráiltear in Airteagal 3, pointe (1) | Dáta an toirmisc |
|---|---|
| (1) Coimeádáin nach féidir a athlíonadh le haghaidh gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, ar coimeádáin iad atá folamh, líonta go páirteach nó go hiomlán, a úsáidtear chun trealamh cuisniúcháin, aerchóirithe nó teaschaidéil, córais chosanta ar dhóiteáin nó lascthrealamh a sheirbhísiú, a chothabháil nó a líonadh, nó a mbaintear feidhm astu mar thuaslagóirí. | 4 Iúil 2007 |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

| **Táirgí agus trealamh**<br>**I gcás inarb ábhartha, déanfar acmhainneacht téite domhanda na meascán ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn VI, mar a fhoráiltear in Airteagal 3, pointe (1)** | | **Dáta an toirmisc** |
|---|---|---|
| (2) Córais neamhghaibhnithe galaithe neamhdhírigh a bhfuil HFCanna agus PFCanna ina gcuisneáin iontu | | 4 Iúil 2007 |
| (3) Trealamh cosanta ar dhóiteáin | a bhfuil PFCanna ann | 4 Iúil 2007 |
| | a bhfuil HFC-23 ann | 1 Eanáir 2016 |
| | a bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe eile a liostaítear in Iarscríbhinn I ann nó a bhraitheann orthu, ach amháin má tá gá leo chun caighdeáin sábháilteachta a chomhlíonadh | 1 Eanáir 2024 |
| (4) Fuinneoga tí ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I. | | 4 Iúil 2007 |
| (5) Fuinneoga eile ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I. | | 4 Iúil 2008 |
| (6) Coisbheart ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I. | | 4 Iúil 2006 |
| (7) Boinn ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I. | | 4 Iúil 2007 |
| (8) Cúir aon ábhair, ach amháin má tá ceangailte orthu caighdeáin náisiúnta sábháilteachta a chomhlíonadh, ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I ar 150 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda. | | 4 Iúil 2008 |
| (9) Gineadóirí aerasóil a chuirtear ar an margadh don ghnáthphobal lena ndíol leo chun críocha siamsaíochta agus maisithe, mar a liostaítear i bpointe 40 d'Iarscríbhinn XVII a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1907/2006, agus adharca fógra a bhfuil HFCanna iontu 150 GWP nó níos mó | | 4 Iúil 2009 |
| (10) Cuisneoirí agus reoiteoirí tí ina bhfuil HFCanna ar 150 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda. | | 1 Eanáir 2015 |
| ***(10a) Cuisneoirí agus reoiteoirí tí a bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe iontu.*** | | ***1 Eanáir 2025*** |
| (11) Cuisneoirí agus reoiteoirí ***do-aistrithe*** le haghaidh úsáid tráchtála (trealamh féinchuimsitheach) | -ina bhfuil HFCanna ar 2 500 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda. | 1 Eanáir 2020 |
| | -ina bhfuil HFCanna ar 150 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda. | 1 Eanáir 2022 |
| | -ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe. | 1 Eanáir 2024 |
| (12) Aon trealamh cuisniúcháin féinchuimsitheach ***do-aistrithe*** ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe. | | 1 Eanáir 2025 |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

| **Táirgí agus trealamh**<br>**I gcás inarb ábhartha, déanfar acmhainneacht téite domhanda na meascán ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn VI, mar a fhoráiltear in Airteagal 3, pointe (1)** | | **Dáta an toirmisc** |
|---|---|---|
| (13) Trealamh cuisniúcháin do-aistrithe a bhfuil HFCanna ar 500 nó níos mó a acmhainneacht téite domhanda, nó trealamh den sórt sin a bhraitheann orthu siúd lena fheidhmiú, ach amháin trealamh a bhfuil sé beartaithe é a chur ar tháirgí le go laghdófaí a dteochtaí go teochtaí níos lú ná – 50 °C. | | 1 Eanáir 2020 |
| (14) Trealamh cuisniúcháin do-aistrithe ina bhfuil ***gáis ceaptha teasa fhluairínithe*** nó trealamh den sórt sin a bhraitheann orthu siúd lena fheidhmiú, ach amháin trealamh a bhfuil sé beartaithe lena dhearadh feidhmiú chun táirgí a fhuarú go teochtaí atá faoi bhun – 50 °C. | | 1 Eanáir **2025** |
| ***(14a) Trealamh cuisniúcháin ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe, nó a bhraitheann ar na gáis sin lena fheidhmiú.*** | | ***1 Eanáir 2027*** |
| (15) Córais cuisniúcháin lárnaithe ilphacáiste le haghaidh úsáid tráchtála a bhfuil acmhainn 40 kW nó níos mó acu ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I le hacmhainneacht téite domhanda de 150 nó níos mó, nó a mbeidh siad ag brath ar na gáis sin lena bhfeidhmiú, ach amháin i gcás príomhchiorcad cuisneáin córas cascáide ina bhféadfar gáis ceaptha teasa fhluairínithe le hacmhainneacht téite domhanda níos lú ná 1500 a úsáid. | | 1 Eanáir 2022 |
| ***(15a) Cuisniúcháin Iompair*** | ***i veaineanna agus longa ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe, nó a bhraitheann ar gháis ceaptha teasa fhluairínithe lena bhfeidhmiú;*** | ***1 Eanáir 2027*** |
| | ***i dtrucailí, i leantóirí, i longa agus i gcoimeádáin cuisniúcháin ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe, nó a bhraitheann ar gháis ceaptha teasa fhluairínithe lena bhfeidhmiú.*** | ***1 Eanáir 2029*** |
| (16) Trealamh aerchóiriúcháin seomra a phlugáiltear (trealamh féinchuimsitheach) atá inchorraithe ag an úsáideoir deiridh ó sheomra go seomra ina bhfuil HFCanna ar 150 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda. | | 1 Eanáir 2020 |
| (17) Trealamh aerchóiriúcháin agus teaschaidéil seomra, ***monabhloic*** agus trealamh aerchóiriúcháin agus teaschaidéil féinchuimsitheach eile a phlugáiltear isteach ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe. | | 1 Eanáir **2026** |
| (18) Trealamh aerchóiriúcháin roinnte do-aistrithe agus trealamh teaschaidéil roinnte do-aistrithe:<br>(a) Córais aonair roinnte ***lena n-áirítear córais duchtanna dúbailte*** ina bhfuil níos lú ná 3 kg de gháis ceaptha teasa fhluairínithe a liostaítear in Iarscríbhinn I, a bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe nó córais a bhraitheann a bhfeidhmiú ar na gáis sin; | | 1 Eanáir **2028** |
| (b) Córais roinnte a bhfuil acmhainneacht rátaithe suas go 12 kW iontu agus an méid sin san áireamh, ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe, nó a bhraitheann ar na gáis sin lena bhfeidhmiú.<br>(c) Córais roinnte a bhfuil acmhainneacht rátaithe níos mó ná 12 kW ***agus suas go 200 kW*** iontu ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe ar 750 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda, nó a bhraitheann ar na gáis sin lena bhfeidhmiú, ach amháin nuair is gá chun caighdeáin sábháilteachta a chomhlíonadh.<br>***(ca) Córais roinnte a bhfuil acmhainneacht rátaithe níos mó ná 200 kW iontu ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe, nó a bhraitheann ar na gáis sin lena bhfeidhmiú.*** | | 1 Eanáir **2028** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

| **Táirgí agus trealamh**<br>**I gcás inarb ábhartha, déanfar acmhainneacht téite domhanda na meascán ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn VI, mar a fhoráiltear in Airteagal 3, pointe (1)** | | **Dáta an toirmisc** |
|---|---|---|
| (19) Cúir ina bhfuil HFCanna ar 150 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda ach amháin má tá ceangailte orthu caighdeáin náisiúnta sábháilteachta a bhaint amach. | — Polaistiréin easbhrúite (XPS) | 1 Eanáir 2020 |
| | — Cúir eile | 1 Eanáir 2023 |
| ***(19a) Cúir ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe ach amháin má tá ceangailte orthu caighdeáin náisiúnta sábháilteachta a chomhlíonadh*** | | ***1 Eanáir 2030*** |
| (20) Aerasóil theicniúla ina bhfuil HFCanna ar 150 nó níos mó a n-acmhainneacht téite domhanda, ach amháin má tá ceangailte orthu caighdeáin náisiúnta sábháilteachta a bhaint amach nó má úsáidtear iad le haghaidh feidhmeanna leighis. | | 1 Eanáir 2018 |
| ***(20a) Aerasóil theicniúla ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe, ach amháin má tá ceangailte orthu caighdeáin náisiúnta sábháilteachta a bhaint amach nó má úsáidtear iad le haghaidh feidhmeanna leighis.*** | | ***1 Eanáir 2030*** |
| (22) Táirgí cúraim phearsanta (i.e. mús, uachtair, cúir) ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe. | | 1 Eanáir 2024 |
| (22) Trealamh a úsáidtear chun an chraiceann a fhuarú ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe le hacmhainneacht téite domhanda de 150 nó níos mó, nó a bhraitheann ar na gáis sin lena bhfeidhmiú, ach amháin nuair a úsáidtear iad le haghaidh feidhmeanna leighis. | | 1 Eanáir 2024 |
| (23) Suiteáil agus aistriú an lascthrealaimh leictrigh seo a leanas: | (a) lascthrealamh meánvoltais le haghaidh dáileadh príomha agus tánaisteach suas le 24 kV a***gus an mhinicíocht sin san áireamh,*** ina bhfuil meán inslithe nó briste trí úsáid a bhaint as gáis ***ceaptha teasa fhluairínithe***, nó a bhraitheann ar gháis ceaptha teasa fhluairínithe lena fheidhmiú; | 1 Eanáir 2026 |
| | (b) lascthrealamh meánvoltais le haghaidh dáileadh príomha agus tánaisteach ó níos mó ná 24 kV agus suas le 52 kV ***agus an mhinicíocht sin san áireamh***, ina bhfuil meán inslithe nó briste trí úsáid a bhaint as gáis ceaptha teasa fhluairínithe, nó a bhraitheann ar gháis ***ceaptha teasa fhluairínithe*** lena fheidhmiú; | 1 Eanáir ***2028*** |
| | (c) lascthrealamh ardvoltais ó 52 kV suas le 145 kV ***agus an mhinicíocht sin san áireamh*** agus suas le 50 kA de shrutha gearrchiorcaid ina bhfuil meán inslithe nó briste trí úsáid a bhaint as gáis a bhfuil acmhainneacht téite domhanda nó a bhraitheann ar na gáis sin lena bhfeidhmiú, mura gcuirtear fianaise ar fáil nach bhfuil aon rogha mhalartach oiriúnach ar fáil***, agus sa chás sin is féidir gáis le hacmhainneacht téite domhanda suas le 1000 a úsáid;*** | 1 Eanáir 2028 |
| | (d) lascthrealamh ardvoltais níos mó ná 145 kV nó níos mó ná 50 kA de shrutha gearrchiorcaid ina bhfuil meán inslithe nó briste trí úsáid a bhaint as gáis ***ceaptha teasa fhluairínithe***, nó a bhraitheann ar gháis ceaptha teasa fhluairínithe lena fheidhmiú, mura gcuirtear fianaise ar fáil nach bhfuil aon rogha mhalartach oiriúnach ar fáil***, agus sa chás sin is féidir gáis le hacmhainneacht téite domhanda suas le 1000 a úsáid.*** | 1 Eanáir 2031 |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

| **Táirgí agus trealamh**<br>**I gcás inarb ábhartha, déanfar acmhainneacht téite domhanda na meascán ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe a ríomh i gcomhréir le hIarscríbhinn VI, mar a fhoráiltear in Airteagal 3, pointe (1)** | **Dáta an toirmisc** |
|---|---|
| ***(23a) Aerchóiriú soghluaiste i longa paisinéirí agus lastais, busanna, tramanna agus traenacha ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe, nó a bhraitheann ar gháis ceaptha teasa fhluairínithe lena bhfeidhmiú.*** | ***1 Eanáir 2029*** |
| ***(23b) Fuaraitheoirí beaga díláithriúcháin agus lártheifeacha ina bhfuil gáis ceaptha teasa fhluairínithe, nó a bhraitheann orthu lena bhfeidhmiú;*** | ***1 Eanáir 2027*** |

**Leasú 146**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn IV – pointe 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. ***Áireofar san fhianaise*** dá dtagraítear i bpointe 23 doiciméadacht lena ***suitear*** tar éis glao oscailte ar thairiscintí nach ***raibh*** aon rogha mhalartach oiriúnach ar fáil ar fhorais theicniúla, i bhfianaise ***shonraíochtaí*** léirithe an iarratais, a d'fhéadfadh na coinníollacha a leagtar amach i ***bpointe 23*** a chomhlíonadh. ***Coinneoidh*** an ***t-oibreoir an*** doiciméadacht ar ***feadh 5 bliana ar a laghad agus cuirfear ar*** fáil ***í d'údarás inniúil an Bhallstáit agus*** don Choimisiún, arna iarraidh sin. | 2. ***Féadfaidh údarás inniúil de chuid Ballstáit an díolúine*** dá dtagraítear i bpointe 23***(c) agus (d) a údarú tar éis iarraidh chuí-réasúnaithe a fháil ó oibreoir. Áireofar in iarraidh an oibreora*** doiciméadacht lena ***gcruthaítear,*** tar éis glao oscailte ar thairiscintí ***lena ngabhann spriocdháta le haghaidh tairiscintí tar éis na ndátaí dá dtagraítear i bpointe 23,*** nach ***bhfuil*** aon rogha mhalartach oiriúnach ar fáil ar fhorais theicniúla, i bhfianaise ***shainiúlachtaí*** léirithe an iarratais, a d'fhéadfadh na coinníollacha a leagtar amach i ***bpointe 23 (c) agus (d)*** a chomhlíonadh***, nó, go dtí dhá bhliain tar éis na ndátaí dá dtagraítear i bpointe 23(c) agus (d), nár cuireadh ach aon tairiscint amháin ar lascthrealamh den sórt sin le meán inslithe nó briste nach mbaineann úsáid as gáis cheaptha teasa fhluairínithe, nó nach bhfuil a bhfeidhmíocht ag brath ar gháis ceaptha teasa fhluairínithe***. ***Cuirfidh*** an ***t-údarás inniúil an*** doiciméadacht ar fáil don Choimisiún, arna iarraidh sin ***dó***. |

**Leasú 147**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn V – mír 1 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2036 ***agus ina diaidh***, 15 % de mheán bliantúil a táirgthe in 2011-2013. | (d) le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2036 ***go dtí an 31 Nollaig 2049***, 15 % de mheán bliantúil a táirgthe in 2011-2013; |

**Leasú 148**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn V– mír 1 – pointe d a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(da) le haghaidh na tréimhse ón 1 Eanáir 2050 agus ina diaidh, 0 % de mheán bliantúil a táirgthe in 2011-2013.*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 149**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn VI – teideal**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| An modh chun an acmhainneacht téite domhanda iomlán maidir le meascán dá dtagraítear in Airteagal 3(***1***) a ríomh | An modh chun an acmhainneacht téite domhanda iomlán maidir le meascán dá dtagraítear in Airteagal 3(**2**) a ríomh |

**Leasú 150**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn VII**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

| **Blianta** | **Uaschainníocht**<br>Coibhéis $CO_2$ i dtonaí |
|---|---|
| ***2024 – 2026*** | ***41 701 077*** |
| ***2027 – 2029*** | ***17 688 360*** |
| ***2030 – 2032*** | ***9 132 097*** |
| ***2033 – 2035*** | ***8 445 713*** |
| ***2036 – 2038*** | ***6 782 265*** |
| ***2039 – 2041*** | ***6 136 732*** |
| ***2042 – 2044*** | ***5 491 199*** |
| ***2045 – 2047*** | ***4 845 666*** |
| ***Ó 2048 ar aghaidh*** | ***4 200 133*** |

*Leasú*

| ***Blianta*** | ***Uaschainníocht***<br>***Coibhéis $CO_2$ i dtonaí*** |
|---|---|
| ***2024 – 2026*** | ***41 701 077*** |
| ***2027 – 2029*** | ***20 888 360*** |
| ***2030 – 2032*** | ***9 132 097*** |
| ***2033 – 2035*** | ***8 445 713*** |
| ***2036 – 2038*** | ***6 782 265*** |
| ***2039 – 2041*** | ***4 138 941*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

| *Blianta* | *Uaschainníocht Coibhéis $CO_2$ i dtonaí* |
|---|---|
| ***2042 – 2044*** | ***3 247 259*** |
| ***2045 – 2047*** | ***1 623 629*** |
| ***2048 – 2049*** | ***811 814*** |
| ***Ó 2050 ar aghaidh*** | ***0*** |

**Leasú 151**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn VIII – pointe 1 – mír 2 – fleasc 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| — ***thairis*** sin, i gcás inarb ábhartha, cuóta atá comhfhreagrach don luach tagartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII, pointe 4(ii), arna iolrú faoin uaschainníocht le haghaidh na bliana a leithdháileadh an chuóta ina leith, arna roinnt ar an uaschainníocht le haghaidh 2024. | — ***ina theannta*** sin, i gcás inarb ábhartha, cuóta atá comhfhreagrach don luach tagartha dá dtagraítear in Iarscríbhinn VII, pointe 4(ii)***. Ó 2027 ar aghaidh***, ***faightear cuóta den sórt sin tríd an luach tagartha a iolrú faoi fhactóir de 0,7. Ó 2030 ar aghaidh, tá an cuóta sin comhfhreagrach don luach tagartha*** arna iolrú faoin uaschainníocht le haghaidh na bliana a leithdháileadh an chuóta ina leith, arna roinnt ar an uaschainníocht le haghaidh 2024. |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

P9_TA(2023)0093

## Substaintí ídithe ózóinx

**Leasuithe a ghlac Parlaimint na hEorpa an 30 Márta 2023 ar an togra le haghaidh rialachán ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le substaintí a ídíonn an ciseal ózóin agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 (COM(2022)0151 – C9-0143/2022 – 2022/0100(COD)) ([1])**

**(An gnáthnós imeachta reachtach: an chéad léamh)**

(2023/C 341/08)

**Leasú 1**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 4**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (4) Le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]) áirithítear, inter alia, go gcomhlíonann an tAontas an Prótacal. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, ina mheastóireacht ar Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 ([19]), go leanann na bearta rialaithe a bunaíodh faoin Rialachán sin de bheith oiriúnach dá ***fheidhm*** den chuid is mó. | (4) Le Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([18]) áirithítear, inter alia, go gcomhlíonann an tAontas an Prótacal. Tháinig an Coimisiún ar an gconclúid, ina mheastóireacht ar Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 ([19]), go leanann na bearta rialaithe a bunaíodh faoin Rialachán sin de bheith oiriúnach dá ***bhfeidhm*** den chuid is mó***, go bhfuil siad éifeachtach agus gur rannchuidigh siad go mór le téarnamh an ózóin sa strataisféar agus le laghdú ar an téamh domhanda***. |
| ([18]) Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le substaintí a ídíonn an ciseal ózóin (IO L 286, 16.9.2009, lch. 1). | ([18]) Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le substaintí a ídíonn an ciseal ózóin (IO L 286, 16.9.2009, lch. 1). |
| ([19]) Meastóireacht ar Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le substaintí a ídíonn an ciseal ózóin, SWD(2019)0407 an 26 Samhain 2019. | ([19]) Meastóireacht ar Rialachán (CE) Uimh. 1005/2009 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Meán Fómhair 2009 maidir le substaintí a ídíonn an ciseal ózóin, SWD(2019)0407 an 26 Samhain 2019. |

([1]) Tarchuireadh an ní ar ais chuig an gcoiste freagrach le haghaidh idirbheartaíocht idirinstitiúideach de bhun Riail 59(4), an ceathrú fomhír (A9-0050/2023).

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 2**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) Tá fianaise fhollasach ann i leith laghdaithe ar ualach na substaintí ídithe ózóin san atmaisféar agus i leith téarnamh ózóin sa strataisféar. ***Mar sin féin***, ní mheastar, maidir leis an téarnamh sin, go sroichfidh an ciseal ózóin an leibhéal tiúchana a bhí ann roimh 1980 faoi lár an 21ú haois. Dá bhrí sin, tá radaíocht mhéadaithe UV fós ina bagairt mhór ar shláinte agus ar an gcomhshaol. Maidir leis an ***riosca a bhaineann le*** tuilleadh moilleanna ***i dtéarnamh*** an chisil ózóin a sheachaint, ***leanann sé de bheith*** ag brath ar chinnte a dhéanamh de go ***gcuirtear*** na hoibleagáidí atá ann cheana chun feidhme go hiomlán, agus go bhfuil na bearta is gá i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt go pras agus go héifeachtach ar aon dúshlán a bheidh ann amach anseo. | (5) Tá fianaise fhollasach ann i leith laghdaithe ar ualach na substaintí ídithe ózóin san atmaisféar agus i leith téarnamh ózóin sa strataisféar. ***De réir na Gníomhaireachta Eorpaí Comhshaoil**, **áfach, bhí poll ózóin 2021 ar cheann de na poill is mó agus is doimhne a bhí ann le blianta beaga anuas agus bhí sé níos mó ná an meánpholl le cúig agus deich mbliana anuas. Tá téarnamh an chisil ózóin an-leochaileach i gcónaí agus*** ní mheastar, maidir leis an téarnamh sin, go sroichfidh an ciseal ózóin an leibhéal tiúchana a bhí ann roimh 1980 faoi lár an 21ú haois. Dá bhrí sin, tá radaíocht mhéadaithe UV fós ina bagairt mhór ar shláinte agus ar an gcomhshaol. Maidir leis an ***mbaol go mbeadh*** tuilleadh moilleanna ***ar théarnamh*** an chisil ózóin a sheachaint, ***tá sé sin fós*** ag brath ar chinnte a dhéanamh de go ***gcuirfear*** na hoibleagáidí atá ann cheana chun feidhme go hiomlán ***agus go ndéanfar níos mó gníomhaíochta***, agus go bhfuil na bearta is gá i bhfeidhm chun aghaidh a thabhairt go pras agus go héifeachtach ar aon dúshlán a bheidh ann amach anseo. |

**Leasú 3**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 7**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (7) Chun feasacht a ardú maidir le hacmhainn téimh dhomhanda substaintí ídithe ózóin, chomh maith le hacmhainn ídithe ózóin na substaintí, ba cheart an acmhainn téimh dhomhanda sin atá acu a liostú sa Rialachán seo. | (7) Chun feasacht a ardú maidir le hacmhainn téimh dhomhanda ***na*** substaintí ídithe ózóin, chomh maith le hacmhainn ídithe ózóin na substaintí, ba cheart an acmhainn téimh dhomhanda sin atá acu a liostú ***mar aon le haghaidh a thabhairt uirthi*** sa Rialachán seo ***agus ba cheart déanamh amhlaidh i gcás lipéid na gcoimeádán ina bhfuil substaintí ídithe ózóin. I gcás ina mbeidh sí ar fáil, ba cheart a chur san áireamh san fhaisnéis sin an acmhainn téimh dhomhanda arna léiriú ar bhonn amscála 100 bliain agus amscála 20 bliain araon chun aird a tharraingt ar an acmhainn téimh dhomhanda ard ghearrthéarmach atá ag roinnt substaintí ídithe ózóin.*** |

**Leasú 4**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 7 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(7a) Ba cheart do na Ballstáit pleananna gníomhaíochta ceangailteacha a bhunú bunaithe ar threoirlínte arna mbunú ag an gCoimisiún chun an baol go gcruthófaí pirea-cumalainimbeas ó dhóiteáin foraoise agus a ndrochthionchar ar an strataisféar agus ar an gciseal ózóin a laghdú.*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 5**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 9 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(9a) Tháirg an tAontas níos mó substaintí ídithe ózóin rialaithe in 2021 ná mar a tháirg le linn na ndeich mbliana roimhe sin, agus méadú 27 % ar na substaintí in 2021 i gcomparáid le 2020. Is é úsáid bunábhair ba chúis le 90 % den mhéadú sin. Tháinig méadú 11 % ar úsáid bunábhair i gcomparáid le 2020 ([1a]). Cé go bhfuil údar maith tugtha leis an maolú le haghaidh substaintí ídithe ózóin a úsáidtear mar bhunábhar i dtáirgeadh ceimiceach earraí áirithe, lena n-áirítear earraí cógaisíochta, i bhfianaise a n-acmhainne ídithe ózóin comhcheangailte ísle (>1tODP) agus cheal roghanna malartacha indéanta, d'fhéadfadh sé go bhfuil gannmheastachán á dhéanamh ar na hastaíochtaí a thagann ó úsáid bunábhair ([1b]). Dá bhrí sin, ba cheart don Choimisiún liosta a chur le chéile de shubstaintí ídithe ózóin a gceadaítear iad a úsáid mar bhunábhar agus measúnú rialta a dhéanamh ar infhaighteacht na roghanna malartacha. Chun deireadh a chur de réir a chéile leis an úsáid sin i gcás ina bhfuil roghanna malartacha ann, ba cheart an chumhacht gníomhartha a ghlacadh a tharmligean chuig an gCoimisiún chun uasteorainneacha níos ísle a mholadh le himeacht ama.*** |

***([1a]) [1a] Ozone Depleting Substances 2022 [Substaintí Ídithe Ózóin 2022], an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil.***

***([1b]) Narrowing feedstock exemptions under the Montreal Protocol has multiple environmental benefits [Tá ilbhuntáistí comhshaoil ag baint le líon na maolaithe bunábhair faoi Phrótacal Montréal a laghdú], Stephen O. Andersen, et al. 2021: https://www.ncbi.nlm.nih.gov/pmc/articles/PMC8665836/ agus Unfinished business after five decades of ozone-layer science and policy [Gnó neamhchríochnaithe tar éis caoga bliain d'eolaíocht agus beartas an chisil ózóin, Susan Salomon et al. 2020.***

**Leasú 6**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 12**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (12) Léirigh an Coiste Roghanna Teicniúla um Halóin (CRTH), coiste a bunaíodh faoin bPrótacal, go bhféadfadh sé nach mbeadh na stoic halóin neamhíona leordhóthanach chun freastal ar na riachtanais ó 2030 ar aghaidh ar an leibhéal domhanda. Chun an cás a sheachaint ina mbeadh gá le halóin nua a tháirgeadh chun freastal ar riachtanais amach anseo, tá sé tábhachtach bearta a ghlacadh chun méadú a chur ar infhaighteacht stoc halóin a aisghabhtar ó threalamh. | (12) Léirigh an Coiste Roghanna Teicniúla um Halóin (CRTH), coiste a bunaíodh faoin bPrótacal, go bhféadfadh sé nach mbeadh na stoic halóin neamhíona leordhóthanach chun freastal ar na riachtanais ó 2030 ar aghaidh ar an leibhéal domhanda. Chun an cás a sheachaint ina mbeadh gá le halóin nua a tháirgeadh chun freastal ar riachtanais amach anseo, tá sé tábhachtach bearta a ghlacadh chun méadú a chur ar infhaighteacht ***na*** stoc halóin a aisghabhtar ó threalamh ***agus faireachán leormhaith a dhéanamh orthu***. |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 7**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 13 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | *(13a)* ***Tá méadú ag teacht ar an imní atá ann faoin tionchar atá ag cuid de na substaintí nua a liostaítear in Iarscríbhinn II ar na hastaíochtaí domhanda, lena n-áirítear, mar shampla, an méadú tapa ar thiúchan atmaisféarach an déchlóireatáin a d'fhéadfadh moill mhór, níos mó ná deich mbliana, a chur ar théarnamh an phoill ózóin*** [1a]***. In 2021, táirgeadh thart ar a cheithre oiread níos mó substaintí ídithe ózóin nua nach gcumhdaítear leis an bPrótacal, i dtonaí méadracha, ná substaintí rialaithe*** [1 ter]***. Tá sé ríthábhachtach, dá bhrí sin, rialú agus faireachán breise a dhéanamh. Ba cheart na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn II a chur isteach faoi na ceanglais a chuirtear i bhfeidhm maidir leis na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn I a bhaineann le sileadh agus clárú sa chóras ceadúnúcháin. D'fhágfadh an cur chuige sin go laghdófaí an drochthionchar a d'fhéadfaí a imirt ar an gcomhshaol agus ar an tsláinte ach, chomh maith leis sin, bheadh sé ag teacht leis an gcur chuige arna ghlacadh faoi Rialachán (AE) 2023/… ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe, lena leasaítear Treoir (AE) 2019/1937 agus lena n-aisghairtear Rialachán (AE) Uimh. 517/2014.*** |

***[1a] The increasing threat to stratospheric ozone from dichloromethane [Méadú ar an mbaol don ózón sa strataisféar a bhaineann le déchlóireatán], Hossaini et al, 2017: https://doi.org/10.1038/s41467-019-13899-4***

***[1 ter] Ozone Depleting Substances 2022 [Substaintí Ídithe Ózóin 2022], an Ghníomhaireacht Eorpach Comhshaoil.***

**Leasú 8**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 16**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (16) Ba cheart cosc a chur ar choimeádáin neamh-inathlíonta le haghaidh substaintí ídithe ózóin, ós rud é gur cinnte go bhfanann méid áirithe substainte sna coimeádáin sin nuair a dhéantar iad a fholmhú, agus scaoiltear an tsubstaint isteach san atmaisféar ansin. Chuige sin, is gá toirmeasc a chur ar na coimeádáin sin a allmhairiú, a chur ar an margadh, a sholáthar nó a chur ar fáil ar an mhargadh i ndiaidh sin, a úsáid, seachas le haghaidh úsáidí saotharlainne agus anailíse, agus a onnmhairiú. | (16) Ba cheart cosc a chur ar choimeádáin neamh-inathlíonta le haghaidh substaintí ídithe ózóin, ós rud é gur cinnte go bhfanann méid áirithe substainte sna coimeádáin sin nuair a dhéantar iad a fholmhú, agus scaoiltear an tsubstaint isteach san atmaisféar ansin. Chuige sin, is gá toirmeasc a chur ar na coimeádáin sin a allmhairiú, a chur ar an margadh, a sholáthar nó a chur ar fáil ar an mhargadh i ndiaidh sin, a úsáid, seachas le haghaidh úsáidí saotharlainne agus anailíse, agus a onnmhairiú. ***Chun a áirithiú go n-athlíonfar coimeádáin in-athlíonta in ionad iad a chaitheamh amach, ba cheart ceangal a chur ar ghnóthais, agus na coimeádáin sin á gcur ar an margadh acu, fianaise a thabhairt leis na socruithe a bhaineann lena dtabhairt ar ais chun iad a athlíonadh.*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 9**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 17**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (17) Le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([24]), déantar foráil maidir le lipéadú substaintí a aicmítear mar shubstaintí ídithe ózóin agus lipéadú meascán ina bhfuil na substaintí sin. Ós rud é go gceadaítear substaintí ídithe ózóin, arna dtáirgeadh le haghaidh úsáidí mar bhunábhar nó mar oibreán próisis, nó le haghaidh úsáidí saotharlainne agus anailíse, a scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta i margadh an Aontais, ba cheart na substaintí sin a idirdhealú ó shubstaintí a tháirgtear le haghaidh úsáidí eile. | (17) Le Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([24]), déantar foráil maidir le lipéadú substaintí a aicmítear mar shubstaintí ídithe ózóin agus lipéadú meascán ina bhfuil na substaintí sin. Ós rud é go gceadaítear ***halón agus bróimíd mheitile agus táirgí agus trealamh eile ina bhfuil na*** substaintí ídithe ózóin ***sin nó a bhfuil a bhfeidhmiú ag brath ar na substaintí sin mar aon le substaintí ídithe ózóin eile***, arna dtáirgeadh le haghaidh úsáidí mar bhunábhar nó mar oibreán próisis, nó le haghaidh úsáidí saotharlainne agus anailíse ***agus lena ndíothú san Aontas***, a scaoileadh le haghaidh saorchúrsaíochta i margadh an Aontais, ba cheart na substaintí sin a idirdhealú ó shubstaintí a tháirgtear le haghaidh úsáidí eile. |
| ([24]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1). | ([24]) Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Nollaig 2008 maidir le haicmiú, lipéadú agus pacáistiú substaintí agus meascán (IO L 353, 31.12.2008, lch. 1). |

**Leasú 10**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 18**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (18) Féadfar onnmhairiú táirgí agus trealaimh ina bhfuil hidreaclórafluaracarbóin a cheadú go heisceachtúil i gcásanna ina mbeadh sé níos fearr a cheadú go gcuirfear deireadh le saolré nádúrtha na dtáirgí agus an trealaimh sin i dtríú tír seachas iad a díchoimisiúnú agus a dhiúscairt san Aontas. | (18) Féadfar onnmhairiú táirgí agus trealaimh ina bhfuil hidreaclórafluaracarbóin a cheadú go heisceachtúil i gcásanna ina mbeadh sé níos fearr a cheadú go gcuirfear deireadh le saolré nádúrtha na dtáirgí agus an trealaimh sin i dtríú tír seachas iad a díchoimisiúnú agus a dhiúscairt san Aontas***, ar choinníoll go mbeidh na saoráidí iomchuí is gá mar aon leis an tsainfhoireann ann chun na hoibríochtaí sin a chur i gcrích chun nach ndéanfar aon truailliú breise ar an gcomhshaol***. |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 11**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 19**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (19) Ós rud é go bhféadfadh sé go n-astófaí trífhluaraimeatán mar sheachtháirge, ar substaint é a tháirgtear trí ghás ceaptha teasa fluairínithe, de thoradh an phróisis táirgthe substaintí ídithe ózóin áirithe, ba cheart na hastaíochtaí seachtháirge sin a dhíothú nó a aisghabháil lena n-úsáid ina dhiaidh sin mar choinníoll a bhaineann leis an tsubstaint ídithe ózóin sin a chur ar an margadh. Ba cheart ***é a bheith de cheanglas*** ar tháirgeoirí agus ***ar*** allmhaireoirí ***taifead a dhéanamh ar na*** bearta ***a glacadh*** chun ***cosc a chur ar*** astaíochtaí trífhluaraimeatáin le linn an phróisis táirgthe. | (19) Ós rud é go bhféadfadh sé go n-astófaí trífhluaraimeatán mar sheachtháirge, ar substaint é a tháirgtear trí ghás ceaptha teasa fluairínithe, de thoradh an phróisis táirgthe substaintí ídithe ózóin áirithe, ba cheart ***dianfhaireachán a dhéanamh ar*** na hastaíochtaí seachtháirge sin***, iad*** a dhíothú nó ***iad*** a aisghabháil lena n-úsáid ina dhiaidh sin mar choinníoll a bhaineann leis an tsubstaint ídithe ózóin sin a chur ar an margadh. Ba cheart ***a cheangal*** ar tháirgeoirí agus allmhaireoirí ***freisin*** bearta ***arna nglacadh*** chun astaíochtaí trífhluaraimeatáin ***a chosc*** le linn an phróisis táirgthe ***agus cruthúnas ar an díothú agus ar an aisghabháil a dhoiciméadú i gcomhréir leis na teicnící is fearr atá ar fáil. Ba cheart ceangal a chur orthu freisin tuairisciú ar chomhlíonadh an Rialacháin seo.*** |

**Leasú 12**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 23**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (23) Chun a áirithiú nach dtiocfaidh substaintí agus táirgí agus trealamh a chumhdaítear leis an Rialachán seo a allmhairíodh go neamhdhleathach i margadh an Aontais isteach sa mhargadh arís, ba cheart do na húdaráis inniúla na táirgí sin a choigistiú nó a urghabháil ***lena ndiúscairt***. Ba cheart toirmeasc a chur ar ***athonnmhairiú*** táirgí nach gcomhlíonann an Rialachán seo in aon chás. | (23) Chun a áirithiú nach dtiocfaidh substaintí agus táirgí agus trealamh a chumhdaítear leis an Rialachán seo a allmhairíodh go neamhdhleathach i margadh an Aontais isteach sa mhargadh arís, ba cheart do na húdaráis inniúla na táirgí sin a choigistiú nó a urghabháil ***agus iad a dhíothú***. Ba cheart toirmeasc a chur ar ***ath-onnmhairiú*** táirgí nach gcomhlíonann an Rialachán seo in aon chás. |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 13**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 28 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | *(28a)* ***Mar thoradh ar an gceanglas i dtaca le cúir ina bhfuil substaintí ídithe ózóin a aisghabháil ó ábhar tógála, d'fhéadfaí borradh a chur faoin nuálaíocht agus faoin taighde agus forbairt i réimse na dteicneolaíochtaí scartála, mínghlanta agus athchúrsála agus d'fhéadfaí dea-thionchar a imirt ar an bhfostaíocht i ngeall ar an méid mór oibre a bhaineann leis an bpróiseas díchoimisiúnaithe agus ar an ngá atá le hacmhainní cóireála níos mó le haghaidh na gcineálacha dramhaíola sin. Mar sin féin, fágann an ceanglas sin go bhféadfadh gá breise a bheith le hoiliúint a chur ar phearsanra speisialaithe sna gnóthais ábhartha, ar fiontair bheaga agus mheánmhéide iad go minic. Dá bhrí sin, ba cheart do na Ballstáit íoscheanglais cháilíochta a leagan síos don phearsanra atá i gceist agus cur le líon na gclár oiliúna atá ar fáil chun uasoiliúint a chur ar oibrithe agus le húsáid teicnící inbhuanaithe.*** |

**Leasú 14**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 28 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | *(28b)* ***Cuirfidh an t-athrú i dtreo úsáid roghanna malartacha ar shubstaintí ídithe ózóin borradh faoin nuálaíocht ghlas agus faoin bhfostaíocht. Ba cheart do na Ballstáit, áfach, aistriú cothrom agus cóir a áirithiú, gan aon duine a fhágáil ar lár, don phearsanra atá fostaithe ag gnóthais nach n-éiríonn leo san aistriú chuig na roghanna malartacha sin.*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 15**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 32**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (32) Ceanglaítear leis an bPrótacal tuairisciú a dhéanamh ar thrádáil substaintí ídithe ózóin. Ba cheart do ***thairgeoirí***, allmhaireoirí agus onnmhaireoirí substaintí ídithe ózóin tuairisciú a dhéanamh ar bhonn bliantúil maidir le trádáil i substaintí ídithe ózóin. Ba cheart trádáil ***i*** substaintí ídithe ózóin nach gcumhdaítear leis an bPrótacal go fóill (a liostaítear in Iarscríbhinn II) a thuairisciú freisin ***d'fhonn a bheith in ann measúnú a dhéanamh ar an ngá atá ann roinnt beart nó*** na bearta ***go léir*** is infheidhme maidir leis na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn I a leathnú chun na substaintí sin a chumhdach freisin. | (32) Ceanglaítear leis an bPrótacal tuairisciú a dhéanamh ar thrádáil substaintí ídithe ózóin. Ba cheart do ***tháirgeoirí***, allmhaireoirí agus onnmhaireoirí substaintí ídithe ózóin tuairisciú a dhéanamh ar bhonn bliantúil maidir le trádáil i substaintí ídithe ózóin. Ba cheart trádáil ***na*** substaintí ídithe ózóin nach gcumhdaítear leis an bPrótacal go fóill (a liostaítear in Iarscríbhinn II) a thuairisciú freisin ***chun a mheasúnú ar cheart*** na bearta ***rialaithe le haghaidh substaintí a aisghabháil, a athchúrsáil, a mhínghlanadh agus a dhíothú, ar bearta iad*** is infheidhme maidir leis na substaintí a liostaítear in Iarscríbhinn I, a leathnú ***amach anseo*** chun na substaintí sin a chumhdach freisin. |

**Leasú 16**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 33 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(33a) Is féidir le sceithirí faisnéis nua a chur ar a súile do na húdaráis inniúla, rud a d'fhéadfadh cuidiú leis na húdaráis inniúla sáruithe ar an Rialachán seo a bhrath agus é a chur ar a gcumas pionóis a fhorchur. Ba cheart a áirithiú go mbeidh socruithe leordhóthanacha i bhfeidhm chun sceithirí a chumasú na húdaráis inniúla a chur ar an eolas maidir le sáruithe iarbhír nó féideartha ar an Rialachán seo agus na sceithirí a chosaint ar fhrithbhearta.*** |

**Leasú 17**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 36**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (36) Ba cheart sáruithe tromchúiseacha ar an Rialachán seo a ionchúiseamh faoin dlí coiriúil, i gcomhréir le Treoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([27]) . | (36) Ba cheart sáruithe tromchúiseacha ar an Rialachán seo a ionchúiseamh faoin dlí coiriúil, i gcomhréir le Treoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ([27]). ***Agus é á chur san áireamh, nach mar a chéile iad cionta riaracháin agus cionta coiriúla ó thaobh cineáil de, nach cionta comheisiacha iad agus, dá bhrí sin, gurb é an t-údarás inniúil a d'fhorchuirfeadh pionóis riaracháin faoi chuimsiú imeachtaí riaracháin agus gurb í an chúirt choiriúil i mBallstát a d'fhorchuirfeadh pionóis choiriúla i gcomhréir le Treoir 2008/99/CE.*** |
| ([27]) Treoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil (IO L 328, 6.12.2008, lch. 28). | ([27]) Treoir 2008/99/CE ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 19 Samhain 2008 maidir le cosaint an chomhshaoil tríd an dlí coiriúil (IO L 328, 6.12.2008, lch. 28). |

**Leasú 18**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Aithris 40 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(40a) Tá sé cruthaithe gur substaint ídithe ózóin í ocsaíd nítriúil ($N_2O$), gás a scaoiltear san aer go príomha nuair a bhíonn barraíocht leasacháin atá bunaithe ar nítrigin san ithir. Ó laghdaíodh clóra-fluaraiceimiceáin agus hidreacarbóin halaiginithe ídithe ózóin eile, aithnítear gurb é $N_2O$ ceann de na substaintí ídithe ózóin is mó agus tá baol ann go mbainfidh sé an bonn den mhéid a baineadh amach faoin bPrótacal ([1a]). I dTeachtaireacht uaidh an 20 Bealtaine 2020 dar teideal Farm to Fork Strategy for a fair, healthy and environmentally-friendly food system [an Straitéis 'ón bhFeirm go dtí an Forc' le haghaidh córas bia atá cothrom, sláintiúil agus neamhdhíobhálach don chomhshaol], gheall an Coimisiún go ngníomhódh sé chun an t-ídiú cothaitheach a laghdú 50 % ar a laghad, rud a d'fhágfadh gur cheart go dtiocfadh laghdú 20 % ar a laghad ar úsáid leasacháin faoi 2030.*** |
| | ***([1a]) Féach mar shampla: Drawing Down N2O To Protect Climate and the Ozone Layer [Laghdú ar N2O chun an Aeráid agus an Ciseal Ózóin a Chosaint], UNEP, 2013.*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 19**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 1– mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha maidir le substaintí ídithe ózóin a tháirgeadh, a allmhairiú, a onnmhairiú, a chur ar an margadh, a sholáthar tuilleadh ***agus*** a úsáid, a aisghabháil, a athchúrsáil, a mhínghlanadh agus a dhíothú, maidir le tuairisciú faisnéise a bhaineann leis na substaintí sin agus maidir le táirgí agus trealamh ina bhfuil substaintí ídithe ózóin nó a bhfuil a bhfeidhmiú ag brath ar na substaintí sin a allmhairiú, a onnmhairiú, a chur ar an margadh, a sholáthar tuilleadh agus a úsáid. | Leis an Rialachán seo, leagtar síos rialacha maidir le substaintí ídithe ózóin a tháirgeadh, a allmhairiú, a onnmhairiú, a chur ar an margadh, a ***stóráil, a*** sholáthar tuilleadh, a úsáid, a aisghabháil, a athchúrsáil, a mhínghlanadh agus a dhíothú, maidir le tuairisciú faisnéise a bhaineann leis na substaintí sin agus maidir le táirgí agus trealamh ina bhfuil substaintí ídithe ózóin nó a bhfuil a bhfeidhmiú ag brath ar na substaintí sin a allmhairiú, a onnmhairiú, a chur ar an margadh, a sholáthar tuilleadh agus a úsáid. |

**Leasú 20**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 2 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le táirgí agus trealamh freisin, agus codanna díobh, ina bhfuil substaintí ídithe ózóin nó a bhfuil a bhfeidhmiú ag brath ar na substaintí sin. | 2. Tá feidhm ag an Rialachán seo maidir le táirgí agus trealamh freisin, agus codanna díobh, ina bhfuil substaintí ídithe ózóin nó a bhfuil a bhfeidhmiú ag brath ***go páirteach nó go hiomlán*** ar na substaintí sin. |

**Leasú 21**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (1) ciallaíonn 'bunábhar' aon substaint ídithe ózóin a chuirtear faoi chlaochlú ceimiceach i bpróiseas ina dtiontaítear í go hiomlán óna comhshuíomh bunaidh ***agus nach mbaineann ach leibhéal fíoríseal astaíochtaí léi***; | (1) ciallaíonn 'bunábhar' aon substaint ídithe ózóin a chuirtear faoi chlaochlú ceimiceach i bpróiseas ina dtiontaítear í go hiomlán óna comhshuíomh bunaidh; |

Déardaoin 30. Márta 2023

**Leasú 22**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (5) ciallaíonn 'cur ar an margadh' soláthar nó cur ar fáil do thríú páirtí laistigh den Aontas, den chéad uair, ar íocaíocht nó saor in aisce, scaoileadh custaim le haghaidh saorchúrsaíochta san Aontas, agus úsáid substaintí a tháirgtear nó úsáid táirgí nó trealaimh a mhonaraítear chun críche úsáide dílse; | (5) ciallaíonn 'cur ar an margadh' soláthar nó cur ar fáil do thríú páirtí laistigh den Aontas, den chéad uair, ar íocaíocht nó saor in aisce, scaoileadh custaim le haghaidh saorchúrsaíochta san Aontas, agus úsáid substaintí a tháirgtear nó úsáid táirgí nó trealaimh a mhonaraítear chun críche úsáide dílse; |

**Leasú 23**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 6 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(6a) ciallaíonn 'táirgeoir' aon duine nádúrtha nó dlítheanach a tháirgeann substaintí ídithe ózóin san Aontas;*** |

**Leasú 24**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 10 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(10a) ciallaíonn 'coimeádán' coimeádán mar a shainmhínítear in Airteagal [X] de Rialachán xxxx/xxxx [an Rialachán maidir le gáis ceaptha teasa fhluairínithe] é;*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 25**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 3 – mír 1 – pointe 11**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (11) ciallaíonn 'táirgí agus trealamh' na táirgí agus an trealamh go léir, lena n-áirítear codanna díobh, cé is moite de choimeádáin, a úsáidtear chun substaintí ídithe ózóin a iompar nó a stóráil; | (11) ciallaíonn 'táirgí agus trealamh' na táirgí agus an trealamh go léir, lena n-áirítear codanna díobh, cé is moite de choimeádáin, a úsáidtear chun substaintí ídithe ózóin a iompar nó a stóráil; |

**Leasú 26**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 6 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| De mhaolú ar Airteagal 4(1), ***féadfar*** substaintí ídithe ózóin a liostaítear in Iarscríbhinn I a tháirgeadh, a chur ar an margadh, agus a sholáthar nó a chur ar fáil ina dhiaidh sin do dhuine eile laistigh den Aontas ar íocaíocht nó saor in aisce ***chun*** iad a úsáid mar bhunábhar. | De mhaolú ar Airteagal 4(1), ***ní fhéadfar*** substaintí ídithe ózóin a liostaítear in Iarscríbhinn I a tháirgeadh, a chur ar an margadh, agus a sholáthar nó a chur ar fáil ina dhiaidh sin do dhuine eile laistigh den Aontas ar íocaíocht nó saor in aisce ***ach amháin i gcás ina bhfuil sé ceadaithe*** iad a úsáid mar bhunábhar. |

**Leasú 27**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 6 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Déanfaidh an Coimisiún, faoin… [12 mhí tar éis dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo], gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 chun an Rialachán seo a fhorlíonadh trí liosta a chur le chéile de na substaintí ídithe ózóin a liostaítear in Iarscríbhinn I a gceadaítear iad a úsáid mar bhunábhar agus na húsáidí faoi seach a bhaintear as gach ceann de na substaintí sin agus a leibhéal astaíochta a leagan síos.*** |

**Leasú 28**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 6 – mír 1 b (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Faoin 1 Eanáir 2025 agus gach dhá bhliain go leith ina dhiaidh sin, déanfaidh an Coimisiún measúnú ar na roghanna malartacha atá ar fáil agus a bheidh ar fáil ar na substaintí ídithe ózóin a liostaítear in Iarscríbhinn I agus a gceadaítear iad a úsáid mar bhunábhar san Aontas, agus aird á tabhairt ar mholtaí eolaíocha, ar an tionchar atá acu ó thaobh acmhainn ídithe ózóin de, ar shonraí níos beaichte a bheith ar fáil faoi astaíochtaí gás ceaptha teasa ó bhunábhar, ar fhorbairtí teicneolaíocha a gcuirfear roghanna malartacha atá indéanta go teicniúil ar fáil mar thoradh orthu agus ar úsáid fuinnimh, éifeachtúlacht, indéantacht eacnamaíoch agus costas na roghanna malartacha sin. Cuirfidh an Coimisiún conclúidí na measúnuithe sin faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle.*** |

**Leasú 29**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 6 – mír 1 c (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcás ina dtiocfaidh an Coimisiún ar an gconclúid sa mheasúnú a dhéanfaidh sé go bhfuil rogha mhalartach indéanta ar shubstaint ídithe ózóin ar fáil le haghaidh úsáid ar leith mar bhunábhar, déanfaidh an Coimisiún, laistigh de thrí mhí, gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 lena bhforlíontar an Rialachán seo chun uasleibhéal astaíochta a leagan síos mar aon le sceideal chun deireadh a chur de réir a chéile leis na teorainneacha cainníochtúla atá le húsáid na substainte ídithe ózóin ábhartha ar an liosta dá dtagraítear sa dara mír den Airteagal seo.*** |

**Leasú 30**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 6 – mír 1 d (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***I gcás substaintí ídithe ózóin a tháirgtear, a chuirtear ar an margadh, agus a sholáthraítear nó a chuirtear ar fáil ina dhiaidh sin, bíodh sé sin ar íocaíocht nó saor in aisce, do dhuine eile san Aontas lena n-úsáid mar bhunábhar, ní fhéadfar na substaintí sin a úsáid ach chun na críche sin. Coimeádáin ina bhfuil na substaintí ídithe ózóin atá beartaithe le haghaidh na n-úsáidí sin, déanfar na coimeádáin sin a lipéadú ar bhealach ina dtugtar léiriú soiléir á rá nach féidir an tsubstaint a úsáid ach amháin chun na críche is infheidhme. I gcás ina bhfuil na substaintí sin faoi réir ceanglas lipéadaithe dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, beidh an léiriú sin ar na lipéid dá dtagraítear sa Rialachán sin.*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 31**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 3**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 chun ***Iarscríbhinn V*** a leasú, i gcás ***nach*** bhfuil roghanna malartacha nó teicneolaíochtaí atá indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch ar fáil le haghaidh na n-úsáidí a liostaítear san Iarscríbhinn sin laistigh de na hamscálaí a leagtar amach ***in*** Iarscríbhinn ***V*** nó i gcás nach bhfuil siad inghlactha mar gheall ar a ***dtionchair*** ar an gcomhshaol nó ar an tsláinte, nó i gcás inar gá sin chun a áirithiú go gcomhlíonfar gealltanais idirnáisiúnta an Aontais a bhaineann le húsáidí criticiúla halón a bhunaítear go háirithe faoin bPrótacal, faoin Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) agus faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL).

*Leasú*

3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 chun ***Iarscríbhinn V*** a leasú, i gcás ***ina*** bhfuil roghanna malartacha nó teicneolaíochtaí atá indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch ar fáil le haghaidh na n-úsáidí a liostaítear san Iarscríbhinn sin ***roimh cheann amháin nó níos mó de na dátaí deiridh a shonraítear san Iarscríbhinn sin, nó nach bhfuil siad ar fáil le haghaidh na n-úsáidí a liostaítear san Iarscríbhinn sin*** laistigh de na hamscálaí a leagtar amach ***san*** Iarscríbhinn ***sin,*** nó i gcás nach bhfuil siad inghlactha mar gheall ar a ***dtionchar*** ar an gcomhshaol nó ar an tsláinte, nó i gcás inar gá sin chun a áirithiú go gcomhlíonfar gealltanais idirnáisiúnta an Aontais a bhaineann le húsáidí criticiúla halón a bhunaítear go háirithe faoin bPrótacal, faoin Eagraíocht Eitlíochta Sibhialta Idirnáisiúnta (ICAO) agus faoin gCoinbhinsiún Idirnáisiúnta um Thruailliú ó Longa a Chosc (MARPOL).

**Leasú 32**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 9 – mír 4**

*Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún*

4. ***Feadfaidh*** an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, agus tar éis iarraidh ar tugadh bunús leis a fháil ó údarás inniúil de chuid Ballstáit, maoluithe atá teoranta ó thaobh ama de a dheonú ó na dátaí deiridh nó ó na scoithdhátaí a shonraítear in Iarscríbhinn V le haghaidh cás sonraithe ina léirítear san iarraidh nach bhfuil rogha malartach atá indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch ar fáil don fheidhm áirithe sin. ***Féadfaidh*** an Coimisiún ceanglais maidir le tuairisciú a chuimsiú sna gníomhartha cur chun feidhme sin, agus ***féadfaidh*** sé a éileamh go ***gcuirfear*** fianaise thacaíochta isteach, ar fianaise í atá riachtanach chun faireachán a dhéanamh ar úsáid an mhaolaithe, lena n-airítear fianaise maidir le méideanna a aisghabháladh i gcomhair athchúrsála nó mínghlanta, torthaí seiceálacha silidh agus méideanna halón nár úsáideadh i stoic. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(2).

*Leasú*

4. ***Féadfaidh*** an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, agus tar éis iarraidh ar tugadh bunús leis a fháil ó údarás inniúil de chuid Ballstáit, maoluithe atá teoranta ó thaobh ama de a dheonú ó na dátaí deiridh nó ó na scoithdhátaí a shonraítear in Iarscríbhinn V le haghaidh cás sonraithe ina léirítear san iarraidh nach bhfuil rogha malartach atá indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch ar fáil don fheidhm áirithe sin. ***Déanfaidh*** an Coimisiún ceanglais maidir le tuairisciú a chuimsiú sna gníomhartha cur chun feidhme sin, agus ***déanfaidh*** sé a éileamh go ***gcuirfí*** fianaise thacaíochta isteach, ar fianaise í atá riachtanach chun faireachán a dhéanamh ar úsáid an mhaolaithe, lena n-airítear fianaise maidir le méideanna a aisghabháladh i gcomhair athchúrsála nó mínghlanta, torthaí seiceálacha silidh agus méideanna halón nár úsáideadh i stoic. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(2).

**Leasú 33**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 10 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. I gcás éigeandála, más gá é i ngeall ar ráigeanna lotnaidí nó ***galar*** áirithe gan choinne, féadfaidh an Coimisiún a údarú, arna iarraidh sin d'údarás inniúil Ballstáit, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, go ***ndéanfar*** bróimíd mheitile a tháirgeadh, a chur ar an margadh agus a úsáid go sealadach, ar choinníoll go gceadaítear, faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 faoi seach, bróimíd mheitile a chur ar an margadh agus a úsáid. Díothófar aon chainníochtaí bróimíde meitile nár úsáideadh. | 1. I gcás éigeandála, más gá é i ngeall ar ráigeanna ***de*** lotnaidí nó ***galair*** áirithe gan choinne, féadfaidh an Coimisiún a údarú, arna iarraidh sin d'údarás inniúil Ballstáit, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, ***agus tar éis dó fógra a thabhairt don Rúnaíocht Ózóin i gcomhréir le Cinneadh X/14 ó na Páirtithe sa Phrótacal,*** go ***ndéanfaí*** bróimíd mheitile a tháirgeadh, a chur ar an margadh agus a úsáid go sealadach, ar choinníoll go gceadaítear, faoi Rialachán (CE) Uimh. 1107/2009 agus faoi Rialachán (AE) Uimh. 528/2012 faoi seach, bróimíd mheitile a chur ar an margadh agus a úsáid. Díothófar aon chainníochtaí bróimíde meitile nár úsáideadh. |

**Leasú 34**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 10 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 sonrófar na bearta atá le déanamh chun astaíochtaí bróimíde meitile a laghdú le linn úsáide agus beidh feidhm acu ar feadh tréimhse nach faide ná 120 lá agus beidh feidhm acu maidir le cainníocht nach mó ná 20 tona méadrach de bhróimíd mheitile. ***Féadfaidh*** an Coimisiún ceanglais maidir le tuairisciú a chuimsiú sna gníomhartha cur chun feidhme sin agus ***féadfaidh*** sé a éileamh go ***gcuirfear*** fianaise thacaíochta isteach, ar fianaise í atá riachtanach chun faireachán a dhéanamh ar úsáid ***bhróimíde*** meitile, lena n-airítear fianaise a bhaineann le substaintí a dhíothú tar éis deireadh an mhaolaithe. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(2). | 2. Leis na gníomhartha cur chun feidhme dá dtagraítear i mír 1 sonrófar na bearta atá le déanamh chun astaíochtaí bróimíde meitile a laghdú le linn úsáide agus beidh feidhm acu ar feadh tréimhse nach faide ná 120 lá agus beidh feidhm acu maidir le cainníocht nach mó ná 20 tona méadrach de bhróimíd mheitile. ***Déanfaidh*** an Coimisiún ceanglais maidir le tuairisciú a chuimsiú sna gníomhartha cur chun feidhme sin agus ***déanfaidh*** sé a éileamh go ***gcuirfí*** fianaise thacaíochta isteach, ar fianaise í atá riachtanach chun faireachán a dhéanamh ar úsáid ***bróimíde*** meitile, lena n-airítear fianaise a bhaineann le substaintí a dhíothú tar éis deireadh an mhaolaithe. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(2). |

**Leasú 35**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 13 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ní bheidh gá*** leis an ***gceadúnas*** dá dtagraítear ***sa chéad fhomhír i gcásanna stórála sealadaí***. | ***De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo agus ar Airteagal 16, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha simplithe a bhunú maidir le ceadúnú i gcás stóráil shealadach mar a shainmhínítear i bpointe (17) d'Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 í. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir*** leis an ***nós imeachta scrúdúcháin*** dá dtagraítear ***in Airteagal 28(2)***. |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 36**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 14 – mír 2 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| De mhaolú ar Airteagal 5(2), féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, tar éis d'údarás inniúil de chuid Ballstáit é a iarraidh, onnmhairiú táirgí agus trealaimh ina bhfuil hidreaclórafluaracarbóin a údarú, i gcás ina léirítear, i bhfianaise luach eacnamaíoch an earra áirithe agus an ***méid*** dá shaolré atá fágtha, go gcuirfeadh toirmeasc ar onnmhairiú ualach díréireach ar an onnmhaireoir, ***agus*** go bhfuil an t-onnmhairiú sin i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta na tíre cinn scríbe. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(2). | De mhaolú ar Airteagal 5(2), féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, tar éis d'údarás inniúil de chuid Ballstáit é a iarraidh, onnmhairiú táirgí agus trealaimh ina bhfuil hidreaclórafluaracarbóin a údarú, i gcás ina léirítear, i bhfianaise luach eacnamaíoch an earra áirithe agus an ***mhéid*** dá shaolré atá fágtha, go gcuirfeadh toirmeasc ar onnmhairiú ualach díréireach ar an onnmhaireoir, go bhfuil an t-onnmhairiú sin i gcomhréir le reachtaíocht náisiúnta na tíre cinn scríbe ***agus go ndéanfadh an tír cinn scríbe sin na táirgí agus an trealamh sin, nuair a bheidh a saolré caite agus ar bhonn na reachtaíochta náisiúnta, a láimhseáil ar bhealach nach bhfágfadh go scaoilfí substaintí ídithe ózóin sa timpeallacht sheachtrach***. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(2). |

**Leasú 37**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 14 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Ní bheidh gá*** leis an ***gceadúnas*** dá dtagraítear ***sa chéad fhomhír i gcásanna athonnmhairithe i ndiaidh stórála sealadaí***. | ***De mhaolú ar an gcéad fhomhír den mhír seo agus ar Airteagal 16, déanfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, rialacha simplithe a bhunú maidir le ceadúnú i gcás stóráil shealadach mar a shainmhínítear i bpointe (17) d'Airteagal 5 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013 í. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir*** leis an ***nós imeachta scrúdúcháin*** dá dtagraítear ***in Airteagal 28(2)***. |

**Leasú 38**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 15 – mír 1 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh na húdaráis chustaim nó na húdaráis um fhaireachas margaidh aon choimeádán neamh-inathlíonta toirmiscthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír a urghabháil, a choigistiú, a aistarraingt nó a aisghairm ón margadh ***lena dhiúscairt***. Tá toirmeasc ar choimeádáin neamh-inathlíonta a bhfuil toirmeasc orthu a ***athonnmhairiú***. | Déanfaidh na húdaráis chustaim nó na húdaráis um fhaireachas margaidh aon choimeádán neamh-inathlíonta toirmiscthe dá dtagraítear sa chéad fhomhír a urghabháil, a choigistiú, a aistarraingt nó a aisghairm ón margadh ***agus a dhíothú***. Tá toirmeasc ar choimeádáin neamh-inathlíonta a bhfuil toirmeasc orthu a ***ath-onnmhairiú***. |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 39**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 15 – mír 1 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***1a. Gnóthais a chuireann coimeádáin in-athlíonta le haghaidh substaintí ídithe ózóin ar an margadh, soláthróidh siad dearbhú comhréireachta ina mbeidh fianaise lena ndeimhnítear na socruithe atá i bhfeidhm chun an coimeádán sin a thabhairt ar ais chun críche athlíonta. Faoi na socruithe sin, cuirfear oibleagáidí ceangailteacha ar na soláthróirí na rialacha a chomhlíonadh maidir leis na coimeádáin sin a sholáthar d'úsáideoirí deiridh.*** |
| | ***Coimeádfaidh na gnóthais dá dtagraítear sa chéad fhomhír an dearbhú comhréireachta ar feadh tréimhse cúig bliana ar a laghad tar éis coimeádáin in-athlíonta a chur ar an margadh agus cuirfear ar fáil é, arna iarraidh sin dóibh, d'údaráis inniúla na mBallstát. Coimeádfaidh na soláthróirí a sholáthraíonn na coimeádáin sin d'úsáideoirí deiridh fianaise ar chomhlíonadh na socruithe sin ar feadh tréimhse cúig bliana ar a laghad tar éis iad a sholáthar don úsáideoir deiridh agus cuirfear an fhianaise sin ar fáil, arna iarraidh sin, d'údaráis inniúla na mBallstát.*** |
| | ***Féadfaidh an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, an Rialachán seo a fhorlíonadh trí shonraí an dearbhaithe comhréireachta a chinneadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(2).*** |

**Leasú 40**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 15 – mír 2 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***D'fhonn*** an fhianaise ***sin*** a chur ***isteach***, tarraingeoidh allmhaireoirí agus táirgeoirí suas dearbhú comhréireachta agus cuirfidh siad doiciméadacht tacaíochta leis ***maidir leis an tsaoráid táirgthe agus leis na bearta maolaithe a glacadh chun astaíochtaí trífhluaraimeatáin a chosc. Coimeádfaidh táirgeoirí agus allmhaireoirí an dearbhú comhréireachta agus an doiciméadacht tacaíochta ar feadh tréimhse 5 bliana ar a laghad tar éis iad a chur ar an margadh agus cuirfear ar fáil d'údaráis inniúla náisiúnta agus don Choimisiún iad, arna iarraidh sin dóibh.*** | ***Chun*** an fhianaise ***dá dtagraítear sa chéad fhomhír de mhír 1a*** a chur ***ar fáil***, tarraingeoidh allmhaireoirí agus táirgeoirí suas dearbhú comhréireachta***, arna fhíorú ag iniúchóir creidiúnaithe,*** agus cuirfidh siad doiciméadacht tacaíochta leis ***ina mbeidh an méid seo a leanas:*** |
| | ***(a) faisnéis faoin tsaoráid táirgthe;*** |
| | ***(b) an cruthúnas ar infhaighteacht agus oibriú na teicneolaíochta laghdaithe is fearr atá ar fáil ag an tsaoráid táirgthe;*** |
| | ***(c) an cruthúnas ar bhearta maolaithe arna nglacadh chun astaíochtaí trífhluaraimeatáin a chosc, i gcomhréir leis na teicnící is fearr atá ar fáil;*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(d)* an cruthúnas ar dhíothú nó aisghabháil aon chainníocht de thrífhluaraimeatán a astaítear, i gcomhréir leis na teicnící is fearr atá ar fáil agus i gcomhréir leis na ceanglais a leagtar síos in Airteagal 20(7).** |
| | ***Coimeádfaidh táirgeoirí agus allmhaireoirí an dearbhú comhréireachta agus an doiciméadacht tacaíochta ar feadh tréimhse 5 bliana ar a laghad tar éis iad a chur ar an margadh agus cuirfear ar fáil do na húdaráis inniúla agus don Choimisiún iad, arna iarraidh sin dóibh.*** |

**Leasú 41**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 15 – mír 2 – fomhír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| ***Féadfaidh*** an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na socruithe mionsonraithe a bhaineann leis an dearbhú comhréireachta agus leis an doiciméadacht tacaíochta dá dtagraítear sa dara fomhír a chinneadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(2). | ***Déanfaidh*** an Coimisiún, trí bhíthin gníomhartha cur chun feidhme, na socruithe mionsonraithe a bhaineann leis an dearbhú comhréireachta agus leis an doiciméadacht tacaíochta ***agus na gnéithe mionsonraithe leo sin*** dá dtagraítear sa dara fomhír a chinneadh. Déanfar na gníomhartha cur chun feidhme sin a ghlacadh i gcomhréir leis an nós imeachta scrúdúcháin dá dtagraítear in Airteagal 28(2). |

**Leasú 42**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 15 – mír 3 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Substaintí ídithe ózóin a tháirgtear nó a chuirtear ar an margadh ***mar bhunábhar***, ***mar oibreáin phróisis,*** nó ***le haghaidh úsáidí riachtanacha saotharlainne*** agus ***anailíse*** dá dtagraítear in Airteagail 6, 7 agus ***8***, ní fhéadfar na substaintí sin a úsáid ach ***amháin*** chun na gcríoch sin. | Substaintí ídithe ózóin a tháirgtear nó a chuirtear ar an margadh ***agus táirgí agus trealamh ina bhfuil substaintí ídithe ózóin***, nó ***a bhfuil a bhfeidhmiú ag brath ar na substaintí sin, a tháirgtear nó a chuirtear ar an margadh*** agus ***a sholáthraítear nó a chuirtear ar fáil ina dhiaidh sin*** dá dtagraítear in Airteagail 6, 7 ***, 8, 9*** agus ***10***, ní fhéadfar na substaintí sin a úsáid ach chun na gcríoch sin. ***Substaintí ídithe ózóin, agus táirgí agus trealamh ina bhfuil substaintí ídithe ózóin, nó a bhfuil a bhfeidhmiú ag brath ar na substaintí sin, a chuirtear ar an margadh lena ndíothú dá dtagraítear in Airteagal 12, ní fhéadfar iad a úsáid ach chun na críche sin.*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 43**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 15 – mír 3 – fomhír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Coimeádáin ina bhfuil na substaintí atá beartaithe le haghaidh na n-úsáidí dá dtagraítear in Airteagail 6, 7 agus ***8***, déanfar na coimeádáin sin a lipéadú ar bhealach ina dtugtar léiriú soiléir á rá nach féidir an tsubstaint a úsáid ach amháin chun na críche is infheidhme. I gcás ina bhfuil na substaintí sin faoi réir ceanglas lipéadaithe dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, beidh an léiriú sin ar na lipéid dá dtagraítear sa Rialachán sin. | Coimeádáin ina bhfuil na substaintí atá beartaithe le haghaidh na n-úsáidí dá dtagraítear in Airteagail 6, 7***, 8, 9, 10, 11*** agus ***12***, déanfar na coimeádáin sin a lipéadú ar bhealach ina dtugtar léiriú soiléir á rá nach féidir an tsubstaint a úsáid ach amháin chun na críche is infheidhme. ***Beidh ar an lipéad an t-ainmniú le haghaidh na substainte ídithe ózóin lena mbaineann a bhfuil glacadh leis sa tionscal nó, mura bhfuil a leithéid d’ainmniú ar fáil, an t-ainm ceimiceach, acmhainn ídithe ózóin na substainte lena mbaineann agus,*** i gcás ina bhfuil ***sí ar fáil, acmhainn téimh dhomhanda*** na ***substainte arna léiriú ar bhonn amscála 100 bliain agus, i gcás ina mbeidh sí fáil, an acmhainn sin ar bhonn amscála 20 bliain. I gcás ina ndearnadh na*** substaintí sin ***a mhínghlanadh nó a athchúrsáil, beidh ar an lipéad an fhaisnéis sin mar aon leis an bhfaisnéis faoin mbaiscuimhir agus ainm agus seoladh na saoráide mínghlanta nó athchúrsála. I gcás ina bhfuil na substaintí sin*** faoi réir ceanglas lipéadaithe dá bhforáiltear i Rialachán (CE) Uimh. 1272/2008, beidh an léiriú sin ar na lipéid dá dtagraítear sa Rialachán sin. ***I gcás inarb ábhartha, déanfar coimeádáin a athlíonadh a athlipéadú le faisnéis nuashonraithe.*** |

**Leasú 44**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 16 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Bunóidh an Coimisiún córas ceadúnúcháin leictreonach i gcomhair substaintí ídithe ózóin a liostaítear in ***Iarscríbhinn*** I agus i gcomhair táirgí agus trealaimh ina bhfuil na substaintí sin nó a bhfuil a bhfeidhmiú ag brath ar na substaintí sin (‘an córas ceadúnúcháin’), agus áiritheoidh an Coimisiún go n-oibreoidh an córas. | 1. Bunóidh an Coimisiún córas ceadúnúcháin leictreonach i gcomhair substaintí ídithe ózóin a liostaítear in ***Iarscríbhinní*** I agus ***II agus*** i gcomhair táirgí agus trealaimh ina bhfuil na substaintí sin nó a bhfuil a bhfeidhmiú ag brath ar na substaintí sin (‘an córas ceadúnúcháin’), agus áiritheoidh an Coimisiún go n-oibreoidh an córas. |

**Leasú 45**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 16 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Gach gnóthas a bhfuil ceadúnas aige, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún, le linn tréimhse bhailíochta an cheadúnais, faoi aon athrú a d’fhéadfadh a bheith ann le linn thréimhse bhailíochta an cheadúnais maidir leis an bhfaisnéis arna cur isteach i gcomhréir le hIarscríbhinn VII. | 5. Gach gnóthas a bhfuil ceadúnas aige, tabharfaidh sé fógra don Choimisiún ***gan moill mhíchuí***, le linn tréimhse bhailíochta an cheadúnais, faoi aon athrú a d’fhéadfadh a bheith ann le linn thréimhse bhailíochta an cheadúnais maidir leis an bhfaisnéis arna cur isteach i gcomhréir le hIarscríbhinn VII. |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 46**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 3 – an chuid réamhráiteach**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. I gcásanna allmhairí substaintí ídithe ózóin a liostaítear in Iarscríbhinn I agus i gcásanna táirgí agus trealaimh ina bhfuil na substaintí sin nó a bhfuil a bhfeidhmiú ag brath ar na substaintí sin, soláthróidh an t-allmhaireoir a léirítear sa dearbhú custaim nó sa dearbhú maidir le stóráil shealadach na rudaí seo a leanas do na húdaráis chustaim sa dearbhú, i gcás inarb ábhartha, nó i gcás nach bhfuil an t-allmhaireoir ar fáil, soláthróidh an dearbhóir iad, agus i gcásanna onnmhairí, soláthróidh an t-onnmhaireoir a léirítear sa dearbhú custaim na rudaí seo a leanas do na húdaráis chustaim sa dearbhú, i gcás inarb ábhartha: | 3. I gcásanna allmhairí substaintí ídithe ózóin a liostaítear in Iarscríbhinn I agus i gcásanna táirgí agus trealaimh ina bhfuil na substaintí sin nó a bhfuil a bhfeidhmiú ag brath ***go páirteach nó go hiomlán*** ar na substaintí sin, soláthróidh an t-allmhaireoir a léirítear sa dearbhú custaim nó sa dearbhú maidir le stóráil shealadach na rudaí seo a leanas do na húdaráis chustaim sa dearbhú, i gcás inarb ábhartha, nó i gcás nach bhfuil an t-allmhaireoir ar fáil, soláthróidh an dearbhóir iad, agus i gcásanna onnmhairí, soláthróidh an t-onnmhaireoir a léirítear sa dearbhú custaim na rudaí seo a leanas do na húdaráis chustaim sa dearbhú, i gcás inarb ábhartha: |

**Leasú 47**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 11 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Urghabhfaidh nó coigisteoidh ***údaráis*** chustaim na substaintí agus na táirgí agus an trealamh atá toirmiscthe faoin Rialacháin seo chun iad a dhiúscairt i gcomhréir le hAirteagail 197 agus 198 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Na substaintí agus na táirgí agus an trealamh sin, aistarraingeoidh nó tarraingeoidh na húdaráis um fhaireachas margaidh siar ón margadh iad i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [33]. | Urghabhfaidh nó coigisteoidh ***na húdaráis*** chustaim na substaintí agus na táirgí agus an trealamh atá toirmiscthe faoin Rialacháin seo chun iad a dhiúscairt i gcomhréir le hAirteagail 197 agus 198 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013. Na substaintí agus na táirgí agus an trealamh sin, aistarraingeoidh nó tarraingeoidh na húdaráis um fhaireachas margaidh siar ón margadh iad i gcomhréir le hAirteagal 16 de Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle [33]. |
| (33) Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíontacht táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1). | (33) Rialachán (AE) 2019/1020 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Meitheamh 2019 maidir le faireachas margaidh ar tháirgí agus comhlíontacht táirgí agus lena leasaítear Treoir 2004/42/CE agus Rialacháin (CE) Uimh. 765/2008 agus (AE) Uimh. 305/2011 (IO L 169, 25.6.2019, lch. 1). |

**Leasú 48**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 17 – mír 12 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Ainmneoidh nó formheasfaidh údaráis chustaim na mBallstáit oifigí custaim nó áiteanna eile agus sonróidh siad an bealach chuig na hoifigí agus na háiteanna sin, i gcomhréir le hAirteagail 135 agus 267 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, chun substaintí ídithe ózóin a liostaítear in Iarscríbhinn I agus táirgí agus trealamh ina bhfuil na substaintí sin nó a bhfuil a bhfeidhmiú ag brath ar na substaintí sin a chur faoi bhráid an luchta custaim nuair atá na substaintí nó na táirgí nó an trealamh sin ag teacht isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó ag imeacht aisti. Beidh ***go leor*** acmhainní ag na hoifigí custaim nó na háiteanna sin chun na rialuithe fisiciúla ábhartha atá bunaithe ar anailís riosca a chur i gcrích, agus beidh siad eolach ar chúrsaí a bhaineann le cosc a chur ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha faoin Rialachán seo. | Ainmneoidh nó formheasfaidh údaráis chustaim na mBallstáit oifigí custaim nó áiteanna eile agus sonróidh siad an bealach chuig na hoifigí agus na háiteanna sin, i gcomhréir le hAirteagail 135 agus 267 de Rialachán (AE) Uimh. 952/2013, chun substaintí ídithe ózóin a liostaítear in Iarscríbhinn I agus táirgí agus trealamh ina bhfuil na substaintí sin nó a bhfuil a bhfeidhmiú ag brath ar na substaintí sin a chur faoi bhráid an luchta custaim nuair atá na substaintí nó na táirgí nó an trealamh sin ag teacht isteach i gcríoch chustaim an Aontais nó ag imeacht aisti. Beidh ***a ndóthain*** acmhainní ***daonna agus ábharacha*** ag na hoifigí custaim nó na háiteanna sin chun na rialuithe fisiciúla ábhartha atá bunaithe ar anailís riosca a chur i gcrích, agus beidh siad eolach ar chúrsaí a bhaineann le cosc a chur ar ghníomhaíochtaí neamhdhleathacha faoin Rialachán seo. |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 49**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 20 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Maidir le haon substaintí ídithe ózóin a liostaítear in ***Iarscríbhinn I*** atá i dtrealamh cuisniúcháin, aeroiriúnaithe nó teaschaidéil, i dtrealamh ina bhfuil tuaslagóirí nó i gcórais chosanta dóiteáin agus i múchtóirí dóiteáin, déanfar, le linn trealamh a chothabháil nó a sheirbhísiú, nó roimh dhíchóimeáil nó ***roimh dhiúscairt*** trealaimh, iad a aisghabháil lena ndíothú, lena n-athchúrsáil nó lena mínghlanadh. | 1. Maidir le haon substaintí ídithe ózóin a liostaítear in ***Iarscríbhinní I agus II*** atá i dtrealamh cuisniúcháin, aeroiriúnaithe nó teaschaidéil, i dtrealamh ina bhfuil tuaslagóirí nó i gcórais chosanta dóiteáin agus i múchtóirí dóiteáin, déanfar, le linn trealamh a chothabháil nó a sheirbhísiú, nó roimh dhíchóimeáil nó ***diúscairt*** trealaimh, iad a aisghabháil lena ndíothú, lena n-athchúrsáil nó lena mínghlanadh. |

**Leasú 50**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 20 – mír 6**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 6. Déanfar substaintí ídithe ózóin a liostaítear in ***Iarscríbhinn I*** atá i dtáirgí agus i dtrealamh seachas iad sin a luaitear i míreanna 1 go 5, má tá sé indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch, a aisghabháil lena ndíothú, lena n-athchúrsáil nó lena mínghlanadh, nó díothófar iad gan iad a aisghabháil roimh ré. | 6. Déanfar substaintí ídithe ózóin a liostaítear in ***Iarscríbhinní I agus II*** atá i dtáirgí agus i dtrealamh seachas iad sin a luaitear i míreanna 1 go 5, má tá sé indéanta go teicniúil agus go heacnamaíoch, a aisghabháil lena ndíothú, lena n-athchúrsáil nó lena mínghlanadh, nó díothófar iad gan iad a aisghabháil roimh ré. |

**Leasú 51**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 20 – mír 9**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 9. Glacfaidh na Ballstáit bearta chun aisghabháil, athchúrsáil, mínghlanadh agus díothú substaintí ídithe ózóin a liostaítear in Iarscríbhinn I a chur chun cinn, agus bunóidh siad na ceanglais íosta maidir le cáilíochtaí na foirne a bheidh i gceist. | 9. Glacfaidh na Ballstáit bearta chun aisghabháil, athchúrsáil, mínghlanadh agus díothú substaintí ídithe ózóin a liostaítear in Iarscríbhinn I a chur chun cinn, agus bunóidh siad na ceanglais íosta maidir le cáilíochtaí na foirne a bheidh i gceist. ***Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear cláir oiliúna iomchuí ar fáil do dhaoine nádúrtha a dhéanann na cúraimí sin.*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 52**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 21 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfaidh gnóthais na bearta is gá chun scaoileadh neamhbheartaithe substaintí ídithe ózóin a liostaítear in ***Iarscríbhinn I*** a sheachaint agus a íoslaghdú le linn táirgthe, lena n-áirítear na substaintí sin a tháirgtear trí thimpiste le linn ceimiceáin eile a mhonarú, le linn an phróisis monaraíochta trealaimh, le linn úsáide, stórála agus aistrithe ó choimeádán amháin go coimeádán eile nó ó chóras amháin go córas eile nó le linn iompair. | 2. Déanfaidh gnóthais na bearta is gá chun scaoileadh neamhbheartaithe substaintí ídithe ózóin a liostaítear in ***Iarscríbhinní I agus II*** a sheachaint agus a íoslaghdú le linn táirgthe, lena n-áirítear na substaintí sin a tháirgtear trí thimpiste le linn ceimiceáin eile a mhonarú, le linn an phróisis monaraíochta trealaimh, le linn úsáide, stórála agus aistrithe ó choimeádán amháin go coimeádán eile nó ó chóras amháin go córas eile nó le linn iompair. |

**Leasú 53**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 21 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Áiritheoidh gnóthais a oibríonn trealamh ina bhfuil substaintí ídithe ózóin a liostaítear in ***Iarscríbhinn I*** go ndeiseofar aon sileadh a bhraitear gan moill mhíchuí, gan dochar don toirmeasc ar shubstaintí ídithe ózóin a úsáid. | 3. Áiritheoidh gnóthais a oibríonn trealamh ina bhfuil substaintí ídithe ózóin a liostaítear in ***Iarscríbhinní I agus II*** go ndeiseofar aon sileadh a bhraitear gan moill mhíchuí, gan dochar don toirmeasc ar shubstaintí ídithe ózóin a úsáid. |

**Leasú 54**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 21 – mír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***3a. Maidir le gnóthais a bhíonn ag oibriú trealamh cuisniúcháin, aeroiriúnaithe nó teaschaidéil, nó córais chosanta dóiteáin, lena n-áirítear a gciorcaid, ar rudaí iad ina bhfuil substaintí ídithe ózóin, áiritheoidh na gnóthais sin an méid seo a leanas i dtaca le trealamh nó córais atá ina stad:*** |
| | ***(a) i gcás ina bhfuil lucht sreabháin 3 kg nó níos mó de shubstaintí ídithe ózóin acu, go ndéanfar iad a sheiceáil uair amháin gach 12 mhí ar a laghad chun féachaint an bhfuil aon sileadh uathu; ní bheidh feidhm ag an méid sin maidir le trealamh ina bhfuil córais atá séalaithe go heirméiteach agus atá lipéadaithe amhlaidh agus ina bhfuil níos lú ná 6 kg de shubstaintí rialaithe;*** |
| | ***(b) i gcás ina bhfuil lucht sreabháin 30 kg nó níos mó de shubstaintí ídithe ózóin acu, go ndéanfar iad a sheiceáil uair amháin gach sé mhí ar a laghad chun féachaint an bhfuil aon sileadh uathu;*** |

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***(c) i gcás ina bhfuil lucht sreabháin 300 kg nó níos mó de shubstaintí ídithe ózóin acu, go ndéanfar iad a sheiceáil uair amháin gach trí mhí ar a laghad chun féachaint an bhfuil aon sileadh uathu; agus go ndéantar aon sileadh a bhraitear a dheisiú a luaithe is féidir agus, in aon chás, laistigh de 14 lá; déanfar an trealamh nó an córas a sheiceáil chun féachaint an bhfuil sileadh ann laistigh d'aon mhí amháin tar éis sileadh a dheisiú chun a áirithiú go raibh an deisiúchán éifeachtach.*** |

**Leasú 55**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 21 – mír 5**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 5. Bunóidh na Ballstáit na ceanglais íosta maidir le cáilíochtaí na foirne a ghabhann do na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 3. | 5. Bunóidh na Ballstáit na ceanglais íosta maidir le cáilíochtaí na foirne a ghabhann do na gníomhaíochtaí dá dtagraítear i mír 3. ***Áiritheoidh na Ballstáit go gcuirfear cláir oiliúna iomchuí ar fáil do dhaoine nádúrtha a dhéanann na gníomhaíochtaí sin.*** |

**Leasú 56**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 22 – mír 3**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 chun ***Iarscríbhinní I*** agus II a leasú ***a mhéid a bhaineann*** le hacmhainn téimh dhomhanda agus acmhainn ídithe ózóin na substaintí a liostaítear, i gcás ina mbeidh gá leis sin i bhfianaise na dTuarascálacha Measúnaithe nua ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide nó na dtuarascálacha nua ***ó*** PME, a bunaíodh faoin bPrótacal. | 3. Tugtar de chumhacht don Choimisiún gníomhartha tarmligthe a ghlacadh i gcomhréir le hAirteagal 29 chun ***Iarscríbhinní I*** agus II a leasú ***ar mhaithe*** le hacmhainn téimh dhomhanda agus acmhainn ídithe ózóin na substaintí a liostaítear ***a thabhairt cothrom le dáta***, i gcás ina mbeidh gá leis sin i bhfianaise na dTuarascálacha Measúnaithe nua ón bPainéal Idir-Rialtasach ar an Athrú Aeráide nó na dtuarascálacha nua ***ón bPainéal um Measúnú Eolaíoch (***PME), a bunaíodh faoin bPrótacal***, agus acmhainn téimh dhomhanda na substaintí sin ar bhonn amscála 20 bliain a chur leo***. |

**Leasú 57**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 24 – mír 1 – fomhír 3 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Faoin 31 Márta …[bliain chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] agus gach bliain ina dhiaidh sin, cuirfidh gach gnóthas a chuir substaintí ídithe ózóin ar an margadh tuarascáil faoi bhráid an Choimisiúin ina léireofar go bhfuil sé ag comhlíonadh Airteagal 15(2).*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 58**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 24 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (2) Déanfaidh an Coimisiún agus údaráis inniúla na mBallstát bearta iomchuí chun rúndacht na faisnéise a chuirtear chuige i gcomhréir leis an Airteagal seo a chosaint. | (2) Déanfaidh an Coimisiún agus údaráis inniúla na mBallstát bearta iomchuí chun rúndacht na faisnéise a chuirtear chuige i gcomhréir leis an Airteagal seo ***agus na coinníollacha faoina dtugtar rochtain ar na sonraí*** a chosaint. |

**Leasú 59**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 26 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 1. Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát seiceálacha chun a shuí cé acu a chomhlíonann gnóthais a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo nó nach gcomhlíonann. | 1. Déanfaidh údaráis inniúla na mBallstát seiceálacha ***rialta*** chun a shuí cé acu a chomhlíonann gnóthais a n-oibleagáidí faoin Rialachán seo nó nach gcomhlíonann. |

**Leasú 60**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 – mír 4 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) an t-údarú ***chun*** gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Rialachán seo a dhéanamh a chur ar fionraí nó a chúlghairm. | (c) an t-údarú gníomhaíochtaí a thagann faoi raon feidhme an Rialachán seo a dhéanamh a chur ar fionraí ***go sealadach*** nó a chúlghairm. |

**Leasú 61**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 – mír 5 – fomhír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| I gcásanna ina ndéantar ***go neamhdhleathach*** substaintí ídithe ózóin ***a liostaítear in Iarscríbhinn I a tháirgeadh***, ***a allmhairiú, a onnmhairiú, a chur ar an margadh*** nó ***a úsáid, nó ina ndéantar go neamhdhleathach*** táirgí agus trealamh ina bhfuil na substaintí sin nó a bhfuil a bhfeidhmiú ag brath ar na substaintí sin a tháirgeadh, a allmhairiú, a onnmhairiú, a chur ar an margadh nó a úsáid, ***beartóidh*** na Ballstáit fíneálacha riaracháin ***uasta dar luach*** ar a laghad ***cúig oiread luach margaidh*** na substaintí lena mbaineann nó na dtáirgí agus an trealaimh lena mbaineann. I gcás ***athsháruithe*** laistigh de thréimhse ***5*** bliana, ***beartóidh*** na Ballstáit fíneálacha riaracháin ***uasta dar luach*** ar a laghad ***ocht n-oiread*** luach ***margaidh*** na substaintí lena mbaineann nó na dtáirgí agus an trealaimh lena mbaineann. | I gcásanna ina ndéantar substaintí ídithe ózóin, nó táirgí agus trealamh ina bhfuil na substaintí sin nó a bhfuil a bhfeidhmiú ag brath ar na substaintí sin, a tháirgeadh, a allmhairiú, a onnmhairiú, a chur ar an margadh nó a úsáid ***go neamhdhleathach***, ***leagfaidh*** na Ballstáit fíneálacha riaracháin ***íosta amach a bheidh ceithre huaire níos mó*** ar a laghad ***ná margadhluach*** na substaintí ***ídithe ózóin nó na dtáirgí agus an trealaimh*** lena mbaineann ***mar aon le fíneálacha riaracháin uasta a bheidh sé huaire níos mó ar a laghad ná margadhluach na substaintí lena mbaineann*** nó na dtáirgí agus an trealaimh lena mbaineann. I gcás ***sárú a dhéantar an athuair*** laistigh de thréimhse ***cúig*** bliana, ***leagfaidh*** na Ballstáit fíneálacha riaracháin ***íosta amach a bheidh seacht n-uaire níos mó*** ar a laghad ***ná*** luach na substaintí ***ídithe ózóin nó na dtáirgí agus an trealaimh*** lena mbaineann ***mar aon le fíneálacha riaracháin uasta a bheidh deich n-uaire níos mó ar a laghad ná margadhluach na substaintí lena mbaineann*** nó na dtáirgí agus an trealaimh lena mbaineann. |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 62**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 27 a (nua)**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| | ***Airteagal 27a*** <br> ***Áiritheoidh na Ballstáit, i gcás ina mbeidh fíneálacha riaracháin le forchur de bhun Airteagal 27(5), go bhféadfar na fíneálacha riaracháin a fhorchur trí nósanna imeachta riaracháin nó trí imeachtaí a thionscnamh maidir le fíneálacha a fhorchur, nó tríd an dá rud.*** |

**Leasú 63**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 29 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in Airteagal 7(4), Airteagal 8(7), Airteagal 9(3), Airteagal 16(13), Airteagal 18, Airteagal 19(2), Airteagal 20(8), Airteagal 22, Airteagal 23(3) agus Airteagal 24(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse éiginnte [ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo] | 2. Déanfar an chumhacht chun gníomhartha tarmligthe a ghlacadh dá dtagraítear in ***Airteagal 6(1),*** Airteagal 7(4), Airteagal 8(7), Airteagal 9(3), Airteagal 16(13), Airteagal 18, Airteagal 19(2), Airteagal 20(8), Airteagal 22, Airteagal 23(3) agus Airteagal 24(4) a thabhairt don Choimisiún go ceann tréimhse éiginnte [ó dháta chur i bhfeidhm an Rialacháin seo]. |

**Leasú 64**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Airteagal 30 – mír 1**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Faoin ***1 Eanáir 2033, foilseoidh*** an Coimisiún tuarascáil maidir le cur chun feidhme an Rialacháin seo. | Faoin ***1 Eanáir 2030, cuirfidh*** an Coimisiún tuarascáil ***faoi bhráid Pharlaimint na hEorpa agus na Comhairle*** maidir le cur chun feidhme ***agus éifeachtacht*** an Rialacháin seo. ***Déanfaidh an Coimisiún measúnú go háirithe ar an bhfáil atá ar roghanna malartacha ar shubstaintí ídithe ózóin a ndeonaítear maolú ina leith faoi Airteagail 6, 7, 8 agus 9. Déanfaidh an Coimisiún measúnú freisin ar thionchar an Rialacháin seo ar an gcomhrac i gcoinne na trádála neamhdhleathaí a dhéantar ar shubstaintí ídithe ózóin. Tar éis dó an tuarascáil sin agus na measúnuithe a iarradh a thíolacadh, féadfaidh an Coimisiún, más iomchuí, togra reachtach a thíolacadh.*** <br><br> ***Féadfaidh an Bord Comhairleach Eolaíoch Eorpach maidir leis an Athrú Aeráide ('an Bord Comhairleach') arna bhunú faoi Airteagal 10a de Rialachán (CE) Uimh. 401/2009, ar a chonlán féin, comhairle eolaíoch a sholáthar agus tuarascálacha a eisiúint maidir leis an Rialachán seo. Tabharfaidh an Coimisiún aird ar chomhairle agus tuarascálacha ábhartha an Bhoird Chomhairligh, go háirithe a mhéid a bhaineann le comhleanúnachas an Rialacháin seo le cuspóirí Rialachán (CE) Uimh. 401/2009 agus le gealltanais idirnáisiúnta an Aontais faoi Chomhaontú Pháras.*** |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 65**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn VI – pointe 2 – pointe f**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (f) aon stoic; | (f) aon stoic ***atá ina sheilbh ag tús na tréimhse tuairiscithe***; |

**Leasú 66**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn VI – pointe 3 – pointe d**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (d) aon stoic; | (d) aon stoic ***atá ina sheilbh ag tús na tréimhse tuairiscithe***; |

**Leasú 67**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn VI – pointe 4 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) aon stoic; | (b) aon stoic ***atá ina sheilbh ag tús na tréimhse tuairiscithe***; |

**Leasú 68**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn VI – pointe 5 – mír 1 – pointe a**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (a) aon chainníochtaí a díothaíodh, lena n-áirítear cainníochtaí i dtáirgí nó i dtrealamh; | (a) aon chainníochtaí a díothaíodh, lena n-áirítear cainníochtaí ***atá*** i dtáirgí nó i dtrealamh ***agus cainníochtaí a díothaíodh mar sheachtháirgí***; |

**Leasú 69**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn VI – pointe 5 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) aon stoic ***atá ag feitheamh lena ndíothú***, lena n-áirítear cainníochtaí i dtáirgí nó i dtrealamh; | (b) aon stoic ***a bhí ina sheilbh ag tús agus deireadh na tréimhse tuairiscithe a bhí le díothú***, lena n-áirítear cainníochtaí ***atá*** i dtáirgí nó i dtrealamh; |

**Déardaoin 30. Márta 2023**

**Leasú 70**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn VI – pointe 5 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh gach gnóthas a dhíothaíonn substaintí ídithe ózóin ***a liostaítear in Iarscríbhinn I*** agus nach gcumhdaítear le pointe 2 (e) den Iarscríbhinn seo, na sonraí seo a leanas a chur in iúl freisin, i ndáil le haon cheannacháin ó ghnóthais eile san Aontas agus aon díolacháin leo. | Déanfaidh gach gnóthas a dhíothaíonn substaintí ídithe ózóin agus nach gcumhdaítear le pointe 2(e) den Iarscríbhinn seo, na sonraí seo a leanas a chur in iúl freisin, i ndáil le haon cheannacháin ó ghnóthais eile san Aontas agus aon díolacháin leo. |

**Leasú 71**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn VI – pointe 6 – mír 1 – pointe b**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (b) aon stoic; | (b) aon stoic ***atá ina sheilbh ag tús na tréimhse tuairiscithe***; |

**Leasú 72**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn VI – pointe 6 – mír 1 – pointe c**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| (c) na próisis agus aon astaíochtaí, lena n-áirítear na hastaíochtaí a bhaineann le hiompar agus stóráil, lena n-áirítear an t-aistriú ó choimeádán amháin go coimeádán eile. | (c) na ***cineálacha úsáide a bhaintear as bunábhar agus na*** próisis agus aon astaíochtaí, lena n-áirítear na hastaíochtaí a bhaineann le hiompar agus stóráil, lena n-áirítear an t-aistriú ó choimeádán amháin go coimeádán eile. |

**Leasú 73**

**Togra le haghaidh rialacháin**

**Iarscríbhinn VI – pointe 6 – mír 2**

| *Téacs arna mholadh ag an gCoimisiún* | *Leasú* |
|---|---|
| Déanfaidh gach gnóthas a úsáideann substaintí ídithe ózóin mar bhunábhar nó mar oibreáin phróisis ***a liostaítear in Iarscríbhinn I*** na sonraí seo a leanas a chur in iúl freisin, i ndáil le haon cheannacháin ó ghnóthais eile san Aontas agus aon díolacháin leo. | Déanfaidh gach gnóthas a úsáideann substaintí ídithe ózóin mar bhunábhar nó mar oibreáin phróisis na sonraí seo a leanas a chur in iúl freisin i ndáil le haon cheannacháin ó ghnóthais eile san Aontas agus aon díolacháin leo. |

ISSN 1977-107X (leagan leictreonach)
ISSN 1725-2458 (leagan páipéir)

Oifig Foilseachán
an Aontais Eorpaigh
L-2985 Lucsamburg
LUCSAMBURG

GA